

**An Bhruiséil, 5 Márta 2026
(OR. en)**

7009/26

**Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0068 (COD)**

**COMPET 278
IND 165
MI 215
MAP 74
FDI 7
TRANS 124
CLIMA 113
ENV 200
ENER 108
ECOFIN 291
UD 52
POLCOM 84
CODEC 395**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	5 Márta 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 100 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear creat beart chun dlús a chur le hacmhainneacht thionsclaíoch agus dícharbónú in earnálacha straitéiseacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1724, (AE) 2024/1735 agus (AE) 2024/3110

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 100 final.

Faoi iamh: COM(2026) 100 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.3.2026
COM(2026) 100 final

2026/0068 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear creat beart chun dlús a chur le hacmhainneacht thionsclaíoch agus dícharbónú in earnálacha straitéiseacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1724, (AE) 2024/1735 agus (AE) 2024/3110

{SEC(2026) 70 final} - {SWD(2026) 70 final} - {SWD(2026) 71 final} -
{SWD(2026) 72 final}

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Gabhann an meabhrán míniúcháin seo leis an togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear creat beart chun dlús a chur le hacmhainneacht thionsclaíoch agus le dícharbónú in earnálacha straitéiseacha: an ‘Gníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht’.

I dtimpeallacht gheopholaitiúil an lae inniu, is bagairt thromchúiseach ar athléimneacht, iomaíochas, slándáil eacnamaíoch agus uathriail straitéiseach an Aontais í an úsáid spriocdhírthe a bhaintear go minic as uirlisí eacnamaíocha chun cuspóirí straitéiseacha a chur chun cinn. Mar a chuirtear i dtábhacht i dtuarascáil Draghi maidir le hIomaíochas Eorpach, is mar uirlis troda a úsáidtear spleáchais an Aontais ar chomhpháirtithe trádála in earnálacha straitéiseacha, rud a chuireann slándáil, iomaíochas agus geilleagar an Aontais i mbaol¹. Acmhainneacht an Aontais freagairt do spleáchais ar thríú tíortha agus iad a laghdú, tá sí bunaithe ar neart a bhoinn thionsclaíoch, ar a chumas nuálaíochta agus ar shláine an Mhargaidh Aonair.

Is deis mhór é an t-aistriú chuig geilleagar glan digiteach chun bonn tionsclaíoch an Aontais a neartú, mar a leagtar amach, *inter alia*, sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan². Tá slabhraí luacha domhanda á n-athmhúnlú ag an iomaíocht dhomhanda, ag athrú tapa na teicneolaíochta, ag míbhuntáistí struchtúracha costais, ag saobhadh éagórach ar an margadh domhanda amhail úsáid mhéadaitheach fóirdheontas eachtrach chun buntáiste iomaíoch a chruthú, agus ag úsáid spleáchas eacnamaíoch mar uirlis troda. An tráth céanna, tá an teannas geopholaitiúil atá ag dul i méid ag cur leis na leochaileachtaí atá ann cheana agus ag cruthú leochaileachtaí nua. Ina fhianaise sin, ní mór don Aontas gníomhú go straitéiseach chun a athléimneacht, a bhonn tionsclaíoch agus a iomaíochas fadtéarmach a dhaingniú agus a neartú a thuilleadh agus chun a áirithiú go spreagfaidh an t-aistriú aeráide an fás tionsclaíoch.

Tá an earnáil monaraíochta fíor-riachtanach chun athléimneacht eacnamaíoch fadtéarmach an Aontais a chosaint agus borradh a chur fúithi agus chun a sprioc aeráidneodrachta a bhaint amach. In 2024, ba leis a bhain 18,3 % den fhostaíocht i ngeilleagar gnó an Aontais³ agus 14,3 % de OTI iomlán an Aontais⁴, agus ghin sé 26,2 % d’astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais⁵. D’ainneoin na tábhachta eacnamaíche a leanann de bheith aige, tá laghdú tagtha ar sciar an tionscail den olltáirgeacht intíre (OTI) le roinnt mhaith blianta anuas ó 17,4 %

¹ Teachtaireacht Chomhpháirteach, Slándáil eacnamaíoch an Aontais a neartú, JOIN(2025) 977 final.

² Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan: Treochlár comhpháirteach don iomaíochas agus don dícharbónú (COM/2025/85 final, 26.2.2025).

³ Eurostat, [Fiontair de réir gníomhaíocht mhionsonraithe NACE Ath. 2 agus comhiomláin speisialta \[sbs_oww_act_custom_20259000\]](#), a tugadh cothrom le dáta go deireanach an 08 Nollaig 2025, DOI: 10.2908/sbs_oww_act.

⁴ Eurostat, [Oll-bhreislúach agus ioncam de réir príomhthionscail \(NACE Ath. 2\) \[nama_10_a10_custom_20259318\]](#), a tugadh cothrom le dáta go deireanach an 20 Feabhra 2026, DOI: 10.2908/nama_10_a10.

⁵ Eurostat, [Cuntais ar astaíochtaí aeir de réir ghníomhaíocht NACE Ath. 2 \[env_ac_ainah_r2_custom_20259376\]](#), a tugadh cothrom le dáta go deireanach an 28 Samhain 2025, DOI: 10.2908/env_ac_ainah_r2.

in 2000 go dtí an leibhéal atá ann faoi láthair, is é sin 14,3 %⁶. Ní hamháin gur réaltacht eacnamaíoch é an cúlú sin, ach is comhartha rabhaidh straitéiseach é a bhféadfadh tionchair struchtúracha a bheith aige ar rathúnas agus ar chomhtháthú sóisialta an Aontais. An tráth céanna, tá méadú ag teacht ar na dúshláin atá roimh an earnáil monaraíochta, amhail praghsanna arda fuinnimh, ró-acmhainneachtaí domhanda, costais arda chaipitil agus oibriúcháin maidir le dícharbónú agus cur in úsáid teicneolaíochta nua, infheistíocht íseal i gcomparáid le réigiúin eile, mar aon le bacainní rialála⁷.

Sin é an fáth a bhfuil sé d’aidhm ag an nGníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht a áirithiú **go n-aisiompófar an treocht sin faoi 2035 agus go mbainfidh 20 % de OTI an Aontais leis an monaraíocht**. Déanfaidh sé é sin trí dhlús a chur le ceadú gach tionscadail monaraíochta, agus trí bhosca uirlisí a chur ar fáil chun rochtain ar mhargadh aonair na hEorpa a sholáthar ar bhealach a choiscfidh spleáchais straitéiseacha, a chruthóidh poist mhonaraíochta, a chuirfidh borradh faoin dícharbónú agus faoin bhfeidhmíocht aeráide agus a áiríteoidh go mbeidh rochtain i gcónaí ag saoránaigh agus cuideachtaí Eorpacha ar thráchtearraí agus ar tháirgí rithábhachtacha.

Tá cás láidir gnó ag teastáil chun uathriail straitéiseach an Aontais a bhaint amach agus iomaíochas tionsclaíoch a choinneáil ar bun agus dícharbónú a dhéanamh an tráth céanna. Sa chomhthéacs sin, tá sé fíor-riachtanach go neartófar iomaíochas earnálacha agus teicneolaíochtaí straitéiseacha áirithe, go háirithe teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus tionscail dianfhuinnimh, chomh maith leis an slabhra soláthair mótarfeithiclí, ar mhaithe le hathléimneacht, uathriail straitéiseach agus cuspóirí aeráide an Aontais. Mura ndéanfaí slabhraí soláthair rithábhachtacha a dhaingniú agus a éagsúlú, chruthófaí rioscaí eacnamaíocha agus sochaíocha nach beag a d’fhéadfadh cur isteach ar an ord poiblí san Aontas. Trí leochaileachtaí seachtracha a laghdú, d’fhéadfaí rannchuidiú le neartú ár ngeilleagair, le borradh a chur faoi infheistíochtaí agus le tacú leis an gcás gnó don phróiseas claochlaithe thionsclaíoch ó bhonn atá ar siúl faoi láthair.

Baineann sciar teoranta d’aschur monaraíochta an Aontais leis na hearnálacha a chumhdaítear leis an nGníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht – go háirithe tionscail dianfhuinnimh, monaraíocht teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus an tionscal gluaisteán – ach tá ról straitéiseach díréireach acu. **I dteannta a chéile, baineann thart ar 15 % de tháirgeadh monaraíochta an Aontais leis na hearnálacha straitéiseacha ar a ndírítear leis an nGníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht**. Dá bhrí sin, ní hé a méid comhiomlán is tábhachtaí ach a ról lárnach mar sholáthróirí réamhtheachtacha agus mar chumasóirí éiceachóras tionsclaíoch iartheachtach, lena n-áirítear foirgníocht, soghluaisteacht, fuinneamh agus spás agus cosaint.

Má bhíonn moill ar an dul chun cinn maidir le gníomhú ar son na haeráide nó murar leor an dul chun cinn sin, d’fhéadfadh tionchair eacnamaíocha agus shóisialta an athraithe aeráide a bheith níos measa, rud a mbeadh impleachtaí aige don chobhsaíocht shóisialta. Tá gá le gníomhaíocht sna hearnálacha seo a leanas go háirithe:

Is príomhchólún de rathúnas na hEorpa iad **tionscail dianfhuinnimh** agus is bunchloch de bhonn tionsclaíoch na mór-roinne iad, atá mar bhonn agus thaca faoi fhormhór na n-éiceachóras tionsclaíoch. Mar sin féin, tá laghdú substaintiúil tagtha ar mhéideanna táirgeachta i dtionscail dianfhuinnimh ó bhí 2021 ann, i gcomparáid le hearnálacha

⁶ Eurostat, [Oll-bhreislúach agus ioncam de réir príomhthionscail \(NACE Ath. 2\) \[nama_10_a10_custom_20259318\]](#), a tugadh cothrom le dáta go deireanach an 20 Feabhra 2026, DOI: 10.2908/nama_10_a10.

⁷ Draghi, M. (2024). [The future of European competitiveness – In-depth analysis and recommendations \(Part B\)](#) [Todhchaí iomaíochais na hEorpa – Grinnanailís agus moltaí (Cuid B)].

monaraíochta eile⁸. Tá méadaithe ar bhearnaí costais le réigiúin eile den domhan agus tá méadú tagtha ar sciartha allmhairí, go háirithe i gcás miotail bhunúsacha agus ceimiceán⁹. Tá rátaí úsáide acmhainne fós ar leibhéil ísle nach bhfuil inbhuanaithe¹⁰. Tá infheistíochtaí substaintiúla ag teastáil chun na tionscail sin a dhícharbónú¹¹, ach níl luas an dícharbónúcháin tapa go leor chun cuspóirí aeráide an Aontais a bhaint amach. Cé gur fógraíodh roinnt mhaith tionscadail dícharbónúcháin agus go bhfuil cuid acu ar an mbealach, níor cuireadh chun feidhme fós níos mó ná leath de na tionscadail ó bhí 2023 ann¹². Tá sé rithabhachtach na hearnálacha sin a nuachóiriú chun ár gcuspóirí aeráide a bhaint amach agus chun go mbeidh an Eoraip in ann slabhraí luacha tionsclaíocha a dhaingniú agus poist dea-cháilíochta a sholáthar. I measc na dtionscal dianfhuinnimh, is iad an tionscal cruach agus an tionscal stroighne iad na hastaíirí is mó, agus is é tionscal na gceimiceán an tríú ceann is mó a chuireann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais. Tá an tionscal alúmanaim, a aithnítear mar amhábhhar straitéiseach, thar a bheith dian ar leictreachas freisin agus meastar go dtiocfaidh méadú 33 % ar an éileamh go dtí 2050. An tráth céanna, chaill na tionscail sin sciar mór de mhargadh an Aontais le 10 mbliana anuas. I bhfianaise ard-déine a n-astaíochtaí agus a ról straitéisigh san aistriú glan agus san aistriú digiteach, meastar gur tosaíocht iad na hearnálacha sin chun bearta ar thaobh an éilimh a bhunú. Is teoranta an tionchar costais a imríonn siad ar thionscail iartheachacha freisin.

Tá dúshlán iomaíochais agus leochaileachtaí móra sa slabhra soláthair roimh **theicneolaíochtaí glan-nialasachta**¹³. Cé go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh maidir le cur in úsáid na dteicneolaíochtaí sin san Aontas – agus ar fud an domhain – tá laghdú ag teacht ar sciar monaraíochta an Aontais den mhargadh domhanda. Tá an táirgeadh comhchruinnithe go mór sa tSín, mar a bhfuil 80 % d’acmhainneacht monaraíochta ceallraí agus trealaimh fhótavoltaigh gréine, lena n-áirítear inbheartóirí gréine a bhfuil feidhm fhíor-riachtanach acu i mbonneagar criticiúil an Aontais. I dteicneolaíochtaí glan-nialasachta eile, amhail teaschaidéil agus fuinneamh geoiteirmeach, braitheann táirgeadh an Aontais go mór ar chomhpháirteanna ó sholáthróirí neamh-AE. Bíonn allmhairí Síneacha ar phraghas íseal ag cur brú costais ar theicneolaíochtaí cumhachta gaoithe, agus tá teicneolaíochtaí gabhála carbóin chun deiridh ó thaobh iompar agus stóráil CO₂ de. Gan gníomhaíocht chinntitheach, tá an baol ann go mbeidh an tAontas níos spleáiche fós ar theicneolaíochtaí glana allmhairithe, díreach ag an tráth a bhfuil dlús á chur ag comhpháirithe domhanda lena straitéisí tionsclaíocha¹⁴ agus a bhfuil a neart tionsclaíoch á úsáid mar uirlis troda acu. An tráth céanna, is foinse de neart tionsclaíoch an Aontais iad teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus ba cheart cothrom iomaíochta domhanda a thabhairt dóibh i bhfianaise ró-acmhainneachtaí atá fóirdheonaithe go héagórach ag tríú tíortha.

⁸ Anailís inmheánach de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, féach an Measúnú Tionchair.

⁹ Páipéir Oibre ECFE, [A comprehensive overview of the Energy Intensive Industries ecosystem](#), 2025/09.

¹⁰ Plean Gníomhaíochta Eorpach maidir le Cruach agus Miotail, COM(2025) 125 final, 19 Márta 2025.

¹¹ Beidh gá le thart ar EUR 500 billiún faoi 2040 do thionscail na gceimiceán, na miotal bunúsach, na mianraí neamh-mhiotalacha agus an laín agus an pháipéir – Draghi, M. (2024). [The future of European competitiveness – In-depth analysis and recommendations \(Part B\) \[Todhchaí iomaíochas na hEorpa – Grinnanailís agus moltaí \(Cuid B\)\]](#), lch. 99 agus [Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin](#), *Impact assessment report, Europe’s 2040 climate target and path to climate neutrality by 2050 building a sustainable, just and prosperous society, Part 3* [Measúnú tionchair, Sprioc aeráide 2040 na hEorpa agus an chonair chun na haeráidneodrachta faoi 2050 lena dtógfáir sochaí inbhuanaithe, chóir agus rathúil, Cuid 3], lgh. 164-167.

¹² Anailís JRC, féach an Measúnú Tionchair.

¹³ [Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le hIomaíochas teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain](#), COM(2025) 74 final, 26 Feabhra 2025.

¹⁴ BloombergNEF, New Energy Outlook.

Bíonn tionscail iartheachtach faoi bhrú freisin. Tá laghdú nach beag tagtha ar iomaíochas **thionscal gluaisteán na hEorpa** – ar siombail de cheannaireacht thionsclaíoch an Aontais í – óir laghdaigh meánbhrabúsacht sholáthróirí gluaisteán na hEorpa ó 7,4 % in 2017 go 5 % in 2023 agus fógraíodh gur briseadh níos mó ná 100 000 oibrí as a bpost in 2024/25¹⁵. Léiríonn suirbhéanna a rinneadh le déanaí go bhfuil sé beartaithe ag leath de sholáthróirí comhpháirteanna gluaisteán na hEorpa a n-acmhainneacht táirgeachta a laghdú san Aontas sna blianta amach romhainn. Cuireann an meath sin na céadta míle post agus sláine thodhchaí thionsclaíoch na hEorpa i mbaol.

Ina fhianaise sin, tugtar aghaidh leis an togra ar thrí phríomh-fho-fhadhb:

- (1) Leochaileachtaí sna slabhraí soláthair in earnálacha agus i dteicneolaíochtaí straitéiseacha. Iomaíochas domhanda, nach mbíonn cothrom i gcónaí, agus spleáchais ar shlabhraí luacha idirnáisiúnta, baineann siad an bonn ó chumas na hEorpa táirgeadh a mhéadú nó a choinneáil in earnálacha agus i dteicneolaíochtaí straitéiseacha. Cúis inní is ea an easpa saineolas teicniúil maidir le teicneolaíocht agus an easpa saineolas monaraíochta san Aontas i dtaca le príomhtheicneolaíochtaí glan-nialasachta agus digiteacha áirithe. Is mó an inní sin mar gheall ar chur chuige ilroinnte an Aontais i leith infheistíochtaí coigríche, nach mbíonn aistriú teicneolaíochta, cruthú post ná comhtháthú slabhra luacha san Aontas i gceist leo go minic.
- (2) Éileamh teoranta ar tháirgí tionsclaíocha ísealcharbóin Eorpacha/gan margaí tosaigh a bheith ann lena n-aghaidh. Cuireann costais arda táirgthe, leibhéil éagsúla ullmhachta teicneolaíche agus easpa éifeachtaí scálaithe thionsclaíoch teorainn le forbairt táirgí ísealcharbóin i dtionscail dianfhuinnimh agus lena nglacadh sa mhargadh, rud a bhaineann an bonn ó na hinfheistíochtaí dícharbónúcháin nó a chuireann moill orthu. Rud a chuireann leis sin a thuilleadh is ea na dúshláin a bhaineann le táirgí tionsclaíocha ísealcharbóin a idirdhealú ó choibhéisí ardcharbóin agus an toilteanas teoranta atá ag earnálacha iartheachtach prímh ísealcharbóin a íoc.
- (3) Ní chuirtear teicneolaíochtaí tionsclaíocha in úsáid ar scála. Níosann imeachta ceadaithe fada, ilroinnte agus éiginnte le haghaidh tionscadail dícharbónúcháin thionsclaíoch, lena n-áirítear nascadh bonneagair, cuireann siad moill ar chur in úsáid agus ar uas-scálú teicneolaíochtaí nua. Chun próisis thionsclaíocha a dhícharbónú, is gá claochlú costasach ó bhonn a dhéanamh ar shócmhainní agus oibríochtaí, rud a bhfuil infheistíochtaí substaintiúla i gceist leis, agus d'fhéadfadh na sócmhainní agus na hoibríochtaí sin a bheith reoite i gcaitheamh próisis fhada cheadaithe. Is bac mór iad deacrachtaí maidir le hinfheistíocht a dhí-rioscú agus rochtain a fháil ar chistiú.

I bhfianaise an cháis sin, fógraíodh leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan tionscnamh rialála nua chun aghaidh a thabhairt ar scrogaill cheadaithe, chun critéir athléimneachta agus inbhuanaitheachta a thabhairt isteach agus chun margaí tosaigh a chruthú le haghaidh táirgí tionsclaíocha agus teicneolaíochtaí glana athléimneacha Eorpacha.

Leis an togra seo, comhlíontar an gealltanais polaitiúil a thug an tUachtarán von der Leyen, a d'fhógair in Aitheasc 2025 ar Staid an Aontais **Gníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht** chun borradh a chur faoin éileamh ar tháirgí glana de dhéantús an Aontais in earnálacha agus i dteicneolaíochtaí straitéiseacha. Fógraítear é freisin sa Teachtaireacht maidir le Straitéis Eacnamaíoch na hEorpa an 3 Nollaig 2025.

¹⁵ [European automotive industry: What it takes to regain competitiveness](#), McKinsey, 10 Márta 2025.

Is é is aidhm don togra reachtach athléimneacht eacnamaíoch, rathúnas agus uathriail straitéiseach fhadtéarmach an Aontais a neartú trí thacú le táirgeadh tionsclaíoch agus trí dhlús a chur leis an dícharbónú. Tá na cuspóirí seo a leanas aige:

- Rochtain ar an Margadh Aonair agus scála an Mhargaidh Aonair a ghíaráil chun borradh a chur faoin éileamh ar tháirgí tionsclaíocha ísealcharbóin Eorpacha agus ar theicneolaíochtaí glan-nialasacha, lena n-áirítear trí difreáil cruach ísealcharbóin a éascú chun a luach agus a hindíoltacht a mhéadú.
- Cáilíocht agus tairbhí na hinfheistíochta coigríche san Aontas a uasmhéadú don Mhargadh Aonair sna hearnálacha is straitéisí.
- Tionscadail mhonaraíochta a chur in úsáid ar scála trí cheadanna le haghaidh tionscadail mhonaraíochta a bhrostú agus a shimpliú, agus trí fhorbairt braislí tionsclaíocha i limistéir dlúsúlachta monaraíochta tionsclaíche ('limistéir dhlúsúlachta') a éascú.

Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, tugtar isteach leis an togra cur chuige rialála cothrom chun iomaíochas an tionscail a fheabhsú agus chun spleáchais straitéiseacha i bpríomhearnálacha a mhaolú agus a chosc. Tá sé teoranta don tacar íoscheanglas is gá chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna atá ag líon áirithe earnálacha straitéiseacha faoi láthair, gan srian míchuí a chur ar an margadh ná ar fhorbairt theicneolaíoch agus gan costas ábhar agus táirgí sonracha a mhéadú go díreireach. Thairis sin, leagtar amach leis an togra creat chun nósanna imeachta ceadaithe a chuíchóiriú agus cur chuige comhordaithe i leith tionscadail infheistíochta ar fud an Aontais a chur chun cinn.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Freagraíonn an togra don Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, don 'Chompás Iomaíochais' agus don Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le Slándáil Eacnamaíoch an Aontais a Neartú, a n-aithnítear iontu uile go bhfuil gá le gníomhaíocht phráinneach chun todhchaí an Aontais mar lárionad cumhachta eacnamaíche, mar cheann scríbe infheistíochta agus mar lárionad monaraíochta a chosaint. Comhlíonann sé an Plean Gníomhaíochta le haghaidh Mótárfheithiclí, ina luaitear go mbeidh tacaíocht phoiblí a rachadh chun tairbhe don tionscal gluaisteán coinníollach ar chritéir athléimneachta agus inbhuanaitheachta agus lena n-iarrtar ar an nGníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht go gcuirfear ceanglais maidir le 'déantús AE' chun cinn i ndáil le cealla agus comhpháirteanna ceallraí i bhfeithiclí leictreacha a dhíoltar san Aontas, i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais.

Comhlíonann sé freisin an pacáiste maidir le Mótárfheithiclí, a glacadh an 16 Nollaig 2025, lena ndéantar, *inter alia*, foráil maidir le sárchreidmheasanna a dheonú le haghaidh feithiclí beaga leictreacha inacmhainne arna monarú san Aontas roimh 2035 agus lena leasaítear sprioc 2035 maidir le laghdú astaíochtaí, agus na hastaíochtaí atá fágtha á gcúiteamh trí úsáid a bhaint as cruach ísealcharbóin de dhéantús an Aontais nó as breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin. Leis an togra seo¹⁶, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631, cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena leagtar síos na critéir faoina bhféadfaidh táirgí a thagann faoina raon feidhme cáiliú mar 'fheithiclí beaga astaíochtaí nialasacha de dhéantús an Aontais' nó mar 'chruach ísealcharbóin de dhéantús an Aontais'. Áirítear sa phacáiste Mótárfheithiclí freisin togra le haghaidh Rialachán maidir le feithiclí

¹⁶ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 a mhéid a bhaineann le caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO₂ d'fheithiclí saothair éadroim nua agus lipéadú feithiclí agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/94/CE.

corparáideacha glana¹⁷. Leis an togra seo, déantar an tacaíocht airgeadais d'fheithiclí corparáideacha a theorannú d'fheithiclí corparáideacha astaíochtaí nialasacha agus ísle agus cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena leagtar amach an mhodheolaíocht chun na critéir maidir le déantús AE a chinneadh. Chun comhleanúnachas idir na trí ionstraim agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, soláthraítear leis an Rialachán seo sainmhínithe comhchuibhithe ar 'fheithiclí beaga leictreacha inacmhainne de dhéantús an Aontais' 'cruach ísealcharbóin de dhéantús an Aontais' agus 'gluaisteáin agus veaineanna corparáideacha de dhéantús an Aontais'. Dá réir sin, ba cheart tograí an 16 Nollaig 2025 a oiriúnú chun tagairt a dhéanamh don chur chuige cothrománach a ghlactar sa Rialachán seo, agus ní do ghníomhartha tarmligthe, chun comhsheasmhacht an chreata dhlíthiúil a áirithiú.

Tá an Rialachán seo comhsheasmhach le Cód Custaim an Aontais, lena leagtar síos rialacha tionscnaimh neamhfhabhair an Aontais. Chun tionscnamh táirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo a chinneadh, tá feidhm ag rialacha tionscnaimh neamhfhabhair an Aontais, mar a bhunaítear faoin gCód sin iad.

• **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Leis an nGníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht, rannchuidítear leis an reachtaíocht atá ábhartha maidir le slándáil eacnamaíoch, iomaíochas tionsclaíoch agus dícharbónú an Aontais. I bhfianaise ról na dtionscal dianfhuinnimh agus na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta i roinnt mhaith earnálacha den gheilleagar agus i slabhraí luacha tionsclaíocha, tá roinnt tacaíocht beartas agus reachtaíochta Eorpaí ábhartha.

Ar an gcéad dul síos, tá an Gníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht comhsheasmhach leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta agus comhlánaíonn sé é trí fhorálacha ceadaithe cuíchóirithe, amhail pointí teagmhála aonair agus teorainneacha ama, a leathnú chuig gach tionscadal dícharbónúcháin i dtionscail dianfhuinnimh, agus trí cheanglais maidir le 'Déanta san Aontas Eorpach' a thabhairt isteach i ndáil le roinnt comhpháirteanna teicneolaíochtaí glan-nialasachta sonracha, chun teacht timpeall a chosc agus chun acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais agus slabhraí luacha baile atá athléimneach iomaíoch a fhorbairt a thuilleadh.

Ar an dara dul síos, tá an togra comhsheasmhach leis an Dlí Aeráide Eorpach, ós rud é go bhfuil sé d'aidhm aige rannchuidiú le sprioc na haeráidneodrachta a bhaint amach trí thacú le hinfeistíochtaí i ndícharbónú na tionsclaíochta agus i dteicneolaíochtaí glan-nialasachta.

Ar an tríú dul síos, tá an togra comhsheasmhach leis na tionscnaimh is déanaí chun nósanna imeachta ceadaithe a chuíchóiriú agus chun iomaíochas an tionscail gluaisteán a fheabhsú. Go sonracha, tá sé d'aidhm ag an nGníomh um Dhlús na chur leis an Tionsclaíocht príomhphróisis cheadaithe a chuíchóiriú, go háirithe trí dhigitiú agus athúsáid sonraí. Cuireann sé leis an roghchlár beart a chuirtear ar fáil faoin togra le haghaidh Ceadú Comhshaoil, agus é á chur i bhfeidhm maidir le riachtanais shonracha na hearnála.

Tá an togra comhsheasmhach freisin le reachtaíocht eile de chuid an Aontais arb é is aidhm di tacú le claochlú thionscal na hEorpa go geilleagar glan, ciorclach agus aeráidneodrach. Mar shampla, tá an Gníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht comhsheasmhach le reachtaíocht chomhshaoil tháirgeshonrach atá ar na bacáin agus comhlánaíonn sé í. San earnáil foirgníochta, comhlánaíonn sé an Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta, lena n-áirítear an caighdeán comhchuibhithe d'astaíochtaí gás ceaptha teasa agus an lipéad coincreíte ísealcharbóin atá beartaithe. San earnáil cruach, leis an ngníomh tarmligthe maidir le táirgí cruach atá le teacht faoin Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh

¹⁷ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feithiclí corparáideacha glana.

Táirgí Inbhuanaithe, soláthrófar na heilimintí is gá chun na forálacha maidir le margaí tosaigh a chur chun feidhme le haghaidh cruach agus saintréithe dícharbónúcháin éagsúla na dtáirgeoirí cruach príomhúla agus tánaisteacha á gcur san áireamh agus an chiorclaíocht á cúiteamh. Agus ceanglais maidir le lipéadú agus faisnéis á ndearadh bunaithe ar thairseacha feidhmíochta le haghaidh táirgí éagsúla, ba cheart cion athchúrsáilte an táirge thionsclaíoch a chur san áireamh sna tairseacha sin, i riocht agus go laghdófar an tairseach de réir mar a mhéadaíonn an cion athchúrsáilte sna táirgí, i gcás inarb ábhartha. Ar an gcaoi chéanna, comhlánaíonn an Gníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht an Rialachán maidir le Ceallraí, lena leagtar síos an creat um uailmhian chomhshaoil i dtaca le monaraíocht ceallraí an Aontais, lena dtugtar caoi d'fhorálacha maidir le margaí tosaigh faoin nGníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht díriú ar cheanglais maidir le déantús AE. Comhlánaíonn sé na rialacha feidhmíochta comhshaoil atá le teacht maidir le modúil fhótavoltacha faoi na ceanglais i ndáil le hÉicidhearthóireacht agus Lipéadú Fuinnimh trí mhonarú táirgí comhlíontacha san Aontas a chur chun cinn. Maidir le borradh a chur faoi réitigh ísealcharbóin agus bhithbhunaithe, tá sé ag teacht leis an straitéis nua bhithghilleagair.

Tá an togra comhsheasmhach freisin leis an gcuid eile de reachtaíocht aeráide an Aontais. Is é Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA AE) an phríomhionstraim beartais aeráide chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus tá ról lárnach aige maidir le laghduithe astaíochtaí a dhreasú i dtionscail dianfhuinnimh agus i nginiúint cumhachta. Comhlánaíonn an togra seo an comhartha praghaís a sholáthraíonn CTA AE, rud a thacaíonn le margaí tosaigh a chruthú le haghaidh táirgí tionsclaíocha ísealcharbóin. Tá sé ag teacht freisin leis an Rialachán maidir leis an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT).

Maidir le tionscnaimh atá ar na bacáin, beidh an togra le haghaidh an Ghníomh um an nGeilleagar Ciorclach ina chomhlánú ar an nGníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht trí bhorradh a chur faoin athchúrsáil agus faoin rochtain ar amhábhair thánaisteacha, rud a laghdóidh spleáchais agus leochaileachtaí i gcás táirgí tionsclaíocha dianfhuinnimh freisin. Áiríteofar freisin comhsheasmhacht idir na bearta earnáilsonracha sa Gníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht agus creat uileghabhálach an athbheithnithe ar Sholáthar Poiblí atá ar na bacáin.

Cuirtear san áireamh sa togra gealltanais idirnáisiúnta an Aontais i leith soláthar poiblí faoi Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) maidir le Soláthar Rialtais, agus faoi chomhaontuithe trádála déthaobhacha ábhartha an Aontais. Is féidir le hoibreoirí atá bunaithe i dtíortha a chumhdaítear le gealltanais den sórt sin tairbhiú de rochtain in-fhorfheidhmithe ar nósanna imeachta sonracha soláthair a shainítear sna sceidil chumhdaigh ábhartha. Tá na gealltanais sin struchtúrtha de réir catagóirí údarás conarthach, lena n-áirítear an rialtas láir, údaráis fho-lárnacha, comhlachtaí faoi rialú an dlí phoiblí agus fónais, agus de réir cineálacha soláthair amhail earraí, seirbhísí agus oibreacha foirgníochta. Dá bhrí sin, braitheann a n-infheidhmeacht ar an údarás conarthach a dhéanann an soláthar agus ar ábhar an chonartha. Thairis sin, coinníonn an tAontas an ceart chun eisceachtaí ginearálta nó slándála a chur i bhfeidhm.

Dá thoradh sin, ní thugann gealltanais soláthair an Aontais rochtain aonfhoirmeach nó chuimsitheach do na comhpháirtithe uile, agus ní féidir liosta aonair de thríú tíortha a bhfuil rochtain iomlán shlán acu ar mhargadh soláthair iomlán an Aontais a bhunú. Tá faisnéis mhionsonraithe maidir le gealltanais soláthair agus incháilitheacht soláthróirí ar fáil d'údaráis chonartha¹⁸, rud a thacaíonn le cur i bhfeidhm comhsheasmhach oibleagáidí soláthair

¹⁸ Tá faisnéis mhionsonraithe le fáil ar an tairseach Access2Markets tríd an uirlis de chuid an Choimisiúin Eorpaigh ar a dtugtar '[Soláthar do Cheannaitheoirí](#)', rud a chuideoidh le heintitis chonartha an Aontais a fháil amach cé na tairgeoirí atá incháilithe chun bheith rannpháirteach i nósanna imeachta

idirnáisiúnta agus, an tráth céanna, a chaomhnaíonn cumas an Aontais a chuspóirí beartais a shaothrú mar a leagtar amach sa togra seo iad.

Cé go mbunaítear leis an nGníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht an creat *maidir lena bhfuil i gceist* leis an soláthar ‘de dhéantús an Aontais’, lena gcuimhdaítear táirgí tionsclaíocha dianfhuinnimh, teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus comhpháirteanna mótarfheithiclí, soiléireofar leis an athbhreithniú atá le déanamh ar an gcreat dlíthiúil maidir le soláthar poiblí *conas* a dhéanfar an soláthar sin. Go sonrach, déanfaidh sé ceanglais earnáilsonracha a leagtar amach i ngníomhartha reachtacha ábhartha a chomhtháthú agus a chur chun feidhme laistigh de chreat soláthair comhchoiteann agus, i gcás príomhearnálacha, soláthróidh sé uirlisí soiléire d’údarais chonartha chun tosaíocht a thabhairt do thairiscintí atá comhdhéanta go príomha de tháirgí Eorpacha. Áirítear leis an gcur chuige sin comhleanúnachas agus deimhneacht dlíthiúil do cheannaitheoirí poiblí agus d’oibreoirí eacnamaíocha araon.

Cuirtear san áireamh sa Rialachán atá beartaithe freisin ionstraimí cosanta trádála an Aontais, lena n-áirítear an beart a moladh le déanaí lena dtugtar aghaidh ar éifeachtaí diúltacha na ró-acmhainneachta domhanda ar mhargadh cruach an Aontais. Ina theannta sin, feidhmíonn sé i gcomhlántacht leis an gcreat um Infheistíocht Dhíreach Choigríche atá ann cheana, rud a bhaineann leis an tslándáil agus leis an ord poiblí. Ar deireadh, tá an togra gan dochar do chur i bhfeidhm rialacha iomaíochta an Aontais.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACT AGUS COMHRÉIREACT

• Bunús dlí

Is é Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (‘an Conradh’) an bunús dlí iomchuí lena gceadaítear don Aontas bearta comhchuibhithe a ghlacadh. I bhfianaise chastacht agus chineál trasnáisiúnta na hathléimneachta agus an dícharbónúcháin thionsclaíoch, tá gá le bearta den sórt sin chun feidhmiú cuí an Mhargaidh Aonair a áirithiú, go háirithe i gcás earnálacha straitéiseacha.

Thairis sin, is gá freisin Airteagal 207 den Chonradh ar chomhbheartas tráchtála an Aontais a úsáid mar bhunús dlí breise maidir le bearta áirithe a thugtar isteach faoin Rialachán seo. Le forálacha maidir le hinfheistíochtaí coigríche, gabhtar tacar sonrach earnálacha chun dálaí infheistíochta íosta agus táirgeadh breisluacha san Aontas a áirithiú. Tá na forálacha dírithe go príomha dá bhrí sin ar fheidhmiú cuí an Mhargaidh Aonair. Mar sin féin, áirítear infheistíochtaí díreacha coigríche go sainráite i raon feidhme chomhbheartas tráchtála an Aontais.

• Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

Tá an t-iomaíochas, an rathúnas inbhuanaithe, an tslándáil eacnamaíoch agus an dícharbónú an-ábhartha don Aontas. Ní féidir le haon Bhallstát amháin aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar dhícharbónú tionsclaíoch i ngeall ar chineál comhtháite an dúshláin: margáí fuinnimh, iarrachtaí chun an t-athrú aeráide a mhaolú agus an gá atá le feidhmiú cuí an Mhargaidh Aonair le haghaidh táirgí tionsclaíocha dianfhuinnimh agus teicneolaíochtaí glan-nialasachta. Na dúshláin iomaíochais atá roimh an tionscal faoi láthair, is dócha go spreagfaidh siad na Ballstáit chun bearta aontaobhacha a chur chun feidhme. Cé go bhféadfadh údar a bheith leis na hiarrachtaí sin, tá an baol ann go n-imreofaí tionchar diúltach ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair agus go n-ilroinnfí é mura gcomhordófaí iad, rud a d’fhágfadh go mbeadh an tAontas níos leochailí i leith suaití seachtracha agus nach mbeadh

soláthair phoiblí sna Ballstáit, bunaithe ar fhorálacha Chomhaontú EDT maidir le Soláthar Rialtais agus ar chomhaontuithe trádála déthaobhacha an Aontais.

sé in ann sócmhainní an Mhargaidh Aonair a ghíaráil chun tairbhí a chur ar fáil d'éiceachórais áitiúla agus Eorpacha.

Dá bhrí sin, tá gá le cur chuige comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais faoi Airteagal 114 CFAE chun dea-fheidhmiú an Mhargaidh Aonair a áirithiú agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na hathléimneachta agus an dícharbónúcháin thionsclaíoch, agus iomaíochas an Aontais á chosaint an tráth céanna. Ní bheadh na bearta a áirítear sa tionscnamh seo chomh héifeachtach céanna (dá mbeidís éifeachtach in aon chor) dá gcuirfeadh na Ballstáit chun feidhme iad agus iad ag gníomhú ina n-aonar, mar is leis an Margadh Aonair a baineann na dúshláin a dtugann siad aghaidh orthu. Níl siad teoranta do Bhallstáit aonair ná d'fhothacar Ballstát, ach baineann siad le bonn tionsclaíoch an Aontais agus le slabhraí luacha uile-Aontais. Ina theannta sin, bearta a chuirtear chun feidhme ar leibhéal na mBallstát amháin, ní dócha go bhfreastalóidh siad go leordhóthanach ar riachtanais slabhraí soláthair atá idirnasctha go dlúth laistigh den Mhargadh Aonair agus d'fhéadfadh sé go n-ilroinnfí an margadh a thuilleadh dá dheasca sin agus go mbeadh an riosca ann go dtarlódh suaitheadh sa slabhra soláthair.

Thairis sin, is dúshlán trasteorann é an t-athrú aeráide a éilíonn gníomhaíocht ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon chun bearta a dhéantar ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil a chomhlánú agus a threisiú go héifeachtach. Costas uile-Eorpach a bheidh i gcostas na neamhghníomhaíochta. Imreoidh an claochlú tionsclaíoch is gá tionchar ar roinnt mhaith earnálacha ar fud ghilleagar an Aontais, rud a fhágfaidh go mbeidh gníomhaíocht chomhordaithe ar leibhéal an Aontais fíor-riachtanach chun aistriú claochlaitheach, cóir agus costéifeachtach agus cóineasú aníos a spreagadh. Le bearta náisiúnta neamhchomhordaithe, tá an baol ann go bhforchuirfí rialacha éagsúla ar oibreoirí margaidh, go mbeadh cleachtais soláthair phoiblí neamh-chomhchuibhithe, amhail faoi chleachtais ghlasa soláthair phoiblí, agus nósanna imeachta ceadaithe neamh-chomhchuibhithe ann, agus ar deireadh go mbainfí an bonn d'fheidhmiú an Mhargaidh Aonair.

Gan tuilleadh gníomhaíochta ón Aontas is dócha go leanfar den *status quo*, rud a mhéadóidh an baol go gcaillfidh an tAontas acmhainneachtaí agus cumais thionsclaíocha straitéiseacha, go n-ilroinnfear an Margadh Aonair a thuilleadh, agus go mbeidh an tAontas ag brath go criticiúil ar thríú tíortha le haghaidh cuspóirí glasa, digiteacha, cosanta agus slándála eacnamaíche. Dá réir sin, d'fhéadfadh impleachtaí diúltacha a bheith aige sin ar shlándáil eacnamaíoch agus ar chomhtháthú sóisialta agus críochach an Aontais, go príomha trí thionchair ar fhostaíocht, ar fhorbairt réigiúnach agus ar rochtain chothrom ar dheiseanna tionsclaíocha.

I gcomhréir leis an loighic sin, diríonn na gníomhaíochtaí atá beartaithe ar réimsí ina mbaineann breisluach inléirithe le gníomhú ar leibhéal an Aontais mar gheall ar scála, luas agus raon feidhme na n-iarrachtaí is gá – gníomhaíochtaí atá dírithe ar fheabhas a chur ar an gcás gnó do thionscail dianfhuinnimh chun infheistíocht a dhéanamh sa dícharbónú agus d'earnálacha agus teicneolaíochtaí straitéiseacha an Aontais chun a n-iomaíochas a neartú.

Foráiltear le hAirteagal 5(3) CAE go bhfuil feidhm ag prionsabal na coimhdeachta i réimsí nach dtagann faoi inniúlacht eisiach an Aontais. Foráiltear le hAirteagal 3(1)(e) CFAE go bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas i réimse an chomhbheartais tráchtála. Tagann Airteagal 207(2) CFAE faoi chatagóir na n-inniúlachtaí eisiacha. Dá bhrí sin, ní thagann ceist na coimhdeachta chun cinn a mhéid a úsáidtear Airteagal 207 CFAE mar bhunús dlí breise le haghaidh bearta lena gcuirtear comhbheartas tráchtála an Aontais chun feidhme.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann na bearta atá beartaithe prionsabal na comhréireachta, rud a léiríonn an breisluach a bhaineann le gníomhú ar leibhéal an Aontais mar gheall ar scála, práinn agus raon feidhme na n-iarrachtaí is gá.

Leis na bearta maidir le ceadú, forchuirfear oibleagáidí ar na Ballstáit próisis a chuíchóiriú. Beidh coigiltas ama agus costais ann san fhadtearma d'údarais agus do ghnólachtaí araon de bharr dhigitiú na nósanna imeachta ceadaithe, rud a chumasóidh an dlús a chuirfear le monaraíocht ghlan agus cur in úsáid tionsclaíoch ar fud an Aontais.

Tá na ceanglais ísealcharbóin agus na ceanglais maidir le 'Déanta san Aontas Eorpach' comhréireach leis na hacmhainneachtaí táirgeachta tionsclaíche Eorpacha agus ceapadh iad sa chaoi nach gcuirfí ualaí móra airgeadais ar bhuiséid riaracháin na mBallstát. Tá sé rithabhachtach margaí tosaigh a bhunú chun iomaíochas na bpríomhearnálacha agus na bpríomhtheicneolaíochtaí a mhéadú, agus ar an gcaoi sin bonn tionsclaíoch an Aontais a neartú agus uathriail a áirithiú sna hearnálacha straitéiseacha sin.

Tá gá le coinníollacha éigeantacha maidir le hinfheistíocht dhíreach choigríche ionas go mbainfear amach an cuspóir go n-uasmhéadófar tairbhí na n-infheistíochtaí sin ar fud na mBallstát, go neartófar tairbhí an Mhargaidh Aonair agus go ndéanfar an rochtain ar an Margadh Aonair a ghíaráil. Áiríteoidh siad go mbeidh forbairt feasa gnó, cruthú post agus comhtháthú slabhra luacha ag gabháil leis an infheistíocht.

Fágann na bearta maidir le limistéir dlúsúlachta monaraíochta tionsclaíche gurb iad na Ballstáit atá freagrach as na limistéir sin a shainaithint agus a ainmniú, agus soláthraíonn siad tairbhí an tráth céanna arb é is aidhm dóibh dálaí níos fearr agus níos iomaíche a chumasú don tionscal monaraíochta.

- **An rogha ionstraime**

Meastar gurb é rialachán an ionstraim is iomchuí toisc gur féidir ceanglais a leagan síos a bhfuil feidhm acu go díreach maidir le húdarais náisiúnta agus oibreoirí eacnamaíocha ábhartha. Cuideoidh sé sin lena áirithiú go gcuirfear na ceanglais chun feidhme ar bhealach tráthúil comhchuibhithe, rud a mbeidh níos mó deimhneachta dlíthiúla mar thoradh air.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

I gcomhréir leis na Treoirínte maidir le Rialáil Níos Fearr, rinne an Coimisiún próiseas cuimsitheach comhairliúcháin le páirtithe leasmhara, arbh é ab aidhm dó faisnéis iontaofa a bhailiú agus úsáid á baint as raon modhanna, páirtithe a ndeachthas i gcomhairle leo agus uirlisí. Reáchtáil an Coimisiún roinnt gníomhaíochtaí: comhairliúchán oscailte ar líne idir an 15 Aibreán agus an 8 Iúil 2025 (314 fhreagra agus 133 pháipéar seasaimh i gceangal); glao ar fhianaise don mheasúnú tionchair (295 fhreagra); comhairliúchán spriocdhírithe a bhí oscailte do chomhlachais agus do chuideachtaí ó earnáil na dtionscal dianfhuinnimh (62 fhreagra); ceardlann seiceála fírinne a bhí oscailte do chuideachtaí ó earnáil na dtionscal dianfhuinnimh (40 rannpháirtí); ceardlann seiceála fírinne maidir le lipéad cruach ísealcharbóin an Aontais, a

bhí oscailte do chuideachtaí cruach amháin (34 rannpháirtí); ceardlann seiceála firinne a bhí oscailte do na Ballstáit (46 rannpháirtí), agus bhí an deis ann páipéir sheasaimh a chur isteach i gcás gceann ceann de na ceardlanna seiceála firinne; agus comhairliúchán spriocdhírthe a bhí oscailte don éiceachóras ceallraí agus dá earnálacha iarteachtacha (63 fhreagróir). Tugtar achoimre ar thorthaí an chomhairliúcháin phoiblí sa tuarascáil achomair fhíorasach a foilsíodh leis na freagraí ar an nglao ar fhianaise ar an tairseach ‘Cloisimis uait’.

Ar an iomlán, d’áitigh na páirtithe leasmhara gurb iad na dúshlán atá roimh thionscail dianfhuinnimh an Aontais an easpa fuinnimh in-athnuaite sách inacmhainne, iomaíocht idirnáisiúnta éagórach, costais arda chaipitil agus oibriúcháin a bhaineann leis an dícharbónú, toilteanas íseal earnálacha iarteachtacha préimh ghlas a íoc, nósanna imeachta ceadaithe atá casta fada agus a dheacracht atá sé rochtain a fháil ar chistiú le haghaidh tionscadail dícharbónúcháin.

Fuair an Coimisiún tacaíocht fhorleathan don smaoineamh go gcruthófaí agus go gcosnófaí margaí tosaigh le haghaidh táirgí tionsclaíocha ísealcharbóin de dhéantús an Aontais, mar phríomhshásra chun éileamh a spreagadh agus infheistíocht sa dícharbónú a chothú. Ar an gcaoi chéanna, d’aontaigh na páirtithe leasmhara go gcosnóidh cruthú margaí tosaigh iomaíochas thionscail teicneolaíochta glaine agus gluaisteán an Aontais. Dheimhnigh siad freisin go bhfuil ceanglais maidir le déantús AE tábhachtach chun a áirithiú nach mbainfidh iomaíocht neamh-AE an bonn den mhargadh le haghaidh táirgí tionsclaíocha ísealcharbóin agus táirgí teicneolaíochta glaine. Thacaigh formhór na bpáirtithe leasmhara ón earnáil ceallraí freisin le ceanglais maidir le déantús AE i mbearta beartais éagsúla, i gcás soláthar poiblí agus táirgí a chuirtear ar an margadh araon. Ba mhór an tacaíocht a tugadh do chuíchóiriú agus do bhrostú nósanna imeachta ceadaithe, go háirithe ó FBManna, a bhfuil níos lú acmhainní acu chun an t-ualach oibre riaracháin a bhainistiú. Bhí dearcadh dearfach ag páirtithe leasmhara ar fhorálacha maidir le hinfeistíocht choigríche, agus thug siad dá n-aire go bhféadfadh bearta den sórt sin caipiteal a bhfuil géarghá leis a mhealladh mar aon le tairbhí breise.

• **Measúnú tionchair**

I gcomhréir leis na Treoirínte maidir le Rialáil Níos Fearr, tá an togra rialála seo bunaithe ar mheasúnú tionchair lena ndéantar anailís ar an bhfadhb agus ar na fofhadhbanna a bhaineann leis an ngá atá ann do thionscal an Aontais dlús a chur le dícharbónú próiseas agus táirgí, i gcomhthéacs domhanda dúshlán iomaíochais. Sainaithnítear sa mheasúnú tionchair roghanna beartais féideartha chun aghaidh a thabhairt ar chúiseanna na faidhbe agus déantar measúnú ar a dtionchair dhóchúla. Struchtúraíodh an measúnú tionchair chun léiriú a thabhairt ar an gcomhairliúchán le Grúpa Stiúrtha Idirsheirbhíse an Choimisiúin maidir leis an nGníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht.

Thug an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dhiúltach ar an measúnú tionchair an 26 Meán Fómhair 2025. Mhol an Bord an méid seo a leanas:

- An bhonnlíne dhinimiciúil a fhorbairt, lena n-áirítear míniú níos fearr ar mhéid na moille ar infheistíocht dícharbónúcháin agus ar bhearna luais an dícharbónúcháin.
- Feabhas a chur ar an anailís ar chúiseanna na bhfadhbanna, lena n-áirítear cúiseanna a bhaineann le ceadú agus le hinfeistíocht dhíreach choigríche, agus, bunaithe uirthi sin, athbhreithniú a dhéanamh ar na cuspóirí ginearálta agus sonracha ar bhealach sonrach, intomhaiste, indéanta, réalaióch agus faoi cheangal ama, chomh maith le feabhas a chur ar na bearta.

- Anailís níos grinne a dhéanamh ar infhaighteacht agus inmharthanacht eacnamaíoch teicneolaíochtaí dícharbónúcháin thionsclaíoch, agus ar an éileamh ar roghanna malartacha ísealcharbóin, lena n-áirítear praghasleasteachas agus inionadaitheacht.
- Feabhas a chur ar an anailís ar chostais agus tairbhí, trína gcainníochtú níos fearr, lena n-áirítear feabhas a chur ar Iarscríbhinn 3.
- Stóinseacht an tsamhaltaithe don anailís ar chostais agus tairbhí a aithint, agus na toimhdí a úsáidtear le haghaidh an ríomha a thuairisciú go trédhearcach.

Tugadh aghaidh ar na pointí thuasluaite uile a mhéid ab fhéidir. Nuair a aththíoladh an measúnú tionchair athbhreithnithe, d'éisigh an Bord tuairim dhearfach an 20 Samhain 2025, ach bhí roinnt agús léi. Léiríodh sna forchoimeádais gur gá feabhas a chur ar an anailís ar na tionchair a mheastar a bheidh ag an gcuspóir ginearálta, agus ar an idirghníomhú le himpleachtaí slándála eacnamaíche. Tugadh faoi deara ann freisin gur gá na teorainneacha a bhaineann leis an samhaltú, chomh maith leis na ríomhanna costais agus tairbhe agus na tionchair ar thomhaltóirí agus ar earnálacha iartheachacha a mhíniú a thuilleadh. Tugadh aghaidh ar na barúlacha trí anailís fheabhsaithe agus a mhéid is féidir. Foilsítear tuairimí an Bhoird chomh maith leis an measúnú tionchair críochnaitheach agus an achoimre feidhmiúcháin a ghabhann leis in éineacht leis an togra seo.

Tá an measúnú tionchair bunaithe ar shraith de chúig chuspóir shonracha a théann i ngleic le cúiseanna na bhfadhbanna a sainaitníodh. Leagtar amach ann trí rogha beartais le haghaidh gach cuspóra shonraigh, bunaithe ar an leibhéal idirghabhála beartais, ar an raon feidhme, ar éifeachtúlacht agus ar chomhleanúnachas, agus ar phrionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta.

Le **Rogha Beartais 1 (RB1)**, moltar lipéad déine carbóin le haghaidh gach earnála dianfhuinnimh. Is é is aidhm di margaí tosaigh a chruthú trí cheanglais ísealcharbóin maidir le hábhair dianfhuinnimh (cruach, stroighin¹⁹ agus alúmanam) in earnálacha iartheachacha roghnaithe (an tionscal gluaisteán agus an earnáil foirgníochta) a thabhairt isteach sa soláthar poiblí agus i scéimeanna tacaíochta poiblí. Molann inti freisin go dtabharfar isteach íoscheanglais maidir le 'Déanta san Aontas Eorpach' i ndáil le ceallraí, córais fhótavoltacha gréine agus comhpháirteanna feithicle i nósanna imeachta soláthair phoiblí agus i scéimeanna tacaíochta poiblí. Maidir leis an gcuspóir go n-uasmhéadófar tairbhí d'infheistíochtaí díreacha coigríche, tugtar isteach léi coinníollacha deonacha d'infheistíochtaí os cionn tairseach shonraithe i gcás an tslabhra soláthair ceallraí agus, b'fhéidir, i gcás tionscail dianfhuinnimh ábhartha. Chun ceadú a chuíchóiriú, molann an rogha go mbeidh nós imeachta digiteach aontaithe ann le haghaidh na gceadanna uile, a bheidh infheidhme maidir leis an earnáil monaraíochta ina hiomláine. Ar deireadh, molann sí do na Ballstáit cistiú poiblí a éascú le haghaidh tionscadail i réimsí tionsclaíocha.

Cuireann **Rogha Beartais 2 (RB2)** leis an gcéad rogha tríd an raon feidhme agus na ceanglais a leathnú. Maidir le margaí tosaigh, faoi RB2, déantar ceanglais ísealcharbóin agus ceanglais maidir le déantús AE i ndáil le cruach, stroighin agus alúmanam a úsáidtear in earnálacha iartheachacha roghnaithe (an tionscal gluaisteán agus an earnáil foirgníochta) a thabhairt isteach sa soláthar poiblí agus i scéimeanna tacaíochta poiblí. Tá coinníollacha d'infheistíochtaí sonracha éigeantach seachas deonach. Le RB2, méadaítear an tacaíocht don phróiseas ceadaithe trí bhearta breise a thabhairt isteach atá tiomnaithe do thionscail dianfhuinnimh. Ar deireadh, cuireann sí de cheangal ar na Ballstáit limistéir thionsclaíocha a

¹⁹ Maidir leis na bearta margaí tosaigh a bhaineann le stroighin, bunaítear na ceanglais ar leibhéal na coincreite agus an mhoirtéil, toisc gurb iad sin na táirgí deiridh ábhartha a úsáidtear san fhoirgníocht.

ainmniú, in ionad sin a mholadh dóibh. Laghdaítear raon feidhme an lipéid, áfach, trína shainordú go mbeidh lipéad sonrach déine carbóin ann le haghaidh cruach, lena ngabhfaidh rialacha mionsonraithe is féidir a leathnú níos déanaí chuig ábhair dianfhuinnimh eile.

Le **Rogha Beartais 3 (RB3)** leathnaítear a thuilleadh an dá rogha roimhe seo. Maidir le margaí tosaigh, tugtar isteach léi ceanglais ísealcharbóin agus ceanglais maidir le déantús AE i ndáil leis an méid iomlán cruach, stroighne agus alúmanaim a chuirtear ar an margadh le haghaidh a n-úsáide sa tionscal gluaisteán agus san earnáil foirgníochta. Déantar ceanglais maidir le déantús AE a leathnú léi freisin chuig gach ceallra, gach córas fótvoltach gréine agus gach príomh-chomhpháirt feithicle a chuirtear ar an margadh. Maidir le ceadú, tugann sí isteach bearta tiomnaithe le haghaidh limistéir thionsclaíocha.

Ar an iomlán, is í RB2 an rogha beartais ab fhearr, toisc go gcomhlíonfadh sí na cuspóirí ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla. Tá tionchar níos dearfaí aige freisin ná an dá rogha eile i dtéarmaí comhréireachta, toisc go moltar leis go dtabharfaí isteach ceanglais ísealcharbóin agus ceanglais maidir le déantús AE i ndáil le soláthar poiblí agus scéimeanna tacaíochta poiblí amháin, agus go léirítear léi freisin an comhleanúnachas is mó. D'fhéadfadh RB2 a bheith ina cúis le glanlaghduithe aonuaire de thart ar EUR 240 milliún i dtéarmaí an ualaigh riaracháin ar ghnólaigh, ó fhorálacha ceadaithe go príomha (féach Iarscríbhinn 4 den mheasúnú tionchair). Thángthas ar an gconclúid san anailís ar chostais agus tairbhí go mbeidh glantairbhí foriomlána de thart ar EUR 8 mbilliún don gheilleagar in 2030 mar thoradh ar RB2, d'ainneoin go léirítear go mbeidh roinnt costais coigeartaithe ar earnálacha iartheachacha a n-imreoidh na ceanglais ísealcharbóin agus/nó na ceanglais maidir le déantús AE tionchar orthu. Fritháirítear an chuid is mó de na caillteanais sin, áfach, le tairbhí fadtéarmacha i dtéarmaí cruthú breislúacha agus slándáil eacnamaíoch, athléimneacht agus cruthú post feabhsaithe i dtionscail straitéiseacha Eorpacha, rud a thugann cobhsaíocht agus rathúnas eacnamaíoch inbhuanaithe ar deireadh. Bheadh RB3 ní b'éifeachtaí maidir le cuspóirí áirithe a bhaint amach, go háirithe i ndáil leis na forálacha maidir le margaí tosaigh, ach mhéadódh sé go díreireach na costais don gheilleagar.

Difríochtaí i gcomparáid leis an rogha tosaíochta sa mheasúnú tionchair

Sa togra le haghaidh an Rialacháin tá bearta atá éagsúil leis an rogha beartais ab fhearr a cuireadh i láthair sa mheasúnú tionchair, is iad sin:

- Maidir le nósanna imeachta ceadaithe, tugadh isteach bearta sonracha um braislí monaraíochta tionsclaíche (is iad sin, formheas intuigthe ag na céimeanna idirmheánacha agus measúnú tosaíochta ar iarrataí ar nascadh), nach raibh sa rogha beartais ab fhearr, i bhfianaise na dtairbhí sineirgeacha a bhfuil coinne leo de bharr an chuid eile de na forálacha maidir le limistéir dlúsúlachta monaraíochta tionsclaíche.
- I dtéarmaí raon feidhme, cumhdaítear leis na forálacha maidir le nósanna imeachta soláthair phoiblí, ceantanna agus scéimeanna tacaíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta atá de bhreis orthu siúd a ndearnadh anailís orthu sa mheasúnú tionchair. Leis an togra, tugtar isteach ceanglais maidir le déantús AE i ndáil le grianfhuinneamh teirmeach, teaschaidéil, fuinneamh gaoithe, eamhnú núicléach, agus hidrigin freisin, i gcomhréir leis an sprioc go méadófar slándáil eacnamaíoch, athléimneacht, inbhuanaitheacht agus slándáil soláthair an Aontais. Cuireadh iarscríbhinn thiomnaithe leis an measúnú tionchair chun príomhthionchair na mbeart sin a chur i láthair. Ó thaobh ceallraí agus córais fhótavoltacha gréine de, cé go bhfuil ró-acmhainneachtaí arda domhanda díobh ann inniu in éineacht le spleáchais arda an

Aontais ar fhoinsí aonair soláthair díobh, tá dianiomaíocht dhomhanda (nach mbíonn cothrom i gcónaí) roimh na teicneolaíochtaí glan-nialasachta eile a thagann faoin raon feidhme agus d'fhéadfadh forbairtí margaidh comhchosúla a bheith rompu. Rinne an Coimisiún cinneadh, dá bhrí sin, na forálacha sin a thabhairt isteach chun réamhaíocht agus maolú a dhéanamh ar rioscaí soláthair agus margaidh a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo.

Maidir le cruach, déanann an togra ceanglais maidir le cruach a úsáidtear sa tionscal gluaisteán agus san earnáil foirgníochta a theorannú do chritéir ísealcharbóin (seachas ceanglais ísealcharbóin agus ceanglais tionscnaimh AE a chomhcheangal) faoi chuimsiú an tsoláthair phoiblí agus scéimeanna tacaíochta poiblí. I bhfianaise an bhirt trádála a moladh le déanaí lena dtugtar aghaidh ar na héifeachtaí diúltacha trádála atá ag ró-acmhainneacht dhomhanda ar mhargadh cruach an Aontais, ní mheastar gur gá tosaíocht Eorpach a thabhairt isteach le haghaidh cruach.

- Chun na ceanglais ísealcharbóin a chomhlíonadh, measfar coincreít a bheith ina coincreít ísealcharbóin i gcás ina gcomhlíonann sí na critéir maidir le 'coincreít ísealcharbóin' a leagtar síos sna bearta cur chun feidhme a glacadh faoin Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta. Ar an gcaoi chéanna, táirgí cruach ísealcharbóin a úsáidtear san fhoirgníocht agus a chumhdaítear le sonraíocht theicniúil chomhchuibhithe, ní mór iad a bheith i gcomhréir leis an sainmhíniú ar ísealcharbóin a bhunaítear faoi chreat an Rialacháin maidir le Táirgí Foirgníochta. Measfar táirgí cruach nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin maidir le Táirgí Foirgníochta a bheith ina dtáirgí ísealcharbóin i gcás ina gcomhlíonann siad na coinníollacha maidir le 'cruach ísealcharbóin' atá le leagan amach sna gníomhartha tarmlichte faoin Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe. Áiríteofar leis an gcur chuige sin comhsheasmhacht rialála leis an reachtaíocht tháirgeshonrach atá ann cheana.
- Ina theannta sin, áirítear sa togra leasuithe ar Airteagal 25 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta maidir le soláthar poiblí chun raon feidhme na teicneolaíochta a shoiléiriú sa dóigh nach n-áirítear ann ach teicneolaíochtaí a sholáthraítear go poiblí go coitianta. Áirítear ann freisin athruithe ar Airteagal 26 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta i ndáil le ceantanna. Déantar é sin ionas go gcuirfear san áireamh an tábhacht mhéadaitheach a bhaineann le ceantanna chun soláthar fuinnimh an Aontais a dhaingniú agus chun a cheannasacht theicneolaíoch a chosaint. Áirítear ann freisin leasuithe ar Airteagail 1 agus 22 den Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta.
- Ní chloíonn an togra leis an rogha beartais ab fhearr a mhéid a bhaineann le lipéad cruach deonach a ghlacadh chun tacú le cinní infheistíochta maidir le cruach ísealcharbóin. Ina ionad sin, díreann ar na gealltanais atá ann cheana a chur chun feidhme go tapa, amhail i gcomhthéacs an Rialacháin maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe, agus ar chumhachtú a cheapadh chun go mbeifear in ann na forálacha maidir le margaí tosaigh a fhorlíonadh le forbairt lipéad deonach maidir le haicmí feidhmíochta ísealcharbóin táirgí tionsclaíocha dianfhuinnimh.

Tá na bearta sin uile fós laistigh den chreat foriomlán a ndearnadh measúnú air sa mheasúnú tionchair agus ní dhéanann siad difear mór do chomparáid na roghanna. I gcás teicneolaíochtaí glana, tugann an leathnú ar an raon feidhme le tuiscint go bhféadfadh na tionchair ar mhargaí leictreachais a bheith níos mó, lena n-áirítear d'úsáideoirí iartheachacha. Mar sin féin, na coimircí céanna a ndearnadh anailís

mhionsonraithe orthu i ndáil le ceallraí agus córais fhótavoltacha gréine, tá feidhm acu freisin maidir le teicneolaíochtaí glan-nialasachta eile.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Tá an togra seo ceaptha maolú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag ceanglais maidir le tionscnaimh AE agus ceanglais ísealcharbóin, agus coinníollachtaí maidir le hinfheistíocht dhíreach choigríoch, ar an ualach rialála. Le codanna eile, e.g. maidir le ceadú, laghdaítear an t-ualach ar oibreoirí eacnamaíocha go díreach.

Na costais riaracháin ar ghnólachtaí a mbeidh feidhm dhíreach acu leis an Rialachán seo, tá coinne lena bhfritháireamh de bharr gnóthachain éifeachtúlachta ó cheadú cuíchóirithe agus tairbhí fadtéarmacha i dtéarmaí athléimneacht níos fearr na slabhraí soláthair. Baineann siad le hoibleagáidí ar chuideachtaí a fheidhmíonn in earnálacha iartheachacha ábhartha a léiriú go gcomhlíonann siad na forálacha maidir le margaí tosaigh. I dtéarmaí coinníollachtaí maidir le hinfheistíochtaí, d'fhágfadh cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na gcoinníollacha ar fud an Aontais go gcoiscfí cuid mhór an tsiopadóireacht fóram agus an rás go grinneall maidir le hinfheistíochtaí coigríche a mhealladh, agus go mbeadh na dálaí gnó á gcomhchuibhiú agus á simpliú an tráth céanna.

I gcás na mBallstát, tá coinne le costais bhreise riaracháin a bhainfidh leis an bhfaireachán ar fhorálacha maidir le margaí tosaigh agus lena gcur chun feidhme sa soláthar poiblí agus i scéimeanna tacaíochta poiblí. Ar an gcaoi chéanna, cuirfidh cur chun feidhme coinníollacha maidir le hinfheistíocht choigríche, lena n-áirítear rúradh, faireachán agus pionós, leis na costais riaracháin. Tá coinne leis freisin go méadóidh forálacha ceadaithe costais d'údaráis phoiblí sa ghearrthéarma, ach, ar an taobh eile, beidh coigilteas substaintiúil costais agus ama ann sa mheántéarma agus san fhadtéarma, don tionscal agus do na húdaráis phoiblí araon, de bharr an digitithe agus an tsimplithe. Ar deireadh, beidh costas breise riaracháin ar na Ballstáit as limistéir dhlúsúlachta a ainmniú agus tairbhí do limistéir thionsclaíocha a chur chun feidhme, i gcomparáid leis na tairbhí do chuideachtaí aonair a fheidhmíonn laistigh de na limistéir.

- **Ceartha bunúsacha**

Déantar foráil in Airteagal 16 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') maidir leis an tsaoirse chun gnó a sheoladh. Leis na bearta faoin togra seo, cruthaítear acmhainneacht nuálaíochta agus cothaítear éileamh ar tháirgí tionsclaíocha dianfhuinnimh san Aontas, ar féidir leis an tsaoirse fiontraíochta a threisiú i gcomhréir le dlí an Aontais agus le dlíthe agus cleachtais náisiúnta.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá impleachtaí buiséadacha ag an togra don Choimisiún. Go sonrach, beidh gá le thart ar shé choibhéis lánaimseartha in aghaidh na bliana chun é a chur chun feidhme, costas athfhillteach breise EUR 20 000 in aghaidh na roinne chun Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir le Tairseach Aonair Dhigiteach a leathnú chuig na forálacha ceadaithe atá beartaithe agus costas aonuaire EUR 20 000 le haghaidh infheistíocht i gcóras cúil na Tairsí Aonair Digití. I gcomparáid leis an measúnú tionchair, coigeartaíodh na figiúirí chun léiriú a thabhairt ar raon feidhme níos leithne na mbeart atá beartaithe san Ghníomh.

Baineann na himpleachtaí buiséadacha go príomha leis an obair atá beartaithe a dhéanamh chun (i) athbhreithniú a dhéanamh ar fhógraí infheistíochta díri coigríche arna gcur isteach ag na hÚdaráis Infheistíochta laistigh de na Ballstáit; (ii) faireachán a dhéanamh ar fhorfheidhmiú oibleagáidí na mBallstát i leith na bhforálacha maidir le margaí tosaigh; agus (iii) leathnú Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán maidir le Tairseach Aonair

Dhigiteach agus córas cúil na Tairís Aonair Digití a chur chun feidhme chun forálacha ceadaithe a chomhlíonadh.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chomhleanúnachas, ar thorthaí, ar thionchair, ar chomhréireacht agus ar choimhdeacht an togra seo 3 bliana i ndiaidh an dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm. Moltar clásal athbhreithniúcháin tar éis 5 bliana, chun a mheasúnú an bhfuil gá fós leis na forálacha maidir le margaí tosaigh i bhfianaise forbairtí sa mhargadh, nó ar cheart bearta den sórt sin a bhreithniú le haghaidh earnálacha eile atá rithábhachtach do shlándáil eacnamaíoch an Aontais. Na bearta atá beartaithe, tá siad ceaptha mar idirghabhálacha spriocdhírithé faoi cheangal ama chun dlús a chur le hacmhainneacht thionsclaíoch an Aontais agus chun borradh a chur faoi shlándáil eacnamaíoch na n-earnálacha straitéiseacha amháin. Ráthaítear leis sin go leanfaidh an cur chuige saincheaptha de bheith solúbtha fianaise-bhunaithe agus gur féidir é a oiriúnú do riachtanais athraitheacha bhonn tionsclaíoch na hEorpa.

Chun an mheastóireacht a dhéanamh, soláthróidh na Ballstáit agus na húdaráis inniúla náisiúnta an fhaisnéis ábhartha is gá don Choimisiún, de réir mar is iomchuí, arna iarraidh sin dó.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leagtar amach i gCaibidil I den Rialachán forálacha ginearálta an Rialacháin, lena n-áirítear an t-ábhar, is é sin feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh trí chreat a bhunú chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag an Aontas ar sholáthar slán inbhuanaithe athléimneach táirgí monaraíochta ábhartha agus ar a slabhraí soláthair, raon feidhme an Rialacháin, an cuspóir tionsclaíochta agus na sainmhínithe is gá chun críocha an Rialacháin seo.

Leagtar amach i gCaibidil II na coinníollacha cumasúcháin le haghaidh táirgeadh tionsclaíoch agus dícharbónú. Leagtar amach inti forálacha lena n-áirithítear nósanna imeachta cuíchóirithe éifeachtúla digiteacha deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail monaraíochta tionsclaíche. Tugtar isteach léi freisin forálacha maidir le nósanna imeachta deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail dícharbónúcháin i dtionscail dianfhuinnimh agus tionscadail an tionscail glan-nialasachta.

Le Caibidil III bunaítear creat chun ceanglais tionscnaimh AE agus ceanglais ísealcharbóin a chur i bhfeidhm maidir le táirgí agus seirbhísí áirithe ó earnálacha straitéiseacha i gcomhthéacs an tsoláthair phoiblí agus scéimeanna tacaíochta poiblí.

Leagtar amach inti ceanglais ísealcharbóin maidir le cruach, agus ceanglais tionscnaimh AE agus ceanglais ísealcharbóin maidir le coincrét agus moirtéal agus alúmanam a úsáidtear in earnálacha iarteachtacha sonracha, is iad sin foirgnimh, bonneagar agus iompar, chomh maith le ceanglais tionscnaimh AE maidir le feithiclí. Ina theannta sin, cumhachtaítear léi bearta ar thaobh an éilimh a leagan síos maidir le táirgí ó thionscal na gceimiceán.

Le Caibidil IV bunaítear an creat chun coinníollacha a fhorchur ar infheistíochtaí díreacha coigríche in earnálacha straitéiseacha atá ag teacht chun cinn, i gcás inar mó an luach infheistíochta ná EUR 100 milliún. Ní bheidh éifeacht ag infheistíocht den sórt sin go dtí go gcomhlíonfar na coinníollacha ábhartha ina n-iomláine. Beidh na hÚdaráis Infheistíochta arna n-ainmniú ag na Ballstáit freagrach as athbhreithniú agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha sin, agus beidh ról comhordúcháin ag an gCoimisiún.

Le Caibidil V, bunaítear creat chun go n-ainmneoidh na Ballstáit limistéir dlúsúlachta monaraíochta tionsclaíche bunaithe ar thacar sainithe critéar. Leis na limistéir sin tá sé beartaithe éascaíocht a dhéanamh do bhraisliú geografach gníomhaíochtaí tionsclaíocha agus dálaí fabhracha a chur chun cinn le haghaidh na dtionscal a bhunaítear iontu. Forbrófar limistéir dlúsúlachta monaraíochta tionsclaíche i sineirgíocht le tionscnaimh eile de chuid an Aontais.

Le Caibidil VI bunaítear forálacha coiteanna críochnaitheacha an Rialacháin trí rialacha cur chun feidhme a leagan amach, lena n-áirítear maidir le meastóireacht, faireachán, athbhreithniú, feidhmiú na cumhachta tarmligin agus pionóis. Áirítear inti freisin leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/1724 [an Rialachán maidir le Tairseach Aonair Dhigiteach]; Rialachán (AE) 2024/1735 [an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta], lena n-áirítear forálacha maidir le ceanglais tionscnaimh i ndáil le nósanna imeachta soláthair phoiblí; ceanglais chibearshlándála maidir le soláthar poiblí agus forálacha cibearshlándála neartaithe maidir le ceantanna; ceanglais tionscnaimh maidir le ceantanna agus maidir le cineálacha eile idirghabhála poiblí. Ar deireadh, áirítear inti leasuithe ar Rialachán (AE) 2024/3110 [an Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta] chun comhleanúnachas agus sineirgí leis an togra seo a áirithiú agus chun tacú le cuspóirí an togra seo.

Leagtar amach in Iarscríbhinn I an liosta earnálacha le haghaidh limistéir dlúsúlachta tionsclaíche.

Le hIarscríbhinn II sainítear ceanglais maidir le cion ísealcharbóin, ceanglais tionscnaimh AE, nó an dá cheann, maidir le táirgí áirithe de chuid tionscail dianfhuinnimh i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair phoiblí agus scéimeanna tacaíochta poiblí.

Leagtar amach le hIarscríbhinn III ceanglais tionscnaimh AE maidir le feithiclí le haghaidh nósanna imeachta soláthair phoiblí agus scéimeanna tacaíochta poiblí. Leagtar síos léi freisin na critéir chun go measfar feithicil bheag astaíochtaí nialasacha a bheith ‘de dhéantús an Aontais’ chun críocha Airteagal 5 de Rialachán 2019/631.

Leagtar amach le hIarscríbhinn IV an leasú ar Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1724.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear creat beart chun dlús a chur le hacmhainneacht thionsclaíoch agus dícharbónú in earnálacha straitéiseacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1724, (AE) 2024/1735 agus (AE) 2024/3110

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 114 agus 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa²⁰,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún²¹,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Mar gheall ar phaindéim dhomhanda COVID-19, cogadh foghach neamhdhleathach gan chúis na Rúise in aghaidh na hÚcráine, gníomhaíochtaí eacnamaíocha naimhdeacha, cibirionsaithe, cur isteach eachtrach, úsáid a bheith á baint as spleáchais eacnamaíocha an Aontais mar uirlis troda, úsáid threallach beart trádála, éifeachtaí méadaitheacha an athraithe aeráide agus teannais gheopholaitiúla atá ag dul i méid, nochtadh leochaileachtaí an Aontais agus is bagairt thromchúiseach iad ar shochaithe, ar gheilleagair agus ar ghnóthais an Aontais. Dá bhrí sin, tá dlúthbhaint idir slándáil eacnamaíoch an Aontais agus a chumas athléimneacht a neartú agus rioscaí a eascraíonn as idirnaise eacnamaíocha naimhdeacha a mhaolú. Tá an tAontas tiomanta dá shlándáil eacnamaíoch a chosaint agus d'aghaidh a thabhairt ar bhagairtí ar a shlabhraí soláthair, ar a bhonneagar agus ar a phríomhtheicneolaíochtaí agus ar bhagairtí a eascraíonn as a spleáchais eacnamaíocha a bheith á n-úsáid mar uirlis troda²². Tá dlúthbhaint idir slándáil eacnamaíoch agus comhtháthú sóisialta an Aontais agus a chumas a athléimneacht a neartú agus na rioscaí a eascraíonn as idirnaise eacnamaíocha a mhaolú. Chuige sin, is gá athléimneacht a shlabhraí soláthair a neartú agus cosaint a thabhairt dá mhargadh inmheánach agus dá acmhainneacht thionsclaíoch, agus comhtháthú críochach, sóisialta agus eacnamaíoch á choinneáil ar bun, lena n-áirítear trí bhonn tionsclaíoch láidir iomaíoch a chothú in earnálacha straitéiseacha roghnaithe, amhail teicneolaíochtaí glana agus digiteacha, tionscail dianfhuinnimh agus an tionscal gluaisteán, chun rochtain ar ábhair agus

²⁰ [...]

²¹ [...]

²² <https://www.consilium.europa.eu/ga/policies/european-economic-security/>

teicneolaíochtaí straitéiseacha a áirithiú agus poist ardcháilíochta a choinneáil san Aontas.

- (2) Leis an Straitéis Eorpach um an tSlándáil Eacnamaíoch²³, agus leis an Teachtaireacht maidir leis an tSlándáil Eacnamaíoch an 3 Nollaig 2025²⁴, leagtar amach go soiléir conair an Aontais i dtreo aghaidh a thabhairt ar theannais gheo-eacnamaíocha agus ar athruithe teicneolaíochta chun spleáchais eacnamaíocha a sheachaint i slabhraí soláthair tionsclaíocha criticiúla, i dteicneolaíochtaí agus i mbonneagair a bhféadfadh ganntanais áitiúla a bheith mar thoradh orthu agus a d'fhéadfadh iomaíochas, geilleagar agus, ar deireadh, comhtháthú sóisialta an Aontais a chur i mbaol.
- (3) D'ainneoin chuspóirí an Aontais maidir le slándáil eacnamaíoch, athléimneacht, poist dea-cháilíochta agus aeráidneodracht, tá laghdú tagtha ar an acmhainneacht mhonaraíochta le 20 bliain anuas. Tá sciar na monaraíochta de OTI iomlán laghdaithe ó 17,4 % go 14,3 % idir 2000 agus 2024. Is gá, dá bhrí sin, an athléimneacht eacnamaíoch, an t-iomaíochas agus cruthú post a neartú, agus a áirithiú an tráth céanna go mbainfear amach spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais 20 % ar a laghad d'olltáirgeacht intíre an Aontais a bhaint amach faoi 2035. Ba cheart forbairt tionscadal monaraíochta tionsclaíche laistigh den Aontas a éascú chun rannchuidiú leis an gcuspóir sin.
- (4) Na dúshláin a bhaineann leis an ngá atá le dícharbónú tionsclaíoch agus le táirgeadh tionsclaíoch athléimneach, is dúshláin chasta iad a théann thar teorainneacha náisiúnta. Tá an baol ann go mbainfí an bonn ó fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le bearta náisiúnta ilroinnte atá dírithe ar dhul i ngleic leis na dúshláin sin. D'fhéadfadh ceanglais éagsúla arna bhforchur ar oibreoirí margaidh, cleachtais soláthair neamhréireacha agus nósanna imeachta éagsúla deonaithe ceadanna ó Bhallstát go chéile a bheith mar thoradh ar bhearta a bheith á nglacadh ag Ballstáit aonair. D'fhéadfadh bearta den sórt sin bacainní a chur ar thrádáil trasteorann laistigh den Aontas agus saobhadh a dhéanamh ar an margadh inmheánach, rud a bhainfeadh an bonn ó mhuintir infheisteoirí, a mhéadódh costais, agus a dhéanfadh sreabha infheistíochta laistigh den Aontas a atreorú. Is gá, dá bhrí sin, bearta comhchuibhithe a bhunú chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú.
- (5) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, ba cheart tagairt a dhéanamh don athbhreithniú is déanaí ar an aicmiú staidrimh do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas Eorpach (NACE, Ath. 2). Chun comhsheasmhacht le reachtaíocht an Aontais atá ann cheana a áirithiú agus chun go mbeifear in ann an Rialachán seo a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach ar fud an Aontais, ba cheart monaraíocht thionsclaíoch chomh maith le tionscail dianfhuinnimh a shainmhíniú trí thagairt a dhéanamh do chóid aicmithe NACE²⁵.
- (6) Is príomhcholún de rathúnas an Aontais iad tionscail dianfhuinnimh. Cumasaítear leo raon leathan tionscal iarteachtach agus cuireann siad le geilleagar an Aontais trí phoist a chruthú, tacaíocht a thabhairt don fhás agus nuálaíocht a chothú. Is iad is cúis le thart ar 22,3 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais, áfach, agus is gá

²³ Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach agus chuig an gComhairle maidir le 'Straitéis Eorpach um an tSlándáil Eacnamaíoch', (JOIN(2023) 20 final).

²⁴ Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le slándáil eacnamaíoch an Aontais a neartú (JOIN(2025)977 final).

²⁵ Cé is moite de Chód NACE C12, leachtanna toitín leictreonaigh a úsáidtear i ngairis vápála agus táirgí ina bhfuil nicitín faoi C20.59 agus monarú toitíní leictreonacha agus gaireas téimh tobac faoi C32.99 (ach amháin má tá siad údaraithe mar tháirgí íocshláinte nó deimhnithe mar fheistí leighis).

infheistíochtaí substaintiúla a dhéanamh ina ndíchárbónú, rud a fhágfaidh go mbeidh truailliú laghdaithe ann freisin. Tá tionscail dianfhuinnimh faoi mhíbhuntáiste iomaíoch i ngeall ar phraghsanna arda fuinnimh, an gá atá le hinfheistíochtaí dícharbónúcháin ar mórsála agus iomaíocht dhomhanda éagórach, agus tá níos mó comharthaí ann go bhfuil na tionscail ag meath.

- (7) Tá teicneolaíochtaí glan-nialasachta ríthábhachtach chun spriocanna fuinnimh agus aeráide an Aontais a bhaint amach. Tá ról ríthábhachtach acu maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus dícharbónú raoin leathan earnálacha eacnamaíocha a chumasú, lena n-áirítear an earnáil foirgníochta, an earnáil iompair agus an earnáil tionsclaíochta. Tá siad ríthábhachtach freisin chun réitigh fuinnimh inbhuanaithe a chur chun cinn, trí dhíchárbónú an tsoláthair fuinnimh a chumasú agus réitigh nuálacha a sholáthar chun gur féidir na heangacha leictreachais agus an córas fuinnimh ina iomláine a leathnú agus a dhigitiú mar is gá. Mar sin féin, tá dúshlán mhóra roimh earnáil monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta an Aontais, lena n-áirítear brúnna iomaíocha domhanda atá ag dul i méid agus leochaileachtaí sna slabhraí soláthair a chuireann iomaíochas agus athléimneacht eacnamaíoch an Aontais i mbaol.
- (8) Is féidir leis an mbithgheilleagar bithmhais inbhuanaithe agus réitigh bhithbhunaithe a sholáthar le haghaidh táirgeadh tionsclaíoch. Sa teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal ‘Creat Straitéiseach le haghaidh Bithgheilleagar Iomaíoch Inbhuanaithe san Aontas’²⁶, saináithnítear margáí tosaigh, amhail plaistigh agus polaiméirí bithbhunaithe, ceimiceáin bhithbhunaithe agus táirgí foirgníochta bithbhunaithe, chomh maith le teicneolaíochtaí tosaigh ar féidir leo tacú le huathriail straitéiseach an Aontais agus le dícharbónú na n-earnálacha tionsclaíocha a shainaithnítear sa tionscnamh seo.
- (9) Is bunchloch de gheilleagar an Aontais é an tionscal gluaisteán. D’fhonn cuspóirí beartais aeráide an Aontais a bhaint amach, le blianta beaga anuas, tá infheistíocht mhór á déanamh ag tionscal gluaisteán na hEorpa i bhforbairt feithiclí níos glaine agus comhpháirteanna nuálacha. Is teicneolaíochtaí fíor-riachtanacha iad feithiclí leictreacha agus comhpháirteanna feithicle leictre, lena n-áirítear ceallraí tarraingthe, comhpháirteanna gléasra cumhachta leictre agus córais leictreonacha, chun dícharbónú an iompair de bhóthar a chur chun cinn. Tá leibhéal an chion d’ábhair AE i bhfeithiclí a tháirgtear san Aontas ag dul i laghad, áfach, i ngeall ar an míbhuntáiste costais agus ar chlaohlú an tslabhra luacha, ar mó an sciar luacha de a bhaineann le ceallraí, gléasra cumhachta leictre agus leictreonaic. Chun go seachnófar an baol go n-easáiteofaí táirgeadh áitiúil, ní féidir bearta éifeachtacha a chur siar a thuilleadh. In éagmais bearta den sórt sin, d’fhágfaidh na himthosca atá ann faoi láthair go mbeadh spleáchas iomlán ar thríú tíortha le haghaidh príomh-chomhpháirteanna feithicle. Bheadh sé sin ina bhagairt thromchúiseach ar shlándáil eacnamaíoch an Aontais agus ar a athléimneacht amach anseo, agus ar a spriocanna aeráide chomh maith.
- (10) Baineann dothuarthacht agus castacht nósanna imeachta náisiúnta deonaithe ceadanna, agus, uaireanta, fad iomarcach na nósanna imeachta sin, an bonn ó chostéifeachtacht na n-infheistíochtaí is gá chun gníomhaíochtaí tionsclaíocha a fhorbairt. Dá bhrí sin, agus chun cur chun feidhme éifeachtach gníomhaíochtaí monaraíochta tionsclaíche a áirithiú agus dlús a chur leis, ba cheart do na Ballstáit próisis chuíchóirithe dhigitithe deonaithe ceadanna a chur i bhfeidhm. Ba cheart d’údarás inniúil gach próiseas

²⁶ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Creat Straitéiseach le haghaidh Bithgheilleagar Iomaíoch Inbhuanaithe san Aontas (COM(2025)960).

deonaithe ceadanna a chomhordú agus cinneadh cuimsitheach a eisiúint laistigh den teorainn ama is infheidhme.

- (11) Ba cheart cur chun feidhme pointí rochtana aonair a bheith bunaithe ar na Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa a bhunaítear de bhun [Togra le haghaidh Rialachán maidir le bunú Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa²⁷], ós rud é go soláthraíonn siad ardán slán, caighdeánaithe agus idir-inoibritheach do ghnólachtaí chun idirghníomhú le comhlachtaí earnála poiblí. Leis sin, ba cheart a bheith in ann iarratais a chur isteach go héifeachtúil agus go héifeachtach, agus ardleibhéal cosanta sonraí, cibearshlándála agus sláine faisnéise á áirithiú an tráth céanna. Leis na Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa, beifear in ann freisin cuíchóiriú a dhéanamh ar infheistíochtaí a rinneadh agus dúbláil gan ghá a sheachaint, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann acmhainní a bharrfheabhsú agus ualaí riaracháin ar ghnólachtaí a laghdú. Agus pointí rochtana aonair á gcur chun feidhme, ba cheart úsáid a bhaint freisin, a mhéid is féidir, as bonneagair dhigiteacha, catalóga agus bloic thógála AE atá ann cheana, lena n-áirítear iad siúd a forbraíodh faoin gCóras Teicniúil Aonuaire agus faoina ghníomhartha cur chun feidhme. Chuirfeadh sé sin comhlántacht, idir-inoibritheacht agus úsáid éifeachtúil acmhainní poiblí chun cinn, agus dúbláil réiteach digiteach atá ann cheana á seachaint.
- (12) Chun nósanna imeachta cuíchóirithe simplithe deonaithe ceadanna a áirithiú, ba cheart aon iarratas amháin lena gcumhdaítear na ceadanna uile is gá a chur ar fáil le haghaidh gach tionscadail monaraíochta tionsclaíche seachas i gcás na hearnála monaraíochta faoi chóid C12. Níor cheart feidhm a bheith aige i gcás ina mbunaítear nósanna imeachta nó ceanglais shonracha um dheonú ceadanna nó ceadúnú i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais le haghaidh tionscadail monaraíochta tionsclaíche, amhail de bhun Rialacháin (AE) 2024/1735²⁸ agus (AE) 2024/1252²⁹ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Maidir le reachtaíocht earnálach an Aontais lena rialaítear táirgí íocshláinte agus feistí leighis, rinneadh rialacha agus amlínte comhchuibhithe le haghaidh údaruithe agus deimhnithe a chuíchóiriú a thuilleadh le déanaí nó tá tuilleadh cuíchóirithe á dhéanamh anois orthu, agus roghanna ann chun dlús a chur leis an bpróiseas más gá. Dá bhrí sin, níor cheart a mheas gur nósanna imeachta deonaithe ceadanna iad na rialacha sin i gcomhthéacs an tionscnaimh seo.
- (13) Le Rialachán (AE) [202X/XX] an [...]³⁰, bunaítear creat comhchoiteann dlúsúlachta le haghaidh measúnuithe comhshaoil chun borradh a chur faoi rolladh amach príomhtheicneolaíochtaí ag an Aontas, chun spleáchais a laghdú agus chun an t-iomaíochas a neartú. Ba cheart dlús a chur leis na nósanna imeachta atá nasctha le measúnuithe comhshaoil agus iad a chuíchóiriú le haghaidh pleananna, clár agus tionscadal i ngach earnáil den gheilleagar agus ardleibhéil chosanta do shláinte an duine agus don chomhshaoil á gcoinneáil ar bun. D'fhéadfadh sé, áfach, go mbeadh

²⁷ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa (COM/2025/838 final).

²⁸ Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (IO L, 2024/1735, 28.6.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1735/oj>).

²⁹ Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábharr criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1724 agus (AE) 2019/1020 (IO L, 2024/1252, 3.5.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1252/oj>).

³⁰ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dlús a chur le measúnuithe comhshaoil (COM/2025/984 final, 10.12.2025).

measúnuithe comhshaoil níos tapúla ag teastáil i roinnt earnálacha. Dá bhrí sin, agus chun comhleanúnachas chreat dlíthiúil na measúnuithe comhshaoil a chosaint, agus na riachtanais bhreise maidir le dlús a chur le hearnálacha straitéiseacha áirithe á gcur san áireamh, bunaítear le Rialachán (AE) [202X/XX] bosca uirlisí tiomnaithe ba cheart a úsáid, dá bhrí sin, i gcomhthéacs an Rialacháin seo. I bhfianaise an róil fhíor-riachtanaigh atá acu maidir lena áirithiú go mbainfear amach cuspóirí aeráide an Aontais, agus i bhfianaise a mhéid a rannchuidíonn siad le hathléimneacht agus slándáil eacnamaíoch an Aontais, ba cheart a mheas gur tionscadail straitéiseacha de réir bhrí Rialachán (AE) [202X/XX] iad tionscadail dícharbónúcháin i dtionscail dianfhuinnimh, tionscadail monaraíochta tionsclaíche atá lonnaithe i limistéir dlúsúlachta tionsclaíche agus tionscadail teicneolaíochta glan-nialasachta agus, dá bhrí sin, ba cheart an bosca uirlisí tiomnaithe a bhunaítear faoin Rialachán sin a úsáid chun a dtairbhe.

- (14) Leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1735 forálacha lena ndéantar cuíchóiriú ar phróisis riaracháin agus deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta. Déantar roinnt comhpháirteanna sonracha i slabhra soláthair teicneolaíochtaí glan-nialasachta a tháirgeadh trí phróisis táirgthe dianfhuinnimh. Tagann tionscadail dícharbónúcháin i dtionscail dianfhuinnimh faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2024/1735 i gcás ina dtáirgeann na saoráidí ábhartha comhpháirteanna ar cuid de shlabhra soláthair teicneolaíochta glan-nialasachta iad. Mar sin féin, saoráidí dianfhuinnimh nach dtáirgeann comhpháirteanna a úsáidtear i dteicneolaíochtaí glan-nialasachta, eisiatar iad faoi láthair ó raon feidhme Rialachán (AE) 2024/1735. Fágann sé sin go bhfuil an baol ann go mbeidh dálaí míchothroma idir tionscail dianfhuinnimh agus cuireann sé moill ar iarrachtaí dícharbónúcháin. Dá bhrí sin, ba cheart gach tionscadal dícharbónúcháin dianfhuinnimh a bheith faoi réir na bpróiseas deonaithe ceadanna céanna.
- (15) Ba cheart don Aontas cur chuige níos straitéisí a ghlacadh maidir lena ualach eacnamaíoch agus luach na rochtana ar a mhargadh inmheánach a ghíaráil. Sa chomhthéacs sin, tá úsáid straitéiseach na hidirghabhála poiblí fíor-riachtanach chun spleáchais chriticiúla san Aontas a chosc. Is é an soláthar poiblí a ghineann 15 % de OTI an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart d'údarais chonarthaigh agus d'eintitis chonarthaigh, i gcás inarb iomchuí, a áirithiú go gcothófar slándáil eacnamaíoch agus athléimneacht slabhraí soláthair le ceanglais soláthair phoiblí. Tá ról tábhachtach ag scéimeanna tacaíochta poiblí freisin maidir le héileamh a spreagadh in earnálacha iarthachtacha a mbaineann sciar mór den éileamh ar tháirgí agus ar theicneolaíochtaí straitéiseacha áirithe leo. Dá bhrí sin, ba cheart na scéimeanna sin a bheith i bhfabhar tairbhíthe a rannchuidíonn níos mó le hathléimneacht an Aontais a neartú agus lena chuspóirí dícharbónúcháin a chur chun cinn. Tá ceantanna ríthábhachtach chun teicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur in úsáid agus ba cheart iad a cheapadh chun éileamh ar na teicneolaíochtaí sin, lena n-áirítear comhpháirteanna de thionscnamh an Aontais, a chothú.
- (16) Coinníonn an tAontas agus na Ballstáit timpeallacht oscailte infheistíochta ar bun, mar a chumhdaítear sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus a leabaítear ina ngealltanais idirnáisiúnta. Áirítear orthu sin gealltanais faoi Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Soláthar Rialtais³¹, chomh maith le comhaontuithe déthaobhacha trádála, i leith nósanna imeachta soláthair phoiblí oscailte agus cineálacha eile idirghabhála poiblí. An tráth céanna, coinníonn an

³¹ An Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT), Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais 2012, le fáil ag https://www.wto.org/english/docs_e/legal_e/rev-gpr-94_01_e.pdf.

tAontas an ceart chun eisceachtaí ginearálta nó slándála a chur i bhfeidhm. Déanfaidh an Coimisiún measúnú tráthrialta ar cé acu atá nó nach bhfuil na coinníollacha i bhfeidhm chun tríú tír a eisiáimh ó raon feidhme na bhforálacha lena meastar go bhfuil cion de thionscnamh tríú tíortha coibhéiseach le cion de thionscnamh an Aontais, agus déanfaidh sé gníomhaíocht iomchuí. Is é is aidhm don tslándáil eacnamaíoch an margadh inmheánach a chosaint agus a neartú. Ní féidir leis na Ballstáit brath ar an tslándáil eacnamaíoch chun infheistíochtaí a thagann ó Bhallstáit eile a chosc, chun coinníollacha a chur leo, nó chun bac a chur orthu ar bhealach ar bith eile.

- (17) Tá sé ríthábhachtach tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha a chomhtháthú de réir a chéile i margadh inmheánach an Aontais, lena n-áirítear trína rannpháirtíocht de réir a chéile i mbeartais agus i gcláir an Aontais, chun tacú lena n-ailíniú leis an *acquis*, chun a n-iomaíochas a neartú, chun a gcomhtháthú níos doimhne i slabhraí luacha an Aontais a chur chun cinn agus chun slándáil eacnamaíoch an Aontais a fheabhsú. Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán seo a bheith ina rannchuidiú leis an gcomhtháthú sin de réir a chéile a chothú, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht oibreoirí eacnamaíocha ó na tíortha sin i slabhraí luacha uile-Aontais, soláthar poiblí an Aontais, scéimeanna tacaíochta poiblí agus ceantanna a éascú i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir le leasanna agus cuspóirí an Aontais.
- (18) Agus aitheantas á thabhairt aige don tábhacht a bhaineann le dul chun cinn an Aontais i dtreo uathriail straitéiseach agus athléimneacht níos fearr, ba cheart don Aontas aitheantas a thabhairt freisin, ar chúiseanna comhleanúnachais, d'iarrachtaí réamhghníomhacha tíortha comhpháirtíochta tosaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht intíre i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha, ar an gcaoi chéanna leis na bearta a bhunaítear leis an Rialachán seo. I gcomhthéacs ceanglais maidir le tionscnamh AE a chur chun feidhme laistigh de chatagóirí áirithe nósanna imeachta soláthair phoiblí agus scéimeanna tacaíochta poiblí, ba cheart don Aontas breithniú cúramach a dhéanamh ar choinníollacha tíortha comhpháirtíochta maidir le cion ábhair le haghaidh infheistíochtaí straitéiseacha a chistíonn an tAontas nó a dtacaíonn an tAontas leo sna tíortha comhpháirtíochta sin, agus glacadh lena láithreacht. Tá coinne leis go bhfeabhsóidh an cur chuige straitéiseach sin tairbhí eacnamaíocha frithpháirteacha, go neartóidh sé comhpháirtíochtaí straitéiseacha, agus go mbeidh sé ag teacht le cuspóirí uileghabhálacha an Aontais maidir le comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta.
- (19) Le bearta ar thaobh an éilimh, ba cheart díriú ar cheanglais ísealcharbóin a bhunú maidir le cruach, stroighin agus alúmanam a úsáidtear i bhfoirgnimh, i mbonneagar agus i mótarfheithiclí, i gcás inarb iomchuí, ós iad na hearnálacha sin na tionscail is déine ar fhuinneamh. Le bearta spriocdhírthe uile-Aontais ar thaobh an éilimh, is féidir cuidiú le margaí tosaigh a chruthú le haghaidh táirgí tionsclaíocha ísealcharbóin agus táirgí tionsclaíocha dianfhuinnimh a tháirgtear san Aontas, rud a thacóidh leis an dícharbónú agus bonn tionsclaíoch an Aontais á neartú.
- (20) Ba cheart tosaíocht a thabhairt faoin Rialachán seo d'earnálacha iarteachtacha a mbaineann sciar mór den éileamh ar ábhair áirithe dianfhuinnimh leo, amhail an earnáil foirgníochta agus an tionscal gluaisteán, agus ceanglais ísealcharbóin, ceanglais maidir le tionscnamh AE, nó an dá rud, á mbunú. Is iomchuí sin go háirithe ós rud é go bhfuil na hearnálacha sin faoi réir scéimeanna soláthair phoiblí agus tacaíochta poiblí go mór, bíodh is go bhfuil an sciar den ionchur dianfhuinnimh i luach iomlán an táirgthe réasúnta beag agus, dá bhrí sin, go n-íoslaghdaíonn sé tionchar aon phréimhe praghaís.

- (21) Chun a áirithiú go mbeidh comhsheasmhacht rialála ann le reachtaíocht an Aontais atá ann cheana maidir le táirgí, ba cheart a mheas gur táirgí ísealcharbóin iad an chruach, an choincreít agus an t-alúmanam a úsáidtear san earnáil foirgníochta i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sna bearta cur chun feidhme a ghlactar de bhun Rialacháin (AE) 2024/3110³² agus (AE) 2024/1781³³ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
- (22) Sa Teachtaireacht i ndáil leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan³⁴, cuireadh i dtábhacht gur gá margaí tosaigh a chruthú le haghaidh táirgí tionsclaíocha a bhfuil déine íseal astaíochtaí gás ceaptha teasa acu, lena n-áirítear trí na táirgí sin a chur chun cinn ar an margadh inmheánach trí scéim lipéadaithe de chuid an Aontais a bhunú, le haghaidh na hearnála cruach ar dtús. Ba cheart é sin a mheas i gcomhthéacs reachtaíocht an Aontais maidir le táirgí atá ceaptha cheana féin chun ceanglais maidir le lipéadú agus faisnéis a thabhairt isteach, lena n-áirítear ceanglais chuimsitheacha maidir le lipéadú táirgí atá le bunú faoi na gníomhartha tarmligthe de bhun Rialacháin (AE) 2024/3110 agus (AE) 2024/1781. I bhfianaise a thábhachtaí atá táirgeadh príomhúil cruach agus táirgeadh tánaisteach cruach araon d'athléimneacht fhadtéarmach bhonn tionsclaíoch an Aontais, ba cheart na ceanglais sin a bheith bunaithe ar aicmí feidhmíochta lena n-aithnítear iarrachtaí éagsúla dícharbónúcháin bhealaí na dteicneolaíochtaí, agus ciorclaíocht á cúiteamh freisin, agus tairseacha déine astaíochtaí á gcoigeartú bunaithe ar chéatadán an dramh-mhiotail a úsáidtear sa táirgeadh le haghaidh na gcatagóirí táirgí sin a dteastaíonn táirgeadh príomhúil cruach uathu de ghnáth, de réir mar is gá. Ba cheart a bheith in ann freisin na gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun Rialacháin (AE) 2024/3110 agus (AE) 2024/1781 a chomhlánú chun tacú le cruthú margaí tosaigh trí bhonn eolais a chur faoi chinntí infheistíochta i dtreo táirgí dá ndeonaítear aicme feidhmíochta déine gás ceaptha teasa níos ísle, i gcás táirgí tionsclaíocha nach rialaítear go fóill le Gníomh Tarmligthe faoi Rialachán (AE) 2024/1781, nó a chumhdaítear faoi raon feidhme na dtáirgí a áirítear sa phlean oibre a glacadh i gcomhréir leis an Rialachán sin. Chun é sin a dhéanamh, ba cheart a bheith in ann córais aicmithe dheonacha a bhunú bunaithe ar dhéine gás ceaptha teasa táirgí tionsclaíocha. Chun sláine comhshaoil agus indéantacht riaracháin a sholáthar, tá sé tábhachtach brath ar mhodheolaíochtaí cuntasaíochta astaíochtaí seanbhunaithe a ndéantar faireachán orthu. I gcás suiteálacha agus foshuiteálacha laistigh den Aontas, soláthraíonn Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA AE) tagarmharcanna táirgí agus teorainneacha córais ábhartha in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/331 ón gCoimisiún³⁵ agus rialacha cuntasaíochta maidir le hastaíochtaí fóna i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón

³² Rialachán (AE) 2024/3110 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 (IO L, 2024/3110, 18.12.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/3110/oj>).

³³ Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a shocrú, lena leasaítear Treoir (AE) 2020/1828 agus Rialachán (AE) 2023/1542 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE (IO L, 2024/1781, 28.6.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1781/oj>).

³⁴ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún, Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach (COM/2023/62 final, 1.2.2023).

³⁵ Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/331 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 lena gcinntear rialacha uile-Aontais idirthréimhseacha maidir le leithdháileadh comhchuibhithe lamháltas astaíochtaí saor in aisce de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 59, 27.2.2019, lch. 8, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/331/oj>).

gCoimisiún³⁶. Maidir le táirgí allmhairithe, chun an t-ualach riaracháin a theorannú, is iomchuí a chumasú go n-úsáidfear sonraí atá fíoraithe cheana féin i gcomhthéacs an tSásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT), i gcomhréir le rialacha cur chun feidhme a ghlactar de bhun Airteagal 7(7)(a) de Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁷. D'fhonn léiriú cruinn a thabhairt ar dhéine gás ceaptha teasa an táirge thionsclaíoch, agus ionas go gcumhdófar na hastaíochtaí díreacha a bhaineann de ghnáth le gníomhaíochtaí na suiteála a chumhdaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁸, is iomchuí cuntas a choinneáil ar na foinsí is tábhachtaí astaíochtaí indíreacha, lena n-áirítear iad siúd ó tháirgeadh leictreachais, hidrigine agus teasa a úsáidtear sa phróiseas monaraíochta. Chun comhsheasmhacht a áirithiú agus chun an t-ualach riaracháin a theorannú, leis na modheolaíochtaí a úsáidtear chun ceanglais ísealcharbóin a shainiú faoin Rialachán seo ba cheart úsáid a bhaint as sonraí astaíochtaí a thuairiscítear faoi CTA AE agus SCCT, i gcás ina bhfuil siad ar fáil agus inarb ábhartha.

- (23) Chun a áirithiú go mbainfear amach cuspóirí an Rialacháin seo, go háirithe cruthú margaí tosaigh le haghaidh táirgí tionsclaíocha ísealcharbóin Eorpacha, ba cheart íos-sonraíochtaí teicniúla sainordaitheacha a sholáthar le haghaidh ceanglais ísealcharbóin agus ceanglais tionscnaimh AE i nósanna imeachta soláthair phoiblí. Ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais sin maidir le soláthar na dtáirgí sin i gconarthaí soláthair phoiblí agus in oibreacha poiblí, i gconarthaí seirbhísí poiblí agus i lamháltais, i gcás ina n-úsáidfear na táirgí sin le haghaidh gníomhaíochtaí a dhéantar faoi na conarthaí sin. I gcomhréir leis an gcreat um sholáthar poiblí, ba cheart, leis na híos-sonraíochtaí teicniúla sainordaitheacha sin, srian saorga a chur leis an iomaíocht agus gan tús áite a thabhairt d'oibreoir eacnamaíoch ar leith. Ba cheart d'údaráis chonarthaigh agus d'eintitis chonarthaigh na nósanna imeachta soláthair phoiblí a dhéanamh i gcomhréir le Treoracha 2014/23/AE³⁹, 2014/24/AE⁴⁰ agus 2014/25/AE⁴¹ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus leis an reachtaíocht earnálach is infheidhme. Ba cheart tionscnamh AE táirgí agus comhpháirteanna a chinneadh i gcomhréir le reachtaíocht chustaim an Aontais.
- (24) Chun indéantacht na gceanglas a áirithiú ar chostas réasúnta agus chun nach gcuirfear srian le hiomaíocht, is gá na coinníollacha a leagan síos faoina bhféadfaidh údaráis

³⁶ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 an 19 Nollaig 2018 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 601/2012 ón gCoimisiún (IO L 334, 31.12.2018, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/impl/2018/2066/oj>).

³⁷ Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (IO L 130, 16.5.2023, lch. 52, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/956/oj>).

³⁸ Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj>).

³⁹ Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltas a dhámhachtain, (IO L 94, 28.3.2014, lgh. 1-64, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2014/23/oj>).

⁴⁰ Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2014/24/oj>).

⁴¹ Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

chonarthacha cinneadh a dhéanamh, ar bhonn eisceachtúil, gan na ceanglais ísealcharbóin agus na ceanglais maidir le tionscnamh AE a chur i bhfeidhm. Ba cheart a chumhdach leis na coinníollacha sin cásanna ina bhfágfadh cur i bhfeidhm na gceanglas sin go mbeadh neamh-chomhoiriúnachtaí teicniúla ann maidir le tionscadal a oibriú nó a choinneáil ar bun, amhail cásanna ina mbeadh an baol ann go gcuirfeadh úsáid na dtáirgí sin comhlíonadh buncheanglas maidir le hoibreacha foirgníochta an fhoirgnimh nó an bhonneagair i mbaol, rud a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/3110. Ba cheart feidhm eisiach a bheith ag na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo maidir le nósanna imeachta soláthair a thagann faoi raon feidhme Threoir 2014/23/AE, Threoir 2014/24/AE agus Threoir 2014/25/AE, is é sin, maidir le nósanna imeachta a bhfuil a luach measta níos mó ná na tairseacha a leagtar amach sna Treoracha sin nó cothrom leo. Dá réir sin, níor cheart nósanna imeachta soláthair nach gcumhdaítear leis na Treoracha sin, lena n-áirítear iad siúd atá faoi bhun na dtairseach is infheidhme, a bheith faoi réir na gceanglas a bhunaítear leis an Rialachán seo, agus ar an gcaoi sin oibleagáidí díreireacha a sheachaint i gcás soláthairtí ar luach íseal arna ndéanamh ag údaráis chonarthacha, lena n-áirítear ar an leibhéal áitiúil.

- (25) Áirítear sa phacáiste mótarfheithiclí a glacadh an 16 Nollaig 2025 togra chun Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴² a leasú chun foráil a dhéanamh, *inter alia*, maidir le sárchreidmheasanna a dheonú le haghaidh feithiclí beaga leictreacha inacmhainne arna monarú san Aontas roimh 2035 agus lena leasaítear sprioc 2035 maidir le laghdú astaíochtaí, agus na hastaíochtaí atá fágtha á gcúiteamh trí úsáid a bhaint as cruach ísealcharbóin de dhéantús an Aontais nó as breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin. Áirítear sa phacáiste mótarfheithiclí freisin [togra le haghaidh Rialachán maidir le feithiclí corparáideacha glana] lena ndéantar an tacaíocht airgeadais d'fheithiclí corparáideacha a theorannú d'fheithiclí corparáideacha astaíochtaí nialasacha agus ísle 'de dhéantús an Aontais Eorpaigh'. Chun deimhneacht dhlíthiúil agus comhsheasmhacht le Rialachán (AE) 2019/631 arna leasú agus leis an [togra le haghaidh Rialachán maidir le feithiclí corparáideacha glana] a áirithiú, ba cheart sainmhíniú ar 'fheithiclí beaga leictreacha inacmhainne de dhéantús an Aontais', 'cruach ísealcharbóin de dhéantús an Aontais' agus 'gluaisteáin agus veaineanna corparáideacha de dhéantús an Aontais' a leagan síos sa Rialachán seo.
- (26) Chun nósanna imeachta a shimpliú agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú, níor cheart ualach díreireach a fhorchur ar oibreoirí eacnamaíocha ná ar údaráis chonarthacha leis an bhfíorú ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar síos sa Rialachán seo. Dá bhrí sin, ba cheart an córas fíorúcháin a bheith bunaithe ar fhéindearbhu ó oibreoirí eacnamaíocha. Tá cur chuige den sórt sin comhsheasmhach leis an gcreat ginearálta maidir le soláthar poiblí a bhunaítear le Treoir 2014/24/AE, go háirithe Airteagal 59 di, lena ndéantar foráil maidir le féindearbhu comhlíontachta, faoi réir fíorú ina dhiaidh sin ar an tairgeoir a n-éireoidh leis. I gcás feithiclí, ba cheart do mhonaróirí, tráth eisiúna an deimhnithe comhréireachta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴³, doiciméad tionlacain a

⁴² Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO₂ do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 (IO L 111, 25.4.2019, lch. 13, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/631/oj>).

⁴³ Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear

sholáthar lena ndeimhnítear go gcomhlíonann na feithiclí na ceanglais ábhartha maidir le tionscnamh AE. Ba cheart an doiciméad sin a bheith coibhéiseach le féindearbhu agus a bheith ina chuid den fhianaise dhoiciméadach lena léirítear go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo.

- (27) Chun a áirithiú go leanfaidh na ceanglais a bhunaítear leis an Rialachán seo de bheith iomchuí fiú de réir mar a leanfaidh dálaí an mhargaidh, forbairtí teicneolaíochta agus cuspoirí beartais an Aontais maidir leis an aeráid agus an margadh inmheánach de bheith ag forbairt, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún na ceanglais a athbhreithniú bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus ar thorthaí faireacháin. Agus measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar cé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar athbhreithniú ar cheanglais maidir le tionscnamh AE, ar cheanglais ísealcharbóin, nó ar an dá rud, ba cheart dó forbairtí sna creataí reachtacha ábhartha a chur san áireamh, lena n-áirítear an reachtaíocht chustaim maidir le rialacha tionscnaimh, an Córas Trádála Astaíochtaí a leagtar síos i dTreoir 2003/87/CE, an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2023/956, agus ionstraimí cosanta trádála.
- (28) Tá ról ríthábhachtach ag an infheistíocht, lena n-áirítear infheistíocht ó eintitis eachtracha, maidir le margadh inmheánach láidir agus comhtháthú críochach a chothú, go háirithe tríd an nuálaíocht a chur chun cinn agus trí fhás eacnamaíoch a spreagadh san Aontas, rud atá fíor-riachtanach dá iomaíochas. Mar sin féin, in imthosca eisceachtúla, d'fhéadfadh infheistíochtaí an-mhór de thionscnamh tríú tíortha a bhfuil suíomh an-mhór ar an margadh domhanda acu cur isteach ar shlabhraí soláthair tábhachtacha agus ar shlándáil earnálacha straitéiseacha atá ag teacht chun cinn a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo maidir le forbairt an mhargaidh inmheánaigh. Mar gheall ar na coinníollacha éagsúla a chuireann na Ballstáit i bhfeidhm maidir le hinfeistíochtaí den sórt sin, déantar an margadh inmheánach a ilroinnt trí dhálaí éagothroma a chruthú d'infheisteoirí lena gceadaítear infheistíochtaí nach gcuireann fíor-bhreislúach le geilleagar an Aontais agus riosca nach beag á chruthú d'fhorbairt agus do shlándáil an tsoláthair sna hearnálacha sin agus dreasacht á tabhairt d'infheisteoirí 'arbatráiste rialála' a dhéanamh. Dá gceadófaí d'infheistíochtaí den sórt sin dul ar aghaidh gan aon choinníoll, d'fhéadfadh sé go bhfanadh an cruthú breislúacha a bhaineann le teicneolaíochtaí straitéiseacha roghnaithe agus gníomhaíochtaí monaraíochta nuálacha lasmuigh den Aontas, rud a mbeadh éifeacht dhíobhálach aige ar shlándáil soláthair agus ar fhorbairt theicneolaíoch an Aontais in earnálacha straitéiseacha atá ag teacht chun cinn. Thairis sin, le neamhchosaint neamhchoinníollach an mhargaidh inmheánaigh ar infheistíochtaí móra den sórt sin, tá an baol ann go gcuirfear an dul chun cinn teicneolaíoch is gá don Aontas a dhéanamh le haghaidh an dá aistriú agus a chumas cosanta i mbaol. Dá bhrí sin, ba cheart a áirithiú le forálacha an Rialacháin seo nach mbeidh infheistíochtaí móra den sórt sin a thagann ó thríú tíortha a bhfuil suíomh an-mhór ar an margadh acu ag cur isteach ar shlándáil soláthair ná ar shlándáil eacnamaíoch an Aontais, agus a áirithiú go ndéanfaidh an tAontas dul chun cinn teicneolaíoch in earnálacha straitéiseacha atá ag teacht chun cinn. Mura ndéanfar foráil leis na hinfeistíochtaí sin maidir le rannpháirtíocht leordhóthanach ón Aontas agus aistriú teicneolaíochta leordhóthanach, chuirfí bac ar shlándáil soláthair fhadéarmach earnálacha straitéiseacha atá ag teacht chun cinn mar gheall ar easpa acmhainneachtaí ar leibhéal an Aontais a bheadh neamhspleách ar an tír a bhfuil sciar mór den soláthar domhanda ábhartha aici. Thairis

Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/858/oj>).

sin, breathnaíodh nach dtugann roinnt infheistíochtaí den sórt sin fostaíocht fhóinteach d'oibrithe AE, rud a chuireann i mbaol forbairt scileanna atá ríthábhachtach chun earnálacha straitéiseacha atá ag teacht chun cinn a fhorbairt sa mhargadh inmheánach.

- (29) Chun a áirithiú go leanfaidh an margadh inmheánach de bheith tarraingteach don infheistíocht, agus go gcuirfidh an infheistíocht luach le geilleagar agus sochaí an Aontais, is gá coinníollacha comhchoiteanna a bhunú maidir le hinfeistíocht dhíreach choigríche in earnálacha straitéiseacha monaraíochta atá ag teacht chun cinn. Ba cheart na hearnálacha sin a bheith ina n-earnálacha monaraíochta a bhfuil acmhainneacht nuálach acu i gcás nach bhfuil eintitis AE ag teorainn na nuálaíochta domhanda nó gar di, agus i gcás inar cheart acmhainneachtaí agus rannpháirtíocht iomchuí an Aontais a áirithiú. Ba cheart feidhm a bheith ag critéir chomhchuibhithe maidir le hinfeisteoirí coigríche tríú tír a bhfuil os cionn 40 % den acmhainneacht mhonaraíochta dhomhanda acu in earnálacha straitéiseacha atá ag teacht chun cinn. Chun éifeachtacht fhorálacha an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar acmhainneacht mhonaraíochta dhomhanda na n-earnálacha sin agus na torthaí a fhoilsiú.
- (30) Déantar infheistíochtaí coigríche úrnua i gcás ina gcuireann an t-infheisteoir coigríche nó fochuideachta de chuid an infheisteora coigríche san Aontas saoráidí nua nó gnóthas nua ar bun san Aontas. Ba cheart infheistíochtaí coigríche úrnua agus athfhorbraíochta araon a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin seo a mhéid a bhaineann siad le rialú a fháil ar sprioc-chuideachta AE nó ar shócmhainn AE, toisc go bhféadfadh an dá cheann acu tionchar a imirt ar an margadh inmheánach dea-fheidhmiúil.
- (31) Ba cheart an t-athbhreithniú ar na hinfeistíochtaí agus cur i bhfeidhm na gcoinníollacha comhchuibhithe a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán seo. Ba cheart an fhaisnéis uile atá ar fáil a chur san áireamh ann agus ba cheart cloí le prionsabal na comhréireachta. Thairis sin, ba cheart gach beart a dhéanfaidh údarais náisiúnta nó an Coimisiún maidir leis an athbhreithniú ar infheistíochtaí coigríche a bheith i gcomhréir le dlí an Aontais, agus go háirithe Airteagail 49 agus 63 CFAE.
- (32) Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha an Rialacháin seo maidir le hinfeistíochtaí díreacha coigríche in earnálacha straitéiseacha atá ag teacht chun cinn i gcomhréir leis na tairseacha a bhunaítear leis an Rialachán seo, d'ainneoin an tsásra um scagadh a bhunaítear faoi Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁴. Thairis sin, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha an Rialacháin seo gan dochar d'ionstraimí dhlí iomaíochta an Aontais, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁵ agus Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle⁴⁶.
- (33) Ba cheart a ghabháil leis na critéir maidir le hinfeistíocht dhíreach choigríche infheistíochtaí in earnálacha straitéiseacha atá ag teacht chun cinn arna ndéanamh ag infheisteoirí tríú tír ('infheisteoirí coigríche') san Aontas. Mar sin féin, b'fhéidir gur ghá go n-áireofaí freisin infheistíochtaí san Aontas arna ndéanamh ag eintitis atá á

⁴⁴ Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfeistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh (IO L 79I, 21.3.2019, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/452/oj>).

⁴⁵ Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach (IO L 330, 23.12.2022, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2560/oj>).

⁴⁶ Rialachán ón gComhairle (CE) Uimh. 139/2004 an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe idir gnóthais a rialú (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2004/139/oj>).

rialú, go díreach nó go hindíreach, ag duine nó eintiteas tríú tír gan beann ar shuíomh an úinéara deiridh ('fochuideachta de chuid an infheisteora coigríche'), toisc go bhfuil an cumas céanna acu cur isteach ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, lena n-áirítear a shlándáil soláthair agus eacnamaíoch, mar gheall ar an rialú a fheidhmítear ón tríú tír a bhfuil sciar mór den mhargadh aici. Dá bhrí sin, ba cheart d'Údarás Infheistíochta na critéir infheistíochta a chur i bhfeidhm i gcás inar léir go bhfuil gá leo chun cosaint na slándála poiblí, shlándáil an tsoláthair agus na slándála eacnamaíche, agus na hinbhuanaitheachta comhshaoil san Aontas a áirithiú go héifeachtach, agus i gcás ina bhfuil sé sin fíor-riachtanach chun dul chun cinn teicneolaíoch an mhargaidh inmheánaigh a dhéanamh chun críocha an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus na cosanta. Thairis sin, chun teacht timpeall ar fhorálacha an Rialacháin a chosc, i gcás nach bhfuil aon bheart malartach ar fáil go réasúnta. Chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go comhréireach na coinníollacha a fhorordaítear maidir le hinfheistíochtaí arna ndéanamh ag fochuideachta de chuid an infheisteora coigríche, ba cheart an deis a bheith ag an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an bhfógra agus a iarraidh ar an Údarás Infheistíochta coinníollacha áirithe a fhorordú. Cé is moite d'athbhreithniú ar infheistíochtaí díreacha coigríche arna ndéanamh ag fochuideachta de chuid an infheisteora coigríche mar a bhunaítear leis an Rialachán seo, níor cheart infheistíochtaí ó Bhallstáit eile a chur faoi choinníoll ná a dhíspreagadh.

- (34) Is gá nasc marthanach a áirithiú idir an t-infheisteoir coigríche agus an sprioc-chuideachta AE, bíodh sé déanta go díreach ag infheisteoir coigríche nó trí eintiteas atá bunaithe san Aontas agus faoi rialú infheisteora coigríche. Níor cheart feidhm a bheith aige sin, áfach, maidir le fáil urrús cuideachta atá beartaithe le haghaidh infheistíocht airgeadais go huile agus go hiomlán agus gan aon rún a bheith ann tionchar a imirt ar bhainistiú ná ar rialú na cuideachta ('infheistíochtaí punainne').
- (35) Oibríochtaí athstruchtúraithe laistigh de ghrúpa corparáideach agus infheistíochtaí a dhéantar in institiúidí airgeadais agus uirlis réitigh á cur i bhfeidhm, chomh maith le cumhachtaí díluachála agus comhshó á gcur i bhfeidhm, ba cheart iad a bheith lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin seo. Níor cheart athstruchtúrú inmheánach a eisiamh ó raon feidhme an chur i bhfeidhm ach amháin a mhéid a dhéantar é chun atheagrú inmheánach a dhéanamh ar sprioc-chuideachta AE nó ar an ngrúpa corparáideach lena mbaineann an sprioc-chuideachta AE, agus chuige sin amháin, gan aon athrú ar úinéireacht thairbhiúil ná ar rialú na sprioc-chuideachta AE a bheith mar thoradh air. Go sonrach, ba cheart athstruchtúrú inmheánach a eisiamh i gcás nach mbeidh de thoradh air staid ina bhfaighidh infheisteoir coigríche nua úinéireacht nó rialú ar an sprioc-chuideachta AE nó ar chuideachta a bhfuil an sprioc-chuideachta AE sin faoina húinéireacht nó faoina rialú go díreach nó go hindíreach, i gcás ina mbeidh méadú ar na scaireanna atá i seilbh infheisteoirí coigríche, nó i gcás ina mbeidh cearta breise d'infheisteoirí coigríche mar thoradh ar an idirbheart, ar cearta iad a bhféadfadh athrú a dhéanamh ar rannpháirtíocht éifeachtach infheisteora coigríche amháin nó níos mó i mbainistiú nó i rialú na sprioc-chuideachta AE.
- (36) Na critéir maidir le hinfheistíocht dhíreach choigríche, níor cheart feidhm a bheith acu ach amháin maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche in earnálacha straitéiseacha atá ag teacht chun cinn a shroicheann tairseach luacha infheistíochta atá in ann cur isteach ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Ba cheart a mheas go bhféadfadh tairseach EUR 100 milliún tionchar a imirt ar dhea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh in earnálacha straitéiseacha atá ag teacht chun cinn. Bheadh ardriosca ag baint le hinfheistíocht dhíreach choigríche den sórt sin a chumhdaítear faoi raon feidhme an Rialacháin seo do shlándáil agus d'inbhuanaitheacht chomhshaoil an

Aontais, agus ní chruthódh sí breisluach leordhóthanach don mhargadh inmheánach, lena n-áirítear ranníocaíocht an Aontais leis an infheistíocht, feabhsú fhorbairt theicneolaíoch an Aontais, fostaíocht oibrithe AE nó rannchuidiú le slabhraí luacha an Aontais a áirithiú, gan na coinníollacha comhchuibhithe a chomhlíonadh.

- (37) Chun cur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart do gach Ballstát údarás infheistíochta a ainmniú a bheidh freagrach as measúnú a dhéanamh ar na coinníollacha infheistíochta ag eintitis eachtracha in earnálacha straitéiseacha atá ag teacht chun cinn. Thairis sin, ba cheart na hacmhainní dlíthiúla, riaracháin agus airgeadais a bheith aige chun a chúraimí a dhéanamh go héifeachtach agus go neamhspleách, agus aird chuí á tabhairt ar na húdaráis atá freagrach cheana féin as Rialachán (AE) 2019/452 a chur chun feidhme.
- (38) Chun é a chur ar a gcumas do na Ballstáit na hinfeistíochtaí a shainítear sa Rialachán seo a shainaithint go héifeachtach, ba cheart d'infheisteoirí coigríche fógra a thabhairt d'údarás inniúla sula bhfaighidh siad nó sula mbunóidh siad leasanna móra i ngnóthais nó i sócmhainní laistigh den Aontas. Trí thairseach a shocrú ag úinéireacht 30 faoin gcéad nó trí chearta eile lena mbunaítear rialú ar ghnóthais agus ar shócmhainní araon, ba cheart a áirithiú go ngabhfad leis an sásra infheistíochtaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar dhea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.
- (39) Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an riosca maidir le teacht timpeall trí éadálacha ilroinnte nó indíreacha, i gcás ina ngníomhaíonn roinnt infheisteoirí coigríche i gcomhar le chéile, nó i gcás ina ndéantar infheistíochtaí trí eintitis chleamhnaithe nó trí struchtúir úinéireachta chasta, ba cheart don Údarás Infheistíochta a leasanna faoi seach a chomhiomlánú chun an luach infheistíochta agus an tairseach fógartha a chinneadh. Ba cheart feidhm a bheith ag comhiomlánú freisin maidir le sealúchais atá ann cheana sa ghnóthas nó sa tsócmhainn chéanna de chuid an Aontais, bídis ina sealúchais dhíreacha nó indíreacha nó ina sealúchais aonair nó chomhpháirteacha, chun a áirithiú go dtabharfar fógra cuí faoi idirbhearta comhleanúnacha as a n-eascraíonn tionchar nó rialú nach beag.
- (40) Chun a áirithiú go mbeidh an tAontas rannpháirteach in infheistíochtaí díreacha coigríche móra de thionscnamh tríú tíortha a bhfuil suíomh mór domhanda acu, ba cheart teorainneacha a bhunú leis an Rialachán seo ar mhéid na húinéireachta agus an rialaithe is féidir le hinfeisteoirí coigríche a fháil i ngnóthais agus sócmhainní de chuid an Aontais. Dá réir sin, níor cheart d'infheisteoirí coigríche leasanna úinéireachta a bhunú, a fháil, a shealbhú ná a fheidhmiú, bíodh sin go díreach nó go hindíreach, ar leasanna iad ar mó iad ná 49 % den scairchaipiteal, de na cearta vótála, nó de na leasanna úinéireachta coibhéiseacha in aon sprioc-chuideachta AE, ná úinéireacht choibhéiseach, léasacht ná cearta eile lena dtugtar rialú ar shócmhainn AE a bhunú, a fháil, a shealbhú ná a fheidhmiú.
- (41) Chun a áirithiú go n-oibreoidh infheisteoirí coigríche agus eintitis de chuid an Aontais i gcomhar le chéile in earnálacha straitéiseacha atá ag teacht chun cinn agus rannpháirtíocht leordhóthanach chomhpháirtithe an Aontais á háirithiú an tráth céanna, ba cheart ceanglais chomhfhiontair a fhorordú, ar cheart socruithe conarthacha a áireamh iontu. Sa chomhfhiontar, níor cheart níos mó ná 49 % den scairchaipiteal, de na cearta vótála ná de na leasanna úinéireachta coibhéiseacha ná cearta eile lena dtugtar rialú in aon cheann d'eintitis an Aontais atá rannpháirteach sa chomhfhiontar a bheith i seilbh an infheisteora coigríche. Ba cheart an coinníoll sin a bheith ina rannchuidiú freisin le huathriail straitéiseach an Aontais agus ba cheart a áirithiú leis go gcuirfear breisluach leis an margadh inmheánach.

- (42) Is gá measúnú a dhéanamh, mar chuid de na coinníollacha maidir le hinfheistíocht dhíreach choigríche a fhormheas, i dtaobh an féidir an t-aistriú teicneolaíochta a bheith ina rannchuidiú le cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach. Chuige sin, ba cheart na hinfheisteoirí coigríche a spreagadh chun na cearta maoine intleachtúla ábhartha, agus an fios gnó, a bhfuil gá leo chun an ghníomhaíocht eacnamaíoch lena mbaineann a dhéanamh i gcomhthéacs na hinfheistíochta díri coigríche a cheadúnú don sprioc-chuideachta AE, don chomhfhiontar nó don eintiteas dlítheanach a fhaigheann an tsócmhainn AE nó a shealbhaíonn í. Dá bhrí sin, ba cheart don infheisteoir coigríche comhaontú (comhaontuithe) ceadúnúcháin maoine intleachtúla iomchuí a dheonú don sprioc-chuideachta AE, don chomhfhiontar nó don eintiteas dlítheanach a fhaigheann an tsócmhainn AE nó a shealbhaíonn í. Ba cheart raon feidhme agus coinníollacha na gcomhaontuithe sin, amhail na cearta maoine intleachtúla beachta lena mbaineann, cineál eisiach an cheadúnais, fad an cheadúnais nó bearta caomhnaithe rúndachta, a bheith iomchuí do na himthosca agus don chuspóir atá á shaothrú faoin Rialachán seo agus faoin infheistíocht ábhartha. Ba cheart don infheisteoir coigríche gealltanais a thabhairt go ndeonóidh sé na ceadúnais iomchuí maidir le cearta maoine intleachtúla agus an fios gnó ábhartha atá acu, de réir mar is gá le haghaidh na gníomhaíochta eacnamaíche lena mbaineann. D'fhéadfaí é sin a bhaint amach trí thuairisc a thabhairt ar phríomhghnéithe na gcomhaontuithe ceadúnúcháin féideartha, ar bhonn rúnda, leis an Údarás Infheistíochta.
- (43) I gcás ina bhfuil cearta maoine intleachtúla in aireagán, i saothar nó in aon sócmhainn eile atá faoi réir cosaint maoine intleachtúla roimh an infheistíocht choigríche faoi úinéireacht na sprioc-chuideachta AE nó an eintitis dhlítheanaigh a fhaigheann an tsócmhainn AE nó a shealbhaíonn í, ba cheart na cearta maoine intleachtúla sin fanacht go hiomlán agus go heisiach faoi rialú na sprioc-chuideachta AE nó an eintitis dhlítheanaigh a fhaigheann an tsócmhainn AE nó a shealbhaíonn í. Níor cheart don infheisteoir coigríche aon cheart maoine intleachtúla a éileamh ná aon ghníomhaíocht a dhéanamh a dhéanfadh difear do chumas na sprioc-chuideachta AE nó an eintitis dhlítheanaigh a fhaigheann an tsócmhainn AE nó a shealbhaíonn í úinéireacht a bheith aici ar na cearta maoine intleachtúla i leith a cuid aireagán, oibreacha, trádmharcanna, dearaí nó aon sócmhainn ábhartha eile léi a fuarthas roimh an infheistíocht choigríche ná na cearta maoine intleachtúla sin a fheidhmiú. I gcás ina bhfuil idirghabháil, saothar nó aon sócmhainn eile atá faoi réir cosaint maoine intleachtúla mar thoradh ar obair chomhoibríoch idir an sprioc-chuideachta AE nó an t-eintiteas dlítheanach a fhaigheann an tsócmhainn AE nó a shealbhaíonn í agus an t-infheisteoir coigríche nó mar thoradh ar an gcomhfhiontar, ba cheart na cearta maoine intleachtúla a bheith faoi chomhúinéireacht an infheisteora coigríche, na sprioc-chuideachta AE nó an eintitis dhlítheanaigh a fhaigheann an tsócmhainn AE nó a shealbhaíonn í, ag brath ar na himthosca. Ba cheart na coinníollacha a ghabhann le comhúinéireacht ceart maoine intleachtúla a shainiú agus a chur in iúl don Údarás Infheistíochta, a mhéid is féidir, sula bhformheasfar an infheistíocht dhíreach choigríche. Ba cheart a áireamh sna coinníollacha sin soiléirithe maidir leis an bhféidearthacht go ndeonódh comhúinéir amháin ceadúnas agus go dtionscnódh sé nósanna imeachta um shárú chomh maith leis na comhaontuithe airgeadais a mhéid a bhaineann le comhdú agus clárú ceart maoine intleachtúla agus comhaontuithe ceadúnúcháin. I gcás comhfhiontar gan pearsantacht dhlítheanach, ba cheart soiléirithe a sholáthar don Údarás Infheistíochta maidir le húinéireacht maoine intleachtúla.
- (44) Is gá a áirithiú gur cheart go rannchuideodh saineolas na n-infheisteoirí coigríche ar an infheistíocht dhíreach choigríche mhór faoi raon feidhme an Rialacháin seo le feabhsú fhorbairt theicneolaíoch an Aontais laistigh agus lasmuigh den sprioc-chuideachta AE,

den chomhfhiontar nó den eintiteas dlítheanach a fhaigheann an tsócmhainn AE nó a shealbhaíonn í. Chuige sin, ba cheart d'infheisteoirí coigríche infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail taighde agus forbartha atá le feidhmiú laistigh den Aontas agus é á áirithiú go dtairbheoidh an tAontas de na torthaí a gheofar. Dá bhrí sin, is gá measúnú a dhéanamh, mar chuid de na coinníollacha atá le breithniú chun infheistíocht dhíreach choigríche a fhormheas, an bhfuil infheistíochtaí taighde agus forbartha na n-infheisteoirí coigríche leordhóthanach chun an cuspóir sin a bhaint amach. D'fhéadfaí na hinfeistíochtaí sin a dhíriú chun tairbhe institiúidí taighde atá bunaithe san Aontas, lena n-áirítear i gcomhthéacs tionscadail chomhpháirteacha leis an sprioc-chuideachta AE, leis an gcomhfhiontar nó leis an eintiteas dlítheanach a fhaigheann an tsócmhainn AE nó a shealbhaíonn í. D'fhéadfaí na hinfeistíochtaí sin a dhéanamh freisin laistigh den sprioc-chuideachta AE, den chomhfhiontar nó den eintiteas dlítheanach a fhaigheann an tsócmhainn AE nó a shealbhaíonn í, chun gníomhaíochtaí sonracha taighde agus forbartha a fhorbairt nó a dhéanamh. D'fhéadfadh oiliúint oibrithe AE a bheith i gceist leis na hinfeistíochtaí sin freisin, nó tacaíocht airgeadais dhíreach nó indíreach do thionscadail taighde agus forbartha laistigh den sprioc-chuideachta AE, den chomhfhiontar nó den eintiteas dlítheanach a fhaigheann an tsócmhainn AE nó a shealbhaíonn í. Aon mheasúnú a dhéantar i ndáil le hinfeistíochtaí i dtionscadail taighde agus forbartha atá le feidhmiú laistigh den Aontas, ba cheart é a bheith gan dochar d'ionstraimí dhlí iomaíochta an Aontais, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2022/2560 agus (CE) Uimh. 139/2004.

- (45) Chun comhtháthú inbhuanaithe infheistíochtaí arna ndéanamh ag eintitis eachtracha sa mhargadh inmheánach agus forbairt scileanna in earnálacha straitéiseacha atá ag teacht chun cinn a chur chun cinn, agus chun rannchuidiú sóisialta fóinteach a áirithiú ag áit na hinfeistíochta, ba cheart cion d'oibrithe AE a fhostú leis na hinfeistíochtaí sin agus ba cheart bearta oiliúna agus fothaithe acmhainneachta iomchuí a sholáthar leo, ar bearta iad lena mbeidh baint ag soláthraithe oideachais agus oiliúna, chomh maith le comhpháirtithe sóisialta. Ba cheart don infheisteoir coigríche a áirithiú go gcomhlíonfar na tairseacha a bhunaítear sa Rialachán seo i ngach catagóir den lucht saothair, lena n-áirítear na poist oibríochtúla, theicniúla, mhaoirseachta agus bhainistíochta.
- (46) Chun acmhainneacht thionsclaíoch earnálacha straitéiseacha atá ag teacht chun cinn a neartú agus chun infheistíocht dhíreach choigríche a chomhtháthú in éiceachóras tionsclaíoch an Aontais, ba cheart sciar áirithe d'ionchuir arna monarú san Aontas a áireamh i dtáirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais de dhroim na n-infheistíochtaí sin.
- (47) Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh infheistíochtaí díreacha coigríche ceithre cinn ar a laghad de na sé choinníoll a bhunaítear leis an Rialachán seo, ba cheart don Údarás Infheistíochta inniúil scrúdú a dhéanamh ar gach fógra agus cinneadh réasúnaithe a eisiúint maidir lena fhormheas nó lena dhiúltú. Ba cheart d'Údarás Infheistíochta a shuí go gcomhlíontar na coinníollacha, nó de réir mar is iomchuí, go bhfuil sé beartaithe ag an infheisteoir coigríche na coinníollacha a chomhlíonadh. Níor cheart na hinfeistíochtaí sin a chur chun feidhme gan formheas sainráite a fháil ón Údarás Infheistíochta. Dá réir sin, ba cheart d'infheisteoirí coigríche tacar coinníollacha maidir leis an infheistíocht dhíreach choigríche ábhartha a chomhlíonadh sula gcuirfidh siad tús lena ngníomhaíocht eacnamaíoch. Ba cheart d'Údarás Infheistíochta cinneadh a dhéanamh laistigh de thréimhse ama lena n-áirítear éifeachtúlacht nós imeachta agus deimhneacht dhlíthiúil araon. D'fhéadfaí síneadh a chur leis an tréimhse

ama sin, ar chúiseanna cuí-réasúnaithe a bhfuil údar leo, i gcás ina dtabharfaidh castacht an cháis nó an gá le faisnéis bhreise údar leis.

- (48) Ba cheart do na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoi fhógraí a fhaightear sa chaoi go mbeidh an Coimisiún in ann faireachán éifeachtach a dhéanamh ar an timpeallacht infheistíochta agus creat infheistíochta comhchuibhithe a áirithiú ar fud an mhargaidh inmheánaigh.
- (49) Chun a áirithiú go gcuirfear an Rialachán seo i bhfeidhm go cothrománach sa mhargadh inmheánach, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann tuairim a thabhairt i dtaobh an gcomhlíonann an infheistíocht na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart an tuairim sin a chur ar fáil go poiblí. Má tá sé beartaithe ag an Údarás Infheistíochta imeacht ó thuairim an Choimisiúin ina chinneadh féin, ba cheart dó síneadh 2 mhí breise a chur leis an bpróiseas formheasa chun measúnú cuí a dhéanamh ar argóintí an Choimisiúin. Agus cinneadh á dhéanamh ag na Ballstáit, ba cheart dóibh údar a thabhairt leis an gcaoi ar chuir siad tuairim an Choimisiúin san áireamh.
- (50) Chun a áirithiú go gcuirfear an Rialachán seo i bhfeidhm go cothrománach ar an Margadh Aonair, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann athbhreithniú a dhéanamh ar infheistíochtaí díreacha coigríche, bunaithe ar a thionscnamh féin nó ar thionscnamh Ballstáit a ndéanann an infheistíocht dhíreacha coigríche difear dó. Ba cheart é sin a bheith amhlaidh go háirithe i gcás infheistíochtaí a dhéanann difear do roinnt Ballstát, agus i gcás infheistíochtaí ardluacha agus infheistíochtaí a bhfuil tábhacht straitéiseach ar leith ag baint leo don Aontas mar gheall ar a n-éifeacht ar an Margadh Aonair.
- (51) Ba cheart do na hÚdaráis Infheistíochta a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha tráth a thugtar fógra faoin infheistíocht dhíreacha coigríche agus le linn a hoibríochta freisin, de réir mar is iomchuí, chun a áirithiú go mbainfear an leas is mó is féidir as tairbhí na hinfeistíochta díri coigríche ar an margadh inmheánach.
- (52) Chun a áirithiú go leanfaidh critéir maidir le hinfeistíocht dhíreacha coigríche sna hearnálacha straitéiseacha atá ag teacht chun cinn de bheith iomchuí fiú de réir mar a leanfaidh dálaí an mhargaidh, forbairtí teicneolaíochta agus cuspóirí bheartas iomaíochais an Aontais de bheith ag forbairt, ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar threochtaí monaraíochta domhanda earnálacha straitéiseacha agus ba cheart an chumhacht a thabhairt dó gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena bhforchuirtear critéir infheistíochta coigríche ar earnálacha straitéiseacha breise. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh go háirithe ar an luach tairsí, agus ar cé acu atá nó nach bhfuil na critéir infheistíochta uile dá dtagraítear sa rialachán seo iomchuí agus riachtanach chun cuspóirí an rialacháin seo a bhaint amach.
- (53) Trí ghníomhaíocht thionsclaíoch a bhraisliú, is féidir rannchuidiú go substaintiúil le cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach agus le hearnálacha straitéiseacha áirithe a neartú sa mhargadh inmheánach. Is iomchuí, dá bhrí sin, forbairt limistéar dlúsúlachta monaraíochta tionsclaíche a chur chun cinn. Ba cheart na limistéir sin a bheith teoranta go geografach chun siombóis thionsclaíoch a chothú. Agus na limistéir á n-ainmniú acu, ba cheart do na Ballstáit, i gcomhar leis na húdaráis réigiúnacha i gcás inarb iomchuí, táirgeadh tionsclaíoch (go háirithe i gcás earnálacha straitéiseacha áirithe) agus leibhéal ginearálta forbartha a réigiún a chur san áireamh, agus aird á díriú ar na réigiúin bheagfhorbartha agus orthu siúd atá i mbun aistriú. Thairis sin, chun athléimneacht, uathriail straitéiseach agus iomaíochas bhonn tionsclaíoch an Aontais a neartú, ba cheart ainmniú limistéar dlúsúlachta monaraíochta tionsclaíche a bheith ag

teacht le tionscadail straitéiseacha agus tionscnaimh eile de chuid an Aontais amhail Sainlimistéir Dhlúsúlachta Glan-nialasachta.

- (54) Leis na bearta dlúsúlachta tionsclaíche laistigh de na limistéir dhlúsúlachta, ba cheart sineirgí iomchuí a lorg le tionscnaimh eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear tionscadail straitéiseacha a aithnítear i reachtaíocht an Aontais, Sainlimistéir Dhlúsúlachta Glan-nialasachta agus deiseanna cistithe ón Aontas, chun na tosaíochtaí straitéiseacha sa mhargadh inmheánach a ailíniú agus chun dul chun tairbhe do shuiteálacha tionsclaíocha atá rithabhachtach d'uathriail straitéiseach agus d'iomáiochas an Aontais. Ba cheart feidhm a bheith ag na tairbhí sin freisin maidir le gnóthais a mbronnar an séala iomaíochais orthu faoi Rialachán (AE) XXXX/[XX] ⁴⁷ (an Ciste Eorpach um Iomaíochas), mura n-eisíonn an Ballstát go sonrach iad.
- (55) Chun go mbeidh soláthar leordhóthanach amhábhair criticiúil ann le haghaidh tionscadail sna limistéir dhlúsúlachta, ba cheart don Bhord Eorpach um Amhábhair Chriticiúla a bhunaítear le hAirteagal 35 de Rialachán (AE) 2024/1252 ardán a sholáthar chun faisnéis a mhalartú maidir le scrogaill sa slabhra soláthair a bhaineann le hamhábhair chriticiúla sna limistéir dhlúsúlachta. Ba cheart tionscadail i réimsí ábhartha a bheith in ann tairbhiú den sásra ceannaigh chomhpháirtigh a bhunaítear in Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2024/1252 chun a n-éileamh ar amhábhair straitéiseacha a chomhiomlánú agus chun a gcumhacht chaibidlíochta le díoltóirí ionchasacha a mhéadú, go háirithe i gcás ina bhfuil fiontair bheaga nó mheánmhéide (FBManna) agus fiontair mheánchaipitlithe bheaga (FMBanna) iontu.
- (56) Is coinníoll cumasúcháin bunúsach é soláthar fuinnimh leordhóthanach tráthúil do na limistéir dhlúsúlachta chun iad a chur in úsáid go héifeachtach agus chun gníomhaíochtaí monaraíochta a fhorbairt. Cuireann faisnéis iontaofa chruinn maidir leis an éileamh a bheidh ar fhuinneamh amach anseo le forbairt chostéifeachtach eangaí. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit anailís a ullmhú le haghaidh gach limistéir dlúsúlachta, lena sainaitheofar na riachtanais fuinnimh a bheidh aige amach anseo. Leis an anailís sin, ba cheart faisnéis a sholáthar don phleanáil eangaí náisiúnta agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le hinfheistíochtaí eangaí réamh-mheasta a bhfuil cuspóir leo agus le naisc fuinnimh níos tapúla don limistéir dlúsúlachta. Agus an raon feidhme á shainiú acu, ba cheart do na Ballstáit infhaighteacht an bhonneagair ábhartha iompair agus gréasáin a chur san áireamh. Ba cheart torthaí na measúnuithe sin a léiriú i bpleananna forbartha gréasáin náisiúnta chun pointí éilimh fuinnimh amach anseo a ghabháil go leormhaith i bpleanáil eangaí atá le teacht.
- (57) I gcás ina mbunaítear limistéir dlúsúlachta monaraíochta tionsclaíche, ba cheart dá n-ainmniú freagairt don fhéidearthacht go bhfaighfí rochtain ar dheiseanna oideachais agus oiliúna nó go n-eagrófaí iad chun a áirithiú go mbeidh lucht saothair oilte ar fáil.
- (58) Chun forbairt limistéir dlúsúlachta monaraíochta tionsclaíche a chur chun cinn agus chun dlús a chur leis na nósanna imeachta deonaithe ceadanna is gá le haghaidh gníomhaíochtaí tionsclaíocha laistigh de na limistéir sin, ba cheart do na Ballstáit ilchead bunlíne a bhunú a léireoidh saintréithe sonracha gach limistéir dlúsúlachta tionsclaíche arna shainaithint agus a bheidh saincheaptha don earnáil nó do na hearnálacha monaraíochta tionsclaíche atá le himscaradh ann. Ba cheart a chumhdach

⁴⁷ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas ('CEI') a bhunú, lena n-áirítear an clár sonracha um ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta i réimse na cosanta, lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/522, (AE) 2021/694, (AE) 2021/697, (AE) 2021/783, lena n-aisghairtear forálacha Rialachán (AE) 2021/696 agus Rialachán (AE) 2023/588, agus lena leasaítear Rialachán (AE) (COM/2025/555 final, 16.7.2025).

leis an ilthead bunlíne sin arna eisiúint ag údarais phoiblí na ceadanna is gá go coitianta le haghaidh gníomhaíochtaí den sórt sin laistigh den limistéar, cé is moite de na ceadanna sin a bhaineann go sonrach leis an tsuiteáil, amhail na ceadanna sin a cheanglaítear faoi Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁸ agus an cead nasctha eangaí. Dá thoradh sin, níor cheart a cheangal ar thionscnóirí tionscadail ceadanna breise a fháil ach amháin le haghaidh gníomhaíochtaí nach gcumhdaítear leis an ilthead bunlíne chomh maith le measúnuithe comhshaoil i gcás inar gá. I gcás gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do láithreáin de chuid an Aontais agus láithreáin náisiúnta atá faoi chosaint, níor cheart ceadanna ábhartha a dheonú ach amháin tar éis a áirithiú go bhfuil na gníomhaíochtaí comhoiriúnach le cuspóirí caomhnaithe na láithreán sin. Leis an gcur chuige sin, ba cheart dlús mór a chur le nósanna imeachta deonaithe ceadanna agus an t-ualach riaracháin a bhaineann leo a laghdú agus ardleibhéal caighdeán comhshaoil á choinneáil ar bun.

- (59) Chun creat a bhunú chun uathriail straitéiseach agus slándáil eacnamaíoch an Aontais a áirithiú trí rochtain ar sholáthar táirgí monaraíochta ábhartha atá slán, inbhuanaithe agus athléimneach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le hathruithe ar an liosta de thríú tíortha nach meastar a n-ábhar a bheith coibhéiseach le hábhar de thionscnamh AE, le tabhairt isteach nó leasú ceanglas maidir le tionscnamh AE agus ceanglas ísealcharbóin, lena n-áirítear le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta breise agus le haghaidh táirgí agus seirbhísí a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III, lena leagtar síos bearta ar thaobh an éilimh ar leibhéal an Aontais maidir le táirgí ó thionscal na gceimiceán, agus moltaí ón gComhghuaillíocht um Cheimiceáin Chriticiúla, leathnú critéar maidir le hinfheistíocht dhíreach choigríche chuig earnálacha straitéiseacha breise atá ag teacht chun cinn, sonrú comhrialacha nós imeachta um chritéir maidir le hinfheistíocht dhíreach choigríche, agus bunú córas aicmithe bunaithe ar dhéine gás ceaptha teasa táirgí, i measc nithe eile, á gcur san áireamh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go dtéann an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr⁴⁹. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe de ghrúpaí saineolaithe de chuid an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú gníomhartha tarmligthe.
- (60) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh chur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún a mhéid a bhaineann le modh ríofa chion mhéid na dtáirgí agus na gcomhpháirteanna de thionscnamh an Aontais a shonrú agus chun comhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 15 a fhíorú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵⁰.

⁴⁸ Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2010/75/oj>).

⁴⁹ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/agree_interinstitut/2016/512/oj.

⁵⁰ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj>).

- (61) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar ag na Ballstáit. De bhun mhír 22 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016, ba cheart an mheastóireacht sin a bhunú ar chúig chritéar, mar atá, éifeachtúlacht, éifeachtacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach AE. Ba cheart di feidhmiú freisin mar bhonn ar a ndéanfar measúnuithe tionchair ar bhearta breise féideartha amach anseo.
- (62) Chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le pionóis a fhorchur ar ghnóthais nach gcomhlíonann a n-oibleagáidí. Ba cheart na pionóis sin a bheith gan dochar do cheanglais shonracha phionóis a leagtar amach sa Rialachán seo agus de bheis orthu, maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche, mar shampla. Ní mór do na Ballstáit, dá bhrí sin, pionóis atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a leagan síos sa dlí náisiúnta as gan an Rialachán seo a chomhlíonadh. Is gá do na Ballstáit freisin a áirithiú go mbeidh rochtain ag tionscnóirí tionscadal ar athbhreithniú riaracháin nó breithiúnach, i gcás inarb ábhartha, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.
- (63) Agus athbhreithniú á dhéanamh ar an Rialachán seo, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh an gá na forálacha a áirítear i gCaibidlí III agus IV a leasú. Go sonrach, ba cheart dó breithniú a dhéanamh ar thionscnamh AE spriocdhírthe a thabhairt isteach in earnálacha iompair atá rithabhachtach do shlándáil eacnamaíoch an Aontais, go háirithe tógáil long agus tógáil rothstoic iarnróid. Ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh freisin ar athbhreithniú feabhsaithe ar infheistíochtaí díreacha coigríche a thabhairt isteach i gcás táirgí agus páirteanna aerloingseoireachta.
- (64) Le Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵¹, lenar bunaíodh an Tairseach Aonair Dhigiteach, soláthraítear rialacha ginearálta maidir le faisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh atá ábhartha d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a chur ar fáil ar líne. Chun go mbeidh gnólachtaí agus tionscnóirí tionscadal tionscail monaraíochta, lena n-áirítear tionscadail trasteorann, in ann tairbhiú go díreach de thairbhí an mhargaidh inmheánaigh gan ualach riaracháin breise gan ghá a thabhtú, is í an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1724 an fhaisnéis is gá a chur faoi bhráid aon údarás ábhartha mar chuid den phróiseas deonaithe ceadanna faoin Rialachán seo. Áirítear na nósanna imeachta gaolmhara in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin chun a áirithiú gur féidir le tionscnóirí tionscadail lántairbhe a bhaint as nósanna imeachta atá go hiomlán ar líne agus as Seirbhísí an Chórais Theicniúil Aonuaire. Go sonrach, ba cheart tionscnóirí tionscadal tionscail monaraíochta a bheith in ann rochtain iomlán a fháil ar aon nós imeachta a bhaineann leis an bpróiseas deonaithe ceadanna ar líne agus é a chur i gcrích, i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2018/1724 agus le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2018/1724 a leasú dá réir.
- (65) Le Rialachán (AE) 2024/1735 tugtar isteach ceanglais athléimneachta maidir le raon táirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta. Is é is aidhm do na ceanglais sin spleáchais ar thríú tíortha aonair soláthair a laghdú, ach ní leor iad chun é a chur ar a gcumas do thionscail an Aontais acmhainneacht an mhargaidh inmheánaigh a mhéadú agus tá riosca maidir le teacht timpeall ag baint leo. Dá bhrí sin, chun aghaidh a

⁵¹ Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1724/oj>).

thabhairt ar na dúshláin sin, ba cheart a áirithiú leis an gcreat reachtach gur gá fios gnó teicneolaíoch a mhealladh agus a choinneáil laistigh den Aontas, trí idirghabháil bhreise spriocdhírthe.

- (66) Leis na forálacha maidir le soláthar poiblí a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart cur le forálacha Rialachán (AE) 2024/1735 maidir le hathléimneacht; agus ba cheart iad a chomhlánú trí cheanglais bhreise a thabhairt isteach maidir le córais stórála fuinnimh i gceallraí, teicneolaíochtaí fótavoltacha gréine, teaschaidéil, teicneolaíochtaí gaoithe ar talamh agus amach ón gcósta, leictrealóirí agus teicneolaíochtaí fuinnimh eamhnaithe núicléach. Ba cheart a áirithiú leis na ceanglais bhreise sin gur de thionscnamh an Aontais a bheidh sciar áirithe de na táirgí agus a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha. Leis an gcur chuige sin, ba cheart éagsúlú leordhóthanach a áirithiú agus acmhainneacht mhonaraíochta straitéiseach agus ceannasacht theicneolaíoch laistigh den Aontas á neartú an tráth céanna. Leis an gcóras chun comhlíonadh na gceanglas a fhíorú, ba cheart teorainn a chur leis an ualach riaracháin agus é a ailíniú le cleachtas coiteann soláthair phoiblí chomh maith leis an gcóras atá ann cheana chun comhlíonadh a fhíorú faoi Rialachán (AE) 2024/1735. Dá bhrí sin, ba cheart dó brath ar fhéindearbhu ó oibreoirí eacnamaíocha.
- (67) Chomh maith le forálacha soláthair phoiblí Rialachán (AE) 2024/1735 a chomhlánú, ba cheart iad a leasú leis an Rialachán seo freisin chun deimhneacht dhlíthiúil níos fearr a sholáthar. Ba cheart raon feidhme Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2024/1735 a theorannú do na teicneolaíochtaí glan-nialasachta sin a bhfuil coinne leis go ndéanfar soláthar poiblí ar scála ábhartha ina leith, agus ar an gcaoi sin soiléireacht na forála a fheabhsú.
- (68) I gcomhréir leis an gcuspóir beartais céanna a shaothraítear le haghaidh ceantanna fuinnimh in-athnuaite faoi Rialachán (AE) 2024/1735, ba cheart, leis an Rialachán seo, na ceanglais bhreise maidir le tionscnamh AE a leathnú chuig ceantanna fuinnimh in-athnuaite le haghaidh teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite áirithe, chun rannchuidiú le bonn tionsclaíoch an Aontais a neartú agus athléimneacht slabhraí soláthair teicneolaíochtaí glan-nialasachta a áirithiú. Chun saintréithe sonracha ceantanna fuinnimh in-athnuaite a léiriú, ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais bhreise maidir leis na teicneolaíochtaí glan-nialasachta is ábhartha i gcomhthéacs ceantanna, arb é atá iontu córais stórála fuinnimh i gceallraí, teicneolaíochtaí fótavoltacha gréine, leictrealóirí, agus teicneolaíochtaí gaoithe ar an talamh agus amach ón gcósta. I gcás ina mbeidh ceanglais maidir le tionscnamh AE infheidhme maidir le ceantanna, níor cheart forálacha eile lena leagtar síos ceanglais chomhchosúla le haghaidh scéimeanna tacaíochta poiblí a bheith infheidhme maidir leis na ceantanna sin.
- (69) Chun éifeachtacht an chreata a threisiú, agus chun méaduithe a tháinig le déanaí ar rioscaí geopholaitiúla agus ar shaobhadh sa mhargadh domhanda a léiriú, ba cheart sciar na gceantanna a chumhdaítear leis na ceanglais a mhéadú agus ba cheart tairseach chostais níos airde a bhunú maidir leis an rogha gan bheith páirteach sna ceanglais sin. Leis sin, ba cheart freisin cosc a chur ar úsáid iomarcach díolúintí agus dreasacht éifeachtach a thabhairt chun borradh a chur faoi tháirgeadh teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite san Aontas.
- (70) Is cuid fhíor-riachtanach den éileamh ar theicneolaíochtaí glan-nialasachta san Aontas iad gnólachtaí agus teaghlaigh. Is uirlisí tábhachtacha iad scéimeanna tacaíochta poiblí atá ceaptha tacú le héileamh tomhaltóirí ar na táirgí sin chun slándáil eacnamaíoch an Aontais a neartú agus chun dlús a chur leis an aistriú glas. Chun cur le forálacha

Rialachán (AE) 2024/1735 maidir le hathléimneacht, is gá na forálacha sin a chomhlánú trí cheanglais bhreise a thabhairt isteach maidir le córais stórála fuinnimh i gceallraí, teicneolaíochtaí fótvoltacha gréine agus teaschaidéil. Ba cheart a áirithiú leis na ceanglais bhreise sin gur de thionscnamh an Aontais príomh-chomhpháirteanna sonracha áirithe agus, i gcásanna áirithe, an táirge deiridh iomlán. Tá an cur chuige sin i gcomhréir le cuspóir ginearálta scéimeanna tacaíochta torthaí atá inmhiannaithe go sóisialta a chur chun cinn, d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh maidir le huaillmhianta Chólún Eorpach na gCeart Sóisialta chomh maith le cuspóirí comhshaoil agus aeráide. Thairis sin, ba cheart éagsúlú leordhóthanach a áirithiú leis agus acmhainneacht mhonaraíochta straitéiseach agus ceannasacht theicneolaíoch laistigh den Aontas á neartú an tráth céanna. Ba cheart an deis a bheith ag na húdaráis phoiblí atá i gceannas ar scéimeanna tacaíochta comhlíonadh na gceanglas a leagan síos mar choinníoll le haghaidh incháilitheacht don scéim, nó cúiteamh airgeadais breise a dheonú nuair a chomhlíontar na ceanglais. Sa chás deireanach sin, ba cheart éifeacht dreasachta a bheith ag an gcúiteamh airgeadais breise. Mar sin féin, má tá státchabhair i gceist, níor cheart an cúiteamh airgeadais breise a bheith níos mó ná an uasteorainn cabhrach is infheidhme.

- (71) Leanann teicneolaíochtaí digiteacha d'athrú ó bhonn a dhéanamh ar an gcaoi a nginimid, a ndáilimid agus a n-ídimid fuinneamh. Cé go bhfuil deiseanna nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ag baint leis an éabhlóid dhigiteach sin, tá tugtha isteach aici freisin castacht agus idirspéachas laistigh de chórais fuinnimh nua-aimseartha atá soghabhálach anois i leith réimse méadaitheach cibearbhagairtí. Le comhtháthú teicneolaíochtaí digiteacha i gcórais fuinnimh, méadaítear an raon ionsaithe do ghníomhaithe mailíseacha, ar féidir leo teacht i dtír ar leochaileachtaí chun cur isteach ar oibríochtaí, sonraí íogaire a ghoid nó margaí fuinnimh a chúbláil. Ní hamháin go gcuireann suaithheadh den sórt sin slándáil agus cobhsaíocht ár mbonneagair fuinnimh agus soláthar leanúnach fuinnimh i mbaol ach bíonn éifeachtaí cascáideacha aige freisin ar gach earnáil den gheilleagar a bhíonn ag brath ar ionchuir chobhsaí fuinnimh. Thairis sin, d'fhéadfadh suaithheadh sa chóras fuinnimh an bonn a bhaint ó mhuinín infheisteoirí agus infheistíocht in iarrachtaí fíor-riachtanacha nuachóirithe agus dícharbónúcháin a dhíspreagadh. Dá bhrí sin, tá sé rithabhachtach cibearshlándáil na gcóras sin a chosaint chun slándáil eacnamaíoch a áirithiú, muinín a choinneáil, agus athléimneacht a chothú in aghaidh dúshláin a bheidh ann amach anseo.
- (72) Chun ardleibhéal cibearshlándála a áirithiú, is gá cosc a chur ar sholáthróirí ardriosca, mar a shainaithnítear i gcomhréir leis [an togra le haghaidh Gníomh athbhreithnithe um Chibearshlándáil], comhpháirteanna criticiúla a sholáthar do thairgeoirí ceantanna fuinnimh in-athnuaite, do thairgeoirí nósanna imeachta soláthair phoiblí agus do tháirgí deiridh a fhaigheann tacaíocht ó idirghabháil rialtais faoi raon feidhme an Rialacháin seo.
- (73) Thairis sin, ní hamháin gur cheart feidhm a bheith ag forálacha cibearshlándála Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/1735 maidir le 30 %, ach ba cheart feidhm a bheith acu maidir le gach ceant fuinnimh in-athnuaite i bhfianaise go bhfuil an chibearshlándáil fíor-riachtanach do chobhsaíocht agus do shláine chóras fuinnimh an Aontais ina iomláine. D'fhéadfadh bearna fiú in eilimint amháin de chibearshlándáil córais fuinnimh cobhsaíocht an chórais ina iomláine a chur i mbaol. I dteannta an ardleibhéil cibearshlándála a áirithítear in earnálacha criticiúla le Treoir (AE) 2022/2555 agus i dtáirgí a bhfuil eilimintí digiteacha acu faoi Rialachán (AE) 2024/2847, trí raon feidhme cheanglais chibearshlándála Rialachán (AE)

2024/1735 a leathnú chuig gach ceant fuinnimh in-athnuaite, ba cheart leochaileachtaí chóras fuinnimh an Aontais a laghdú a thuilleadh agus rannchuidiú le cobhsaíocht fuinnimh agus eacnamaíoch a dhaingniú.

- (74) Le cur i bhfeidhm na gceanglas maidir le tionscnamh AE agus cibearshlándaíl le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta, ba cheart na ceanglais maidir le hinbhuanaitheacht agus athléimneacht a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1735 a chomhlánú. Ba cheart, dá bhrí sin, iad a chur isteach sa Rialachán sin chun comhsheasmhacht a áirithiú agus chun cur chun feidhme ag na húdaráis ábhartha a shimpliú.
- (75) I gcomhréir leis na bearta maidir le soláthar poiblí, ceantanna agus scéimeanna tacaíochta poiblí, ba cheart, leis an Rialachán seo, Rialachán (AE) 2024/1735 a chomhlánú freisin le ceanglais maidir le tionscnamh AE i ndáil le tacaíocht ó na Ballstáit do thógáil gléasraí cumhachta núicléiche agus do mhonarú leictrealóirí hidrigine. Chun ceannasacht fhadtéarmach an Aontais, slándáil fuinnimh agus athléimneacht earnála a áirithiú, tá sé fíor-riachtanach go dtabharfaidh na gléasraí núicléacha nua, idir imoibreoirí mórsála agus imoibreoirí modúlacha beaga, tosaíocht a mhéid is féidir do theicneolaíochtaí agus comhpháirteanna arna bhfoinsiú san Aontas agus na caighdeáin cháilíochta is airde á gcoinneáil ar bun. Ní hamháin go gcuirfidh straitéis den sórt sin borradh faoi chumais bhaile ach cuirfidh sí an tAontas chun cinn freisin mar ghníomhaí iontaofa iomaíoch sa mhargadh núicléach domhanda. Mar sin féin, chun rioscaí a bhaineann le gaibhniú teicneolaíochta a chosc, níor cheart na ceanglais maidir le tionscnamh AE le haghaidh gléasraí cumhachta núicléiche a bheith infheidhme ach amháin maidir le tógálacha nua, gan athchóirithe agus sintí saolré gléasraí cumhachta núicléiche atá ann cheana a áireamh.
- (76) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2024/1735 a leasú dá réir.
- (77) Is iompróir fuinnimh rithábhachtach í an hidrigin don aistriú fuinnimh i roinnt mhaith feidhmeanna tionscail agus tá sí rithábhachtach chun an t-aistriú chuig córais fuinnimh níos glaine a chur chun cinn. Chun freastal ar theacht chun cinn cur in úsáid leictrealóirí ar scála gigeavata san Aontas, tá sé fíor-riachtanach córas tacaíochta comhbheartaithe feabhsaithe a bheith ann.
- (78) I gcás ina gceanglaítear le ceanglais maidir le tionscnamh AE gur cheart líon áirithe comhpháirteanna a bheith de thionscnamh an Aontais gan na comhpháirteanna sin a shonrú, ba cheart an rogha a fhágáil faoi na hoibreoirí eacnamaíocha. Áirithítear leis sin iomaíocht leordhóthanach i measc sholáthróirí na gcomhpháirteanna is gá agus cuirtear ar a gcumas d'oibreoirí eacnamaíocha na roghanna is costéifeachtaí a dhéanamh agus na ceanglais á gcur i bhfeidhm acu.
- (79) Le Rialachán (AE) 2024/3110 cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun ceanglais maidir le lipéadú inbhuanaitheachta comhshaoil a bhunú le haghaidh catagóirí sonracha táirgí agus finte sonracha táirgí foirgníochta, ar choinníoll gurb iad na tomhaltóirí a roghnaíonn an táirge de ghnáth agus nach bhfuil feidhmíocht chomhshaoil fhoriomlán éagsúil ag an táirge le linn a shaolré ag brath ar a shuiteáil. Ba cheart deireadh a chur leis na coinníollacha dochta sin chun é a chur ar a chumas don Choimisiún ceanglais a leagan síos maidir le lipéadú táirgí foirgníochta ar bhonn a ndéine carbóin, lena n-áirítear i gcás na dtáirgí sin nach ndíoltar de ghnáth le tomhaltóirí deiridh. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2024/3110 a leasú dá réir.

- (80) Sa mhéid gur Státchabhair é aon bheart dá bhforáiltear sa Rialachán seo, tá na forálacha a bhaineann le bearta den sórt sin gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 CFAE.
- (81) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, is é sin tacú le táirgeadh tionsclaíoch athléimneach agus dícharbónaithe, a ghnóthú go leordhóthanach agus ós rud é, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Is é is aidhm don Rialachán seo feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh trí chreat a bhunú chun tacú le forbairt, iomaíochas agus athléimneacht earnáil monaraíochta an Aontais, agus aird á díriú ar earnálacha straitéiseacha roghnaithe, agus trína bheith ag rannchuidiú an tráth céanna le cuspóir aeráide an Aontais, le slándáil eacnamaíoch agus le poist ardcháilíochta a chruthú, a choinneáil agus aistriú chucu.
2. Chun an cuspóir ginearálta dá dtagraítear i mír 1 a bhaint amach, leagtar síos leis an Rialachán seo bearta a bhfuil sé d'aidhm acu an méid seo a leanas a dhéanamh
 - (a) dlús a chur le nósanna imeachta deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail monaraíochta tionsclaíche, lena n-áirítear tionscadail dícharbónúcháin i dtionscail dianfhuinnimh;
 - (b) margaí tosaigh a chruthú do tháirgí áirithe in earnálacha straitéiseacha, trí cheanglais maidir le tionscnamh AE, ceanglais ísealcharbóin, nó an dá rud, a leagan síos i gcomhthéacs an tsoláthair phoiblí, scéimeanna tacaíochta poiblí;
 - (c) coinníollacha a leagan síos maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche in earnálacha straitéiseacha atá ag teacht chun cinn;
 - (d) limistéir dlúsúlachta monaraíochta tionsclaíche a bheith ainmnithe ag na Ballstáit chun borradh a chur faoi ghníomhaíochtaí tionsclaíocha.

Airteagal 2

An cuspóir tionsclaíochta

Féachfaidh an tAontas agus na Ballstáit lena áirithiú gurb é 20 % ar a laghad d'olltáirgeacht intíre an Aontais a bheidh i dtionscal monaraíochta an Aontais faoi 2035.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘tionscadal monaraíochta tionsclaíche’ tógáil, tiontú nó leathnú láithreáin thionsclaíoch ar a bhfuil sé beartaithe gníomhaíocht eacnamaíoch a aicmítear faoi Chód NACE C (Monarú) a dhéanamh, cé is moite de Chód NACE C12;
- (2) ciallaíonn ‘tionscail dianfhuinnimh’ na tionscail a liostaítear i bpointe 1 d’Iarscríbhinn I;
- (3) ciallaíonn ‘tionscadail dícharbónúcháin i dtionscail dianfhuinnimh’ saoráid tráchtála gnólachta dianfhuinnimh a thógáil nó a thiontú, mar a shainmhínítear in Airteagal 17(1), pointe (a), de Threoir 2003/96/CE ón gComhairle⁵² sna tionscail dianfhuinnimh a liostaítear i bpointe 1 d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, lena laghdaítear rátaí astaíochtaí choibhéis CO₂ na bpróiseas tionsclaíoch go mór agus go buan a mhéid is indéanta go teicniúil;
- (4) ciallaíonn ‘nós imeachta deonaithe ceadanna’ próiseas lena gcumhdaítear na ceadanna ábhartha uile chun tionscadail monaraíochta tionsclaíche a thógáil, a leathnú, a thiontú agus a oibriú, lena n-áirítear ceadanna tógála, ceimiceán agus nasctha eangaí mar a shainmhínítear in Airteagal 1 den [Togra le haghaidh Treoir lena leasaítear Treoracha (AE) 2018/2001, (AE) 2019/944, (AE) 2024/1788 a mhéid a bhaineann le dlús a chur le nósanna imeachta um dheonú ceadanna⁵³], agus measúnuithe agus údaruithe comhshaoil i gcás inar gá, agus lena gcuimsítear na hiarratais agus na nósanna imeachta uile ón admháil go bhfuil an t-iarratas comhlánaithe go dtí an fógra faoin gcinneadh cuimsitheach maidir le toradh an nós imeachta;
- (5) ciallaíonn ‘cinneadh cuimsitheach’ an cinneadh nó an tacar cinntí a dhéanann údarás nó údaráis Ballstáit, lena gcinntear cé acu atá nó nach bhfuil tionscnóir tionscadail údaráithe chun tionscadal monaraíochta tionsclaíche a thógáil, a leathnú, a thiontú agus a oibriú;
- (6) ciallaíonn ‘conradh’, conradh poiblí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (5) de Threoir 2014/24/AE⁵⁴ é, conarthaí soláthair, oibreacha agus seirbhíse mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir 2014/25/AE⁵⁵ iad, agus lamháltais mar a shainmhínítear in Airteagal 5, pointe (1), de Threoir 2014/23/AE iad;
- (7) ciallaíonn ‘údarás conarthach’, údarás conarthach mar a shainmhínítear in Airteagal 6 de Threoir 2014/23/AE, Airteagal 2(1), pointe (1) de Threoir 2014/24/AE agus Airteagal 3 de Threoir 2014/25/AE é;
- (8) ciallaíonn ‘eintiteas conarthach’ eintiteas conarthach mar a shainmhínítear in Airteagal 7 de Threoir 2014/23/AE agus in Airteagal 4 de Threoir 2014/25/AE é;

⁵² Treoir 2003/96/EC ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúru ar chreat an Chomhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (IO L 283, 31.10.2003, lgh. 51–70, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2003/96/oj>).

⁵³ Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha (AE) 2018/2001, (AE) 2019/944, (AE) 2024/1788 a mhéid a bhaineann le dlús a chur le nósanna imeachta um dheonú ceadanna ((2025/0400 (COD))).

⁵⁴ Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lgh. 65–242, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2014/24/oj>).

⁵⁵ Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir leis an soláthar a dhéanann eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lgh. 243–374, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2014/25/oj>).

- (9) ciallaíonn ‘oibreoir eacnamaíoch’ an monaróir, an t-ionadaí údaithe, an t-allmhaireoir, an dáileoir, an déileálaí agus an soláthraí seirbhíse próiseála ordaithe agus, chun críoch nósanna imeachta soláthair phoiblí, ciallaíonn sé oibreoir eacnamaíoch mar a leagtar amach in Airteagal 5, pointe (2), de Threoir 2014/23/AE, Airteagal 2(1), pointe (10), de Threoir 2014/24/AE agus Airteagal 2, pointe (6), de Threoir 2014/25/AE;
- (10) ciallaíonn ‘nós imeachta soláthair phoiblí’ aon cheann díobh seo a leanas:
- (a) nós imeachta um oibreacha nó lamháltas seirbhíse a dhámhachtain a chumhdaítear le Treoir 2014/23/AE;
 - (b) aon chineál nós imeachta dámhachtana a chumhdaítear le Treoir 2014/24/AE maidir le conradh poiblí a thabhairt i gcrích nó le Treoir 2014/25/AE maidir le conradh soláthair, oibreacha agus seirbhíse a thabhairt i gcrích;
- (11) ciallaíonn ‘déine gás ceaptha teasa’ astaíochtaí (arna dtomhas i dtonaí de choibhéis CO₂) a scaoiltear le linn tháirgeadh na dtáirgí tionsclaíocha dá dtagraítear in Airteagal 10(2);
- (12) ciallaíonn ‘monaróir’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach a mhonaraíonn táirge nó a ndéantar táirge a dhearadh nó a mhonarú dó, agus a mhargaíonn an táirge sin faoina ainm nó faoina thrádmharc;
- (13) ciallaíonn ‘teorainn an chórais’ an grúpa próiseas ceimiceach nó fisiceach a áirítear i ríomh dhéine gás ceaptha teasa na dtáirgí;
- (14) ciallaíonn ‘réamhtheachtaí’ aon ábhar ionchuir i bpróiseas táirgthe ar cuid de theorainneacha an chórais é.
- (15) ciallaíonn ‘tionscal na gceimiceán’ gníomhaíochtaí a aicmítear faoin dara athbhreithniú ar NACE, Cóid C20 (Monarú ceimiceán agus táirgí ceimiceacha), a dhéanann monaróirí atá bunaithe san Aontas;
- (16) ciallaíonn ‘foinsí carbóin inbhuanaithe’ bithmhais a chomhlíonann na critéir inbhuanaitheachta a leagtar síos in Airteagal 29 de Threoir (AE) 2018/2001, dramhaíl agus carbón a thagann ó astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin a ghabháil.
- (17) ciallaíonn ‘substaint’ substaint mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (7), de Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 í;
- (18) ciallaíonn ‘meascán’ meascán mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (8), de Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 é;
- (19) ciallaíonn ‘a chuirtear ar fáil ar an margadh’ táirge a sholáthar chun a dháilte, chun a thomhailte nó chun a úsáidte ar mhargadh an Aontais le linn gníomhaíocht tráchtála, bíodh sé sin ar íocaíocht nó saor in aisce;
- (20) ciallaíonn ‘feithicil bhreosla-chille’ nó ‘FCV’ feithicil atá feistithe le gléasra cumhachta arb é atá ann go heiseach tiontairí fuinnimh a aistríonn fuinneamh ceimiceach (ionchur) ina fhuinneamh leictreach (aschur), nó *vice versa*, agus meaisíní leictreacha mar thiontairí fuinnimh tiomána;

- (21) ciallaíonn ‘mótarfheithicil’ aon fheithicil de chatagóirí M agus N dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointí (a) agus (b), de Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵⁶;
- (22) ciallaíonn ‘feithicil leictreach hibrideach le luchtú seachtrach’ nó ‘OVC-HEV’ feithicil atá feistithe le gléasra cumhachta ina bhfuil dhá chatagóir dhifriúla ar a laghad de thiontaí fuinnimh tiomána agus inar meaisín leictreach is féidir a luchtú ó fhoinshe sheachtrach é ceann amháin de na tiontaí fuinnimh tiomána;
- (23) ciallaíonn ‘feithicil lánleictreach’ nó ‘PEV’ feithicil atá feistithe le gléasra cumhachta inar meaisín leictreach go heisiach iad na tiontaí fuinnimh tiomána agus inar córais stórála fuinnimh leictreach in-athluchtaithe go heisiach iad na córais stórála fuinnimh tiomána;
- (24) ciallaíonn ‘príomh-chomhpháirteanna sonracha’ na príomh-chomhpháirteanna sonracha mar a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme 2025/1178 ón gCoimisiún⁵⁷;
- (25) ciallaíonn ‘ceallra tarraingthe na feithicle’ an ceallra feithicle leictre atá saindeartha chun cumhacht leictreach a sholáthar le haghaidh tarraingthe mar a shainmhínítear in Airteagal 3(14) de Rialachán (AE) 2023/1542⁵⁸.
- (26) ciallaíonn ‘comhpháirteanna gléasra cumhachta leictre’ leictreonaic chumhachta, mótaí leictreacha tiomána iompair agus acastóirí leictreonacha agus a gcomhpháirteanna, rótaí agus státaí;
- (27) ciallaíonn ‘príomhchórais leictreonacha’ ardchórais cúnta tiománaí (lena n-áirítear LIDAR, radar, braiteoirí, ceamaraí, aonaid rialaithe leictreonacha agus ardáin comhtháthaithe), láraonaid ríomhaireachta, córais rochtana gan sreang, ceannaonaid córais infheithicle faisnéise agus siamsaíochta agus leictreonaic fonnaidh;
- (28) ciallaíonn ‘comhpháirt feithicle’ aon pháirt d’fheithicil, lena n-áirítear ábhar próiseáilte;
- (29) ciallaíonn ‘cóimeáilte’ an próiseas arb é atá ann cóimeáil deiridh na feithicle;
- (30) ciallaíonn ‘monaróir feithicle’ duine nádúrtha nó dlítheanach atá freagrach as gach gné de chineálcheadú feithicle, córais, comhpháirte nó aonaid theicniúil faoi leith, nó as an gceadú feithicle aonair, nó as an bpróiseas údaráithe le haghaidh páirteanna agus trealaimh, as comhréireacht táirgeachta a áirithiú agus as cúrsaí faireachais margaidh i dtaobh na feithicle, an chórais, na comhpháirte, an aonaid theicniúil faoin leith, na páirte nó an trealaimh sin a tháirgtear, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil an duine sin rannpháirteach go díreach i ngach céim de dheardh agus de thógáil na feithicle, an chórais, na comhpháirte nó an aonaid theicniúil faoi leith lena mbaineann;

⁵⁶ Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithicilí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithicilí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/858/oj>).

⁵⁷ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1178 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2025 maidir le rialacha a leagan síos chun Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann leis an liosta táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta agus a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha chun gur féidir measúnú a dhéanamh ar an rannchuidiú leis an athléimneacht (IO L, 2025/1178, 18.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1178/oj).

⁵⁸

- (31) ciallaíonn ‘infheistíocht dhíreach choigríche’ infheistíocht, lena n-áirítear infheistíochtaí úrnua, i sprioc-chuideachta AE nó i sócmhainn AE arna déanamh ag infheisteoir coigríche nó ag fochuideachta de chuid an infheisteora coigríche atá dírithe ar naisc mharthanacha dhíreacha a bhunú nó a choinneáil ar bun idir an t-infheisteoir coigríche agus an fiontraí dá gcuirtear an caipiteal ar fáil, nó an gnóthas dá gcuirtear an caipiteal ar fáil, nó ar shócmhainn AE a úsáid, chun gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh i mBallstát, lena n-áirítear infheistíochtaí a chumasaíonn rannpháirtíocht éifeachtach i mbainistiú nó i rialú cuideachta a dhéanann gníomhaíocht eacnamaíoch;
- (32) ciallaíonn ‘infheisteoir coigríche’ duine nádúrtha tríú tír nach náisiúnach de Bhallstát é nó gnóthas tríú tír, a bhfuil sé beartaithe aige infheistíocht dhíreach choigríche a dhéanamh nó a bhfuil infheistíocht dhíreach choigríche déanta aige;
- (33) ciallaíonn ‘fochuideachta de chuid infheisteora coigríche’ gnóthas atá faoi rialú, go díreach nó go hindíreach, ag infheisteoir coigríche gan beann ar áit a bhunaíochta;
- (34) Ciallaíonn ‘sprioc-chuideachta AE’ gnóthas arna bhunú faoi dhlíthe Ballstáit;
- (35) Ciallaíonn ‘sócmhainn AE’ sócmhainn dhochorraithe a úsáidtear nó a bheartaítear a úsáid chun táirgí a mhonarú i gcíoch an Aontais;
- (36) Ciallaíonn ‘oibrí AE’ aon duine nádúrtha ag a bhfuil Conradh fostaíochta nó caidreamh fostaíochta mar a shainmhínítear leis an dlí nó le comhaontú nó cleachtas comhchoiteann atá i bhfeidhm i mBallstát agus ar saoránach den Aontas nó náisiúnach tríú tír é a bhfuil cónaí air go dleathach i mBallstát agus a bhfuil cead oibre bailí aige tráth earcaíochta;
- (37) ciallaíonn ‘infheistíocht phunainne’ éadail urrús cuideachta atá beartaithe le haghaidh infheistíocht airgeadais go huile agus go hiomlán agus gan aon rún a bheith ann tionchar a imirt ar bhainistiú ná ar rialú na cuideachta;
- (38) ciallaíonn ‘láimhdeachas’ an méid arna dhíorthú ag gnóthas de réir bhrí Airteagal 5(1) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle⁵⁹;
- (39) ciallaíonn ‘ábhar gníomhach’ ábhar a imoibríonn go ceimiceach chun fuinneamh leictreach a tháirgeadh nuair a dhí-luchtaíonn an chill ceallra nó chun fuinneamh leictreach a stóráil nuair atá an ceallra á luchtú;
- (40) ciallaíonn ‘ceallra feithicle leictre’ ceallra feithicle leictre mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (14), de Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶⁰;
- (41) ciallaíonn ‘soláthróir’ monaróir atá bunaithe san Aontas, ionadaí údaráithe monaróra nach bhfuil bunaithe san Aontas, nó allmhaireoir, a chuireann táirge ar mhargadh an Aontais;

⁵⁹ Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([IO L 24, 29.1.2004, lch. 1](#)).

⁶⁰ Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE (IO L 191, 28.7.2023, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1542/oj>).

CAIBIDIL II

COINNÍOLLACHA CUMASÚCHÁIN MAIDIR LE TÁIRGEADH TIONSCLAÍOCH AGUS DÍCHARBÓNÚ

Airteagal 4

Pointí rochtana aonair

1. Bunóidh na Ballstáit pointe rochtana aonair ar an leibhéal náisiúnta chun go gcuirfidh tionscnóirí tionscadail isteach an t-iarratas aonair ar thionscadail monaraíochta tionsclaíche dá dtagraítear in Airteagal 5(1).
2. Déanfaidh na pointí rochtana aonair na hiarratais ar chead a shannadh go huathoibríoch don údarás ábhartha, cuirfidh siad an t-iarratasóir ar an eolas faoi gach céim den nós imeachta deonaithe ceadanna, faoi stádas an nós imeachta agus faoi chinntí na n-údarás ábhartha, agus cuirfidh siad ar a chumas don iarratasóir comhlíonadh na sprioc-amanna is infheidhme a sheiceáil. Chuige sin, úsáidfí na pointí rochtana aonair na Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa a bhunaítear de bhun [Togra le haghaidh Rialachán maidir le bunú Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa].

Agus úsáid á baint as Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa, cumasóidh na pointí rochtana aonair na nithe seo a leanas:
 - (a) idir-inoibritheacht agus malartú uathoibríoch sonraí idir údaráis inniúla;
 - (a) athúsáid sonraí agus doiciméad atá i seilbh na n-údarás poiblí cheana féin;
 - (b) ardleibhéal cibearshlándála agus sláine faisnéise;
 - (c) trédhearcacht agus cuntasacht an nós imeachta deonaithe ceadanna.
3. Agus na pointí rochtana aonair á mbunú, bainfidh na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, úsáid as bonneagar digiteach, catalóga agus bloic thógála AE atá ann cheana a bunaíodh le dlí an Aontais.

Airteagal 5

Nós imeachta deonaithe ceadanna

1. Bunóidh na Ballstáit nós imeachta aonair deonaithe ceadanna bunaithe ar iarratas aonair lena gcumhdófar na ceadanna uile is gá le haghaidh tionscadail monaraíochta tionsclaíche.
2. Ainmneoidh na Ballstáit údarás inniúil chun an nós imeachta deonaithe ceadanna dá dtagraítear i mír 1 a chomhordú chun a áirithiú go nglacfar agus go n-eiseofar cinneadh cuimsitheach laistigh den teorainn ama is infheidhme.
3. Tráth nach déanaí ná 45 lá ón iarratas ar chead le haghaidh tionscadail monaraíochta tionsclaíche a fháil, admhóidh an t-údarás inniúil go bhfuil an t-iarratas comhlánaithe nó iarrfaidh sé go soláthrófar aon fhaisnéis atá in easnamh agus is gá chun an t-iarratas a phróiseáil.

I gcás ina meastar fós, tar éis aon fhaisnéis a bhí in easnamh a chur isteach, go bhfuil an t-iarratas neamhiomlán, féadfaidh an t-údarás inniúil, laistigh de 30 lá ó cuireadh isteach an fhaisnéis iarrtha a bhí in easnamh, an dara hiarraidh a dhéanamh ar aon fhaisnéis atá fós in easnamh. Ní iarrfaidh an t-údarás inniúil faisnéis i réimsí nach gcumhdaítear sa chéad iarraidh ar fhaisnéis bhreise agus ní iarrfaidh sé tuilleadh

faisnéise ach amháin de réir mar is gá chun an fhaisnéis atá in easnamh a chumhdach.

4. Ní bheidh feidhm ag forálacha an Airteagail seo i gcás ina mbunaítear rialacha maidir le cuíchóiriú na bpróiseas riaracháin agus deonaithe ceadanna i ngníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais le haghaidh earnálacha sonracha monaraíochta tionsclaíche.

Airteagal 6

Tionscadail dícharbónúcháin i dtionscail dianfhuinnimh

1. Beidh feidhm ag Caibidil II, Roinn II, de Rialachán (AE) 2024/1735 maidir le gach tionscadal dícharbónúcháin i dtionscail dianfhuinnimh.
2. Measfar gach tionscadal dícharbónúcháin i dtionscail dianfhuinnimh a bheith ina thionscadal straitéiseach a rannchuidíonn le hathléimneacht agus dícharbónú nó le héifeachtúlacht acmhainní chun críocha [Airteagal 14 den Togra le haghaidh Rialachán maidir le dlús a chur le measúnú comhshaoil]. Beidh feidhm ag pointí 1, 2 agus 3 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin.

CAIBIDIL III

SLABHRAÍ LUACHA TIONSCLAÍOCHA STRAITÉISEACHA AN AONTAIS A NEARTÚ

Airteagal 7

Tionscnamh AE

1. Chun críocha na Caibidle seo, tagraíonn ábhar de thionscnamh AE d'ábhar atá de thionscnamh an Aontais.
2. Cinnfear tionscnamh táirgí agus comhpháirteanna i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Airteagal 8

Ábhar atá coibhéiseach le hábhar de thionscnamh AE sa soláthar poiblí

1. Maidir leis na ceanglais i ndáil le tionscnamh AE dá dtagraítear in Airteagal 11, measfar gur de thionscnamh an Aontais é ábhar de thionscnamh tríú tíortha a bhfuil comhaontú tugtha i gcrích ag an Aontas leo lena mbunaítear limistéar saorthrádála nó aontas custaim, nó atá ina bpáirtithe sa Chomhaontú maidir le Soláthar Rialtais, i gcás ina bhfuil oibleagáidí ábhartha ar an Aontas faoin gcomhaontú sin.
2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 30 chun tríú tír a eisiáimh, go hiomlán nó go páirteach, ó raon feidhme mhír 1 bunaithe ar aon cheann de na critéir seo a leanas:
 - (a) ní dhearna an tríú tír sin cóireáil náisiúnta a sholáthar a bhaineann le táirgí nó eintitis de chuid an Aontais faoi na comhaontuithe dá dtagraítear i mír 1 i ndáil le haon cheann de na hearnálacha a liostaítear in Iarscríbhinn I;
 - (b) tá údar leis an eisiáimh sin ionas go seachnófar spleáchais nó aon fhorbairt eile a d'fhéadfadh slándáil soláthair na dtáirgí atá i gceist san Aontas a chur i mbaol;
 - (c) tá údar leis an eisiáimh sin faoi aon eisceacht eile faoin gcomhaontú is infheidhme.

Airteagal 9

Ábhar atá coibhéiseach le hábhar de thionscnamh AE i bhfoirmeacha eile idirghabhála poiblí

1. Maidir leis na ceanglais i ndáil le tionscnamh AE a leagtar amach in Airteagal 12, measfar gur de thionscnamh an Aontais é ábhar de thionscnamh tríú tíortha a bhfuil comhaontú tugtha i gcrích ag an Aontas leo lena mbunaítear limistéar saorthrádála nó aontas custaim.
2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 30 chun tríú tír a eisiamh, go hiomlán nó go páirteach, ó raon feidhme mhír 1 bunaithe ar aon cheann de na critéir seo a leanas:
 - (a) ní dhearna an tríú tír sin cóireáil náisiúnta a sholáthar a bhaineann le táirgí nó eintitis de chuid an Aontais faoi na comhaontuithe dá dtagraítear i mír 1 i ndáil le haon cheann de na hearnálacha a liostaítear in Iarscríbhinn I;
 - (b) tá údar leis an eisiamh sin ionas go seachnófar spleáchais nó aon fhorbairt eile a d'fhéadfadh slándáil soláthair na dtáirgí atá i gceist san Aontas a chur i mbaol;
 - (c) tá údar leis an eisiamh sin faoi aon eisceacht eile faoin gcomhaontú is infheidhme.

Airteagal 10

Táirgí ísealcharbóin

1. Chun críocha na Caibidle seo, measfar gur táirge ísealcharbóin é táirge a chumhdaítear le hIarscríbhinn II i gcás ina gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar amach i gníomhartha tarmligthe, mar a leanas:
 - (a) i gcás táirgí foirgníochta dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2024/3110 agus a chumhdaítear le sonraíocht theicniúil chomhchuibhithe nó le Measúnú Teicniúil Eorpach, na gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 5(5) nó Airteagal 22(9) de Rialachán (AE) 2024/3110;
 - (b) i gcás gach táirge eile, gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2024/1781, de réir mar is infheidhme.
2. Chun tacú le cruthú margaí tosaigh trí bhonn eolais a chur faoi chinntí infheistíochta i dtreo táirgí dá ndeonaítear aicme feidhmíochta déine gás ceaptha teasa níos ísle, cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 30 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí chórais aicmithe dheonacha a bhunú bunaithe ar dhéine gás ceaptha teasa táirgí a mhonaraítear trí ghníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE ('táirgí tionsclaíochtaí') nuair a chuirtear ar mhargadh an Aontais iad, a mhéid nach rialaítear na táirgí sin cheana féin le Gníomh Tarmligthe faoi Rialachán (AE) 2024/1781 nó nach n-áirítear iad sna pleananna oibre a ghlactar i gcomhréir leis an Rialachán sin.

Sonraí astaíochtaí agus na sonraí ábhartha eile uile a úsáidtear chun déine gás ceaptha teasa a ríomh, déanfaidh fíoraitheoirí atá creidiúnaithe faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶¹ nó

⁶¹ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 maidir le fíorú sonraí agus maidir le creidiúnú fíoraitheoirí de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 334, 31.12.2018, lch. 94, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/2067/oj).

fíoraitheoirí atá creidiúnaithe faoi na gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2023/956, de réir mar is iomchuí, iad a fhíorú. Déanfar faireachán ar astaíochtaí i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos i gCaibidil III de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún agus leis na modhanna faireacháin sonraí agus na ceanglais cháilíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/331. I gcás táirgí allmhairithe, féadfar faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956 agus leis na modhanna faireacháin sonraí agus na ceanglais cháilíochta a bhunaítear le gníomhartha cur chun feidhme a ghlactar de bhun Airteagal 7(7), pointe (a), de Rialachán (AE) 2023/956, i gcás ina ndéantar foráil ann maidir le tacar sonraí coibhéiseach.

Sonrófar leis na gníomhartha tarmligthe sin, de réir mar is iomchuí, na heilimintí seo a leanas:

- (a) sainaitheint an táirge ar féidir le monaróir iarratas a dhéanamh ar lipéad ina leith maidir le déine gás ceaptha teasa;
- (b) teorainneacha ábhartha an chórais, lena gcumhdaítear astaíochtaí ón bpróiseas monaraíochta tionsclaíche, astaíochtaí ó réamhtheachtaithe ábhartha agus astaíochtaí ó ídiú leictreachais. Breithnítear na hastaíochtaí sin gan beann ar cibé acu i saoráid an mhonaróra nó i saoráidí eile a tharlaíonn na hastaíochtaí sin, agus é á aithint go bhféadfaí réamhtheachtaithe áirithe a fháil ó shuiteálacha eile;
- (c) an mhodheolaíocht chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an táirge a ríomh
- (d) aicmiú lena ngabhann aicmí feidhmíochta;
- (e) rialacha comhlántacha maidir le rialachas an lipéid, lena n-áirítear eintitis inniúla; agus
- (f) rialacha comhlántacha maidir le creidiúnú, faireachán agus fíorú,

Agus na rialacha sin á bhforbairt ag an gCoimisiún, cuirfidh sé an méid seo a leanas ar a laghad san áireamh:

- (a) na luachanna tagarmhairc táirge is déanaí is infheidhme mar a shainmhínítear faoi Threoir 2003/87/CE;
- (b) sonraí atá ar fáil cheana féin faoi CTA AE agus SCCT;
- (c) rialacha nua de chuid an Aontais maidir le cuntas a choinneáil ar astaíochtaí, lena n-áirítear astaíochtaí ó ídiú leictreachais, breoslaí ísealcharbóin agus breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch;
- (d) teicneolaíochtaí táirgthe ísealcharbóin atá ag teacht chun cinn, chomh maith le hacmhainneacht mheasta laghdaithe astaíochtaí teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn;
- (e) an gá atá le glacadh ábhar athchúrsáilte i ngach bealach táirgthe a dhreasú; agus
- (f) an t-ailíniú le cuspóirí aeráidneodrachta, mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶².

⁶² Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE)

Airteagal 11
Soláthar poiblí

1. Eisiafaidh údaráis chonartha agus eintitis chonartha ó rochtain ar nósanna imeachta soláthair dá dtagraítear i gCuid I d'Iarscríbhinn II agus i gCuid I d'Iarscríbhinn III tairiscintí arna gcur isteach ag oibreoirí eacnamaíocha atá faoi úinéireacht nó faoi rialú eintitis atá bunaithe i dtríú tíortha nach bhfuil comhaontú idirnáisiúnta tugtha i gcrích acu leis an Aontas lena ráthaítear an rochtain sin.
2. I gcás nósanna imeachta soláthair poiblí dá dtagraítear i gCuid I d'Iarscríbhinn II agus i gCuid I d'Iarscríbhinn III, cuirfidh údaráis chonartha agus eintitis chonartha na ceanglais maidir le tionscnamh AE agus na ceanglais ísealcharbóin a leagtar síos iontu i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 10.
3. Féadfaidh údaráis chonartha agus eintitis chonartha cinneadh a dhéanamh gan na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinní II agus III a chur i bhfeidhm i gcás ina gcomhlíontar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) ní ceadmhach ach d'oibreoir eacnamaíoch amháin ar leith na táirgí nó seirbhísí is gá a sholáthar, agus ní ann d'aon rogha mhalartach nó ionadach réasúnach, agus níl an easpa iomaíochta mar thoradh ar chúngú saorga ar pharaiméadair an nós imeachta soláthair poiblí;
 - (b) níor tíolacadh aon tairiscint oiriúnach ná aon iarraidh oiriúnach ar rannpháirtíocht, lena n-áirítear mar fhreagairt ar nós imeachta soláthair poiblí comhchosúil a bhí ann roimhe agus a sheol an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach céanna sa 2 bhliain roimh thús an nós imeachta soláthair nua atá beartaithe;
 - (c) dá gcuirfí i bhfeidhm iad, cheanglófaí ar údarás conarthach nó ar eintiteas conarthach earraí, seirbhísí nó oibreacha a fháil a mbeadh costais dhíreireacha ag baint leo nó nach mbeadh a n-oibriú agus a gcothabháil comhoiriúnach go teicniúil. Féadfaidh údaráis chonartha agus eintitis chonartha a thiomhdaí go bhfuil difríochtaí costais measta os cionn 25 % díreireach, bunaithe ar shonraí oibiachtúla trédhearcacha.
4. Cuirfidh údaráis chonartha agus eintitis chonartha de cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha a sholáthraíonn táirgí nó seirbhísí féindearbhu, nó doiciméad coibhéiseach, a chur isteach lena léirítear go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo.

Airteagal 12
Cineálacha eile idirghabhálacha poiblí

1. Gan dochar d'Airteagail 107 agus 108 CFAE, déanfaidh na Ballstáit scéimeanna tacaíochta poiblí a cheapadh ar bhealach ina rannchuideoidh siad leis an gcuspóir go neartófar slabhraí luacha tionsclaíocha straitéiseacha an Aontais trí cheanglais maidir le tionscnamh AE, trí cheanglais maidir le cion ísealcharbóin, nó tríd an dá rud, a leagtar síos i gCuid II d'Iarscríbhinn II agus i gCuid II d'Iarscríbhinn III, i gcomhréir le hAirteagail 9 agus 10 agus gan dochar d'Airteagal 13.

Cuirfidh na Ballstáit na ceanglais dá dtagraítear sa chéad fhomhír i bhfeidhm maidir le scéimeanna tacaíochta poiblí ar fiú 45 % ar a laghad den bhuiséad náisiúnta

Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1119/oj>).

iomlán arna leithdháileadh ar na scéimeanna tacaíochta poiblí a chumhdaítear le Cuid II d'Iarscríbhinn II iad agus 100 % den bhuiséad náisiúnta iomlán arna leithdháileadh ar na scéimeanna tacaíochta poiblí a chumhdaítear le Cuid II d'Iarscríbhinn III.

2. Agus scéim tacaíochta poiblí a chumhdaítear le Cuid II d'Iarscríbhinn II agus le Cuid II d'Iarscríbhinn III á ceapadh agus á cur chun feidhme ag an údarás inniúil, déanfaidh sé measúnú ar rannchuidiú táirgí agus teicneolaíochtaí leis an sprioc fhoriomlán a leagtar síos inti ar bhonn próiseas oscailte neamh-idirdhealaitheach trédhearcach.
3. Féadfaidh an t-údarás inniúil scéimeanna tacaíochta a chur chun feidhme fós nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar síos i gCuid II d'Iarscríbhinn II agus i gCuid II d'Iarscríbhinn III, go hiomlán nó go páirteach, más amhlaidh an méid seo a leanas maidir le cur i bhfeidhm na gceanglas sin:
 - (a) go mbeadh moilleanna suntasacha ann mar gheall ar neamh-infhaighteacht na gcomhpháirteanna nó na dtáirgí deiridh is gá. Féadfar a thiomhndiú gur moilleanna suntasacha iad moilleanna measta is faide ná 7 mí, bunaithe ar shonraí oibiachtúla trédhearcacha infhíoraithe;
 - (b) go dtabhófaí costais dhíríreacha. Toimhdeofar gur ann do chostais dhíríreacha i gcás ina méadódh costas an táirge deiridh nó na teicneolaíochta foluití níos mó ná 30 % mar thoradh ar chomhlíonadh, bunaithe ar shonraí oibiachtúla trédhearcacha infhíoraithe.

Airteagal 13

Tacaíocht airgeadais d'fheithiclí corparáideacha

Chun críocha Airteagal 4 den [Togra le haghaidh Rialachán an 16 Nollaig 2025 maidir le feithiclí corparáideacha glana], comhlíonfaidh an critéar 'Déanta san Aontas Eorpach' maidir le tacaíocht airgeadais a sholáthar chun gluaisteáin agus veaineanna corparáideacha a ghlacadh na critéir a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

Measfar go bhfuil an critéar sin 'Déanta san Aontas Eorpach' coibhéiseach le 'tionscnamh AE' dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán seo.

Airteagal 14

Creidmheasanna maidir le caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí CO₂

1. Chun críocha Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/631 [arna leasú leis an Togra le haghaidh Rialachán an 16 Nollaig 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 a mhéid a bhaineann le caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO₂ d'fheithiclí saothair éadroim nua agus lipéadú feithiclí], comhlíonfaidh an critéar 'de dhéantús an Aontais' maidir le feithiclí beaga astaíochtaí nialasacha na critéir a leagtar amach i gCuid III d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

Measfar an critéar sin 'de dhéantús an Aontais' a bheith coibhéiseach le 'tionscnamh AE' dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán seo.

2. Chun críocha Airteagal 5b de Rialachán (AE) 2019/631 [arna leasú leis an Togra le haghaidh Rialachán an 16 Nollaig 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 a mhéid a bhaineann le caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO₂

d'fheithiclí saothair éadroim nua agus lipéadú feithiclí], is mar a leanas a thuigfear 'cruach ísealcharbóin de dhéantús an Aontais':

- (a) comhlíonfaidh an critéar 'ísealcharbóin' na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 10(1) den Rialachán seo;
- (b) beidh 'de dhéantús an Aontais' coibhéiseach le 'tionscnamh AE' dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán seo.

Airteagal 15

Deimhniú go gcomhlíonann feithicil ceanglais maidir le tionscnamh AE

Ón [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta: 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus deimhniú comhréireachta feithicle á eisiúint ag monaróirí i gcomhréir le hAirteagail 36 agus 37 de Rialachán (AE) 2018/858, le haghaidh feithiclí a chomhlíonann na ceanglais ábhartha maidir le tionscnamh AE a leagtar síos in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo, soláthróidh siad doiciméad tionlacain lena ndeimhnítear comhlíontacht na feithicle.

Airteagal 16

Cumhachtaí a tharmligean

1. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 30 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí bhearta ar thaobh an éilimh ar leibhéal an Aontais a leagan síos le haghaidh táirgí ó thionscal na gceimiceán chun na gníomhaíochtaí seo a leanas a chur chun cinn:

- (a) substaintí agus meascáin de thionscnamh an Aontais a dhíorthaítear ó fhoinsí inbhuanaithe carbóin a tháirgeadh agus a dhíol;
- (b) substaintí agus meascáin de thionscnamh an Aontais a dhíorthaítear ó fhoinsí carbóin inbhuanaithe a úsáid i dtáirgí a chuirtear ar fáil ar an margadh.

Agus na gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú ag an gCoimisiún, ba cheart dó an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- (a) rannchuidiú na gceanglas le cuspóir an Aontais maidir le slándáil eacnamaíoch, athléimneacht agus aeráidneodracht a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119;
- (b) staid an mhargaidh ar leibhéal an Aontais, mar a shaináithnítear trí ghníomhaíochtaí faireacháin, lena n-áirítear sciartha an Aontais den mhargadh a bheith ag dul i laghad agus tionscal an Aontais a bheith ag táirgeadh faoi bhun acmhainneachta
- (c) an tionchar a d'imreodh socrú beart den sórt sin ar iomaíochas foriomlán agus ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na n-earnálacha ábhartha, agus ar chostais do thomhaltóirí iartheachtach agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do bhuiséid phoiblí.

2. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 30 chun leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn II nó Iarscríbhinn III a bhaineann le ceanglais maidir le tionscnamh AE, ceanglais ísealcharbóin, nó an dá rud, a leagtar amach le haghaidh táirgí dá dtagraítear iontu, agus na critéir seo a leanas á gcur san áireamh:

- (a) staid an mhargaidh ar leibhéal an Aontais, mar a shainithnítear trí ghníomhaíochtaí faireacháin, lena n-áirítear sciartha an Aontais den mhargadh a bheith ag dul i laghad agus tionscal an Aontais a bheith ag táirgeadh faoi bhun acmhainneachta;
 - (b) dul chun cinn teicneolaíochta;
 - (c) rannchuidiú na gceanglas le cuspóir an Aontais maidir le hord poiblí, slándáil eacnamaíoch, athléimneacht agus aeráidneodracht a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119;
 - (d) an t-éileamh ar na táirgí nó na teicneolaíochtaí ábhartha arna spreagadh ag fás na n-earnálacha iartheachacha;
 - (e) sciar an táirge nó na teicneolaíochta de luach táirgthe iomlán na hearnála iartheachaí;
 - (f) an tionchar a d'imreodh socrú ceanglas maidir le tionscnamh AE, ceanglas ísealcharbóin, nó an dá rud, ar iomaíochas foriomlán agus ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na n-earnálacha ábhartha, lena n-áirítear ar chostais do thomhaltóirí iartheachacha agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do bhuiséid phoiblí.
3. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31(2) chun modh ríofa chion mhéid na dtáirgí agus na gcomhpháirteanna de thionscnamh an Aontais a shonrú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, agus i gcás inarb iomchuí, chun foráil a dhéanamh maidir le teimpléid chaighdeánaithe a úsáid le haghaidh deimhnithe comhlíontachta.
- Féadfar a bhunú freisin leis na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i bhfomhír 1 na modhanna agus na nósanna imeachta atá le cur i bhfeidhm ag na húdaráis náisiúnta inniúla ábhartha, lena n-áirítear údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha, chun a fhíorú go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus, i gcás inarb iomchuí, chun úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha chun an comhlíonadh a ríomh, a fhíorú agus a léiriú.

CAIBIDIL IV

RANNÍOCAÍOCHT INFHEISTÍOCHTA COIGRÍCHE

Airteagal 17 **Raon feidhme**

1. Beidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche ar mó a luach ná EUR 100 milliún sna hearnálacha monaraíochta straitéiseacha atá ag teacht chun cinn dá dtagraítear i mír 2, i gcás ina bhfuil níos mó ná 40 % den acmhainneacht mhonaraíochta dhomhanda i seilbh an tríú tír ar náisiúnach nó gnóthas dá cuid é an t-infheisteoir coigríche.
- Ní chuirfear infheistíochtaí den sórt sin chun feidhme mura ndéanfaidh an tÚdaráis Infheistíochta nó an Coimisiún Eorpach, dá dtagraítear in Airteagal 19, iad a fhormheas go sainráite i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos sa Chaibidil seo.

2. Beidh feidhm ag an gcaibidil seo maidir le hinfheistíocht dhíreach choigríche i monaraíocht in aon cheann de na hearnálacha straitéiseacha seo a leanas atá ag teacht chun cinn:
 - (a) teicneolaíochtaí ceallraí agus a slabhra luacha le haghaidh córais stórála fuinnimh i gceallraí;
 - (b) feithiclí lánleictreacha, feithiclí leictreacha hibrideacha le luchtú seachtrach agus feithiclí breosla-chille leictreacha, lena n-áirítear comhpháirteanna a bhaineann le leictriú agus digitiú;
 - (c) teicneolaíochtaí fótavoltacha gréine;
 - (d) eastóscadh, próiseáil agus athchúrsáil amhábhhar criticiúil.
3. Ní bheidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an méid seo a leanas:
 - (a) infheisteoirí agus infheistíochtaí a chumhdaítear le comhpháirtíocht eacnamaíoch agus comhaontuithe saorthrádála atá i bhfeidhm nó á gcur i bhfeidhm go sealadach ag an Aontas a mhéid a tugadh gealltanais ábhartha faoi na comhaontuithe sin, lena n-áirítear infheistíochtaí arna ndéanamh ag fochuideachtaí AE de chuid na n-infheisteoirí coigríche sin;
 - (b) infheistíochtaí atá dírithe ar sheirbhísí a sholáthar, lena n-áirítear infheistíochtaí arna ndéanamh ag fochuideachtaí AE infheisteoirí;
 - (c) infheistíochtaí punainne.

Airteagal 18

Critéir maidir le hinfheistíocht dhíreach choigríche bhreisluacha

1. Faoin [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta: 1 mhí amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], ainmneoidh na Ballstáit Údarás Infheistíochta a dhéanfaidh an t-athbhreithniú ar infheistíocht dhíreach choigríche agus a chuirfidh forálacha na Caibidle seo chun feidhme.
Cuirfidh na Ballstáit na hacmhainní agus na modhanna dlíthiúla agus riaracháin is gá ar fáil don Údarás Infheistíochta sin chun na cúraimí a leagtar amach sa Rialachán seo a dhéanamh.
2. Ón [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta: 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], ní fhorghasfaidh Údaráis Infheistíochta ach infheistíochtaí díreacha coigríche arna ndéanamh go díreach ag infheisteoirí coigríche a chomhlíonann ceithre cinn nó níos mó de na sé choinníoll seo a leanas:
 - (a) ní fhaigheann, ní shealbhaíonn ná ní fheidhmíonn infheisteoirí coigríche leasanna úinéireachta ar mó iad ná 49 % den scairchaipiteal, de na cearta vótála, ná de na leasanna úinéireachta coibhéiseacha in aon sprioc-chuideachta AE, ná úinéireacht choibhéiseach, léasacht ná cearta eile lena dtugtar rialú ar shócmhainn AE;
 - (b) déanann infheisteoir coigríche an infheistíocht dhíreach trí chomhfhiontar le heintiteas AE amháin nó níos mó, agus gan níos mó ná 49 % den scairchaipiteal, de na cearta vótála, nó de leasanna úinéireachta coibhéiseacha nó de chearta eile lena dtugtar rialú in aon cheann de na heintitis AE atá rannpháirteach sa chomhfhiontar a bheith ag an infheisteoir coigríche. Déanfar na comhfhiontair sin a struchtúru chun rannpháirtíocht éifeachtach

comhpháirtithe de chuid an Aontais i mbainistiú, in aistriú teicneolaíochta agus i bhfothú acmhainneachta a áirithiú;

- (c) tá comhaontuithe déanta ag infheisteoirí coigríche lena ndéantar foráil maidir le ceadúnú a gceart maoine intleachtúla agus a gcuid feasa gnó chun tairbhe na sprioc-chuideachta AE, nó chun tairbhe na sócmhainne AE, chun é a chur ar a cumas di a gníomhaíochtaí eacnamaíocha a dhéanamh i gcomhthéacs na hinfheistíochta dírí coigríche. Na cearta nó na sócmhainní maoine intleachtúla uile a d'fhorbair an sprioc-chuideachta AE nó an t-eintiteas dlítheanach a shealbhaíonn an tsócmhainn AE roimh an infheistíocht choigríche nó gan comhoibriú an infheisteora coigríche, beidh siad faoi úinéireacht iomlán agus eisiach na sprioc-chuideachta AE nó an eintitis dhlítheanaigh a shealbhaíonn an tsócmhainn AE. Na cearta nó na sócmhainní maoine intleachtúla uile a forbraíodh sa chomhthéacs sin mar thoradh ar chomhoibriú le sócmhainní gnó eile an infheisteora coigríche, nó i gcás phointe b, a d'fhorbair an comhfhiontar, beidh siad faoi úinéireacht chomhpháirteach an Infheisteora Coigríche agus na sprioc-chuideachta AE, an chomhfhiontair a shainmhínítear i bpointe b nó an eintitis dhlítheanaigh a shealbhaíonn an tsócmhainn AE;
 - (d) déanann an t-infheisteoir coigríche méid atá coibhéiseach le 1 % ar a laghad d'ollioncam bliantúil na sprioc-chuideachta AE, nó den ollioncam bliantúil a ghineann an tsócmhainn AE, a dhíríú chuig caiteachas taighde agus forbartha san Aontas, arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le sciar an infheisteora coigríche den rialú;
 - (e) beidh 50 % ar a laghad den lucht saothair atá fostaithe i gcomhthéacs na hinfheistíochta dírí coigríche, tráth a cur chun feidhme agus ar bhonn leanúnach i gcaitheamh a hoibrithe, ina oibrithe AE i ngach catagóir den lucht saothair, lena n-áirítear poist oibríochtúla, theicniúla, mhaoirseachta agus bhainistíochta. Beidh bearta leordhóthanacha oiliúna agus fothaithe acmhainneachta ag gabháil leis an bhfostaíocht sin. I gcás ina mbíonn gníomhaíochtaí monaraíochta á ndéanamh cheana féin ag sprioc-chuideachta AE nó ag sócmhainn AE sula bhfaightear an infheistíocht, lena n-áirítear tar éis féimheachta, tabharfar tosaíocht don lucht saothair atá ann cheana a choinneáil nó don lucht saothair a bhí ann roimhe seo a athfhostú, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le cur i bhfeidhm comhaontuithe comhchoiteanna. I gcás ina bhfaighidh an t-infheisteoir coigríche, an sprioc-chuideachta AE nó an tsócmhainn AE cistiú poiblí, d'ainneoin Airteagal 107 CFAE, geallfaidh sé nó sí nach laghdóidh sé nó sí an líon oibrithe AE ar feadh tréimhse 5 bliana nó aisghabhfaidh na húdaráis náisiúnta ábhartha an cistiú a dámhadh;
 - (f) i gcomhthéacs na hinfheistíochta dírí coigríche, ullmhaíonn agus foilsíonn an t-infheisteoir coigríche ar a shuíomh gréasáin straitéis chun slabhraí luacha an Aontais a fheabhsú agus tosaíocht a thabhairt d'fhoinsiú ionchur le haghaidh na gníomhaíochta monaraíochta ón Aontas agus féachann sé le 30 % ar a laghad de na hionchuir a úsáidtear le haghaidh na dtáirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais a fhoinsiú ón Aontas.
3. Comhlíonfaidh an infheistíocht dhíreach choigríche an coinníoll dá dtagraítear i mír 2(e) atá le formheas ag an Údarás Infheistíochta de bhun mhír 2.
4. Féadfaidh Údaráis Infheistíochta cuid de na coinníollacha nó na coinníollacha uile a leagtar amach i mír 2 a chur i bhfeidhm maidir le hinfheistíochtaí díreacha arna ndéanamh laistigh den Aontas ag fochuideachta de chuid an infheisteora coigríche i

gcás ina mbeidh sé fíor-riachtanach chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach, faoi na coinníollacha seo a leanas:

- (a) cuirfear cosc ar an infheisteoir coigríche teacht timpeall ar an Rialachán seo; nó
 - (b) i gcás nach mbeidh aon bheart malartach, lena n-áirítear gealltanais arna moladh ag an infheisteoir coigríche nó ag fochuideachta de chuid an infheisteora coigríche, ar fáil go réasúnta agus nach lú an srian a chuireann siad ar infheistíocht dhíreach laistigh den Aontas chun cuspóirí an Rialacháin a bhaint amach.
5. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme, faoin [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]) chun na rialacha mionsonraithe a shonrú maidir le comhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar síos i mír 2 a fhíorú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 31(3).

Airteagal 19

Réamhfhógra a thabhairt faoi infheistíochtaí díreacha coigríche atá beartaithe

1. Déanfaidh infheisteoir coigríche fógra faoi aon infheistíocht dhíreach atá beartaithe laistigh de raon feidhme Airteagal 17 a thabhairt d'Údarás Infheistíochta an Bhallstáit ina bhfuil an sprioc-chuideachta AE nó an tsócmhainn AE lonnaithe, agus as a dtiocfadh rialú ar an sprioc-chuideachta AE nó ar an tsócmhainn AE mar a leagtar síos i mír 3.

Beidh an fhaisnéis uile is gá san fhógra chun go mbeidh an tÚdarás Infheistíochta in ann an t-athbhreithniú infheistíochta a dhéanamh de bhun Airteagal 20.
2. Chun a chinneadh an sroicheann an luach infheistíochta an tairseach a leagtar amach in Airteagal 17(1), ní chomhiomlánófar ach infheistíochtaí infheisteora coigríche arna ndéanamh ag an infheisteoir coigríche roimhe seo sa sprioc-chuideachta AE chéanna nó sa tsócmhainn AE chéanna ón [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].
3. Measfar go bhfuil rialú ag infheisteoirí coigríche i gcás ina sroicheann an infheistíocht i gceist ceachtar den dá thairseach seo a leanas:
 - (a) 30 faoin gcéad nó níos mó de scairchaipiteal sprioc-chuideachta AE nó de chearta vótála inti;
 - (b) 30 faoin gcéad nó níos mó d'úinéireacht sócmhainne AE, agus léasacht nó cearta eile lena dtugtar rialú ar shócmhainn AE.
4. I gcás ina mbeadh méid is mó ná na tairseacha úinéireachta nó rialaithe a leagtar síos i mír 3 i seilbh chomhchoiteann infheisteoirí coigríche mar thoradh ar infheistíocht a éadail nó a bhunú, tabharfar fógra faoin éadail nó faoin mbunú sin.
5. Chun a ríomh ar sroicheadh ceachtar de na tairseacha a leagtar síos i mír 3, measfar leasanna comhiomlánaithe arna sealbhú go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear trí chleamhnaithe, trí shlabhraí úinéireachta nó ag infheisteoirí coigríche atá ag gníomhú de chomhbheart.
6. I gcás ina bhfuil na sprioc-chuideachtaí ábhartha AE nó na sócmhainní ábhartha AE lonnaithe i níos mó ná Ballstát amháin, tabharfaidh an t-infheisteoir coigríche fógra d'Údaráis Infheistíochta inniúla na mBallstát uile lena mbaineann agus don Choimisiún an lá céanna faoi threoir na bhfógraí eile. Comhordóidh na Ballstáit lena

mbaineann an t-athbhreithniú ar na fógraí sin agus comhaontóidh siad leis na Ballstáit eile lena mbaineann, agus leis an gCoimisiún, na coinníollacha a fhorchuirfear.

Cinnfidh an Coimisiún cé na coinníollacha a chuirfear i bhfeidhm maidir leis an infheistíocht dhíreach choigríche i gcás nach mbeidh aon chomhaontú idir na Ballstáit lena mbaineann.

Infheistíocht dhíreach choigríche a dtugtar fógra fúithi de bhun na chéad fhomhíre, comhlíonfaidh sí na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 18 sna Ballstáit uile lena mbaineann.

Airteagal 20

Athbhreithniú agus formheas

1. Déanfaidh an tÚdarás Infheistíochta cinneadh maidir le hinghlacthacht an fhógra de bhun Airteagail 17 agus 19 laistigh de 30 lá ón bhfógra a fháil. Féadfar síneadh 15 lá breise a chur leis an sprioc-am sin i gcás ina léireoidh an tÚdarás Infheistíochta go sásúil go dtugann na himthosca údar leis an síneadh.

I gcás ina gcinnfidh an tÚdarás Infheistíochta go bhfuil fógra inghlactha, tarchuirfidh sé an fógra iomlán láithreach chuig an gCoimisiún, lena n-áirítear na doiciméid uile a fuarthas.

2. Laistigh de 30 lá ón bhfógra a fháil, féadfaidh an Coimisiún tuairim i scríbhinn a eisiúint i dtaobh an dtagann an infheistíocht dhíreach choigríche faoi raon feidhme Airteagail 17 agus 19, an gcomhlíonann sí na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 18(2) agus an bhfuil an infheistíocht le formheas ag an Údarás Infheistíochta.

I gcás ina n-eiseoidh an Coimisiún tuairim i scríbhinn, tarchuirfidh sé chuig an Údarás Infheistíochta í gan mhoill. Féadfaidh an Coimisiún an tuairim i scríbhinn a roinnt le hÚdaráis Infheistíochta Ballstát eile nó an tuairim i scríbhinn a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin oifigiúil, agus aird chuí á tabhairt ar rúndacht.

3. Tráth nach luaithe ná an tuairim a fháil ón gCoimisiún nó dul in éag an sprioc-ama dá dtagraítear i mír 2 agus tráth nach déanaí ná 60 lá, nó 75 lá má cuireadh síneadh leis an sprioc-am i gcomhréir le mír 1, ón bhfógra a fháil, eiseoidh an tÚdarás Infheistíochta cinneadh réasúnaithe lena bhformheasfar an infheistíocht dhíreach choigríche nó lena ndiúltófar di. Formheasfaidh an tÚdarás Infheistíochta an infheistíocht dhíreach choigríche má chomhlíonann sí ceithre cinn de na sé choinníoll a leagtar amach in Airteagal 18. Féadfar síneadh 30 lá breise a chur leis an sprioc-am chun an cinneadh réasúnaithe a eisiúint i gcás ina léiríonn an tÚdarás Infheistíochta go sásúil go dtugann na himthosca údar leis an síneadh.

Cuirfidh an tÚdarás Infheistíochta na cinntí réasúnaithe sin in iúl don Choimisiún laistigh de 3 lá ó ghlactar iad.

4. I gcás ina ndéanfaidh an tÚdarás Infheistíochta cinneadh a imíonn ó thuairim an Choimisiúin a mhéid a bhaineann leis an infheistíocht dhíreach choigríche a bheith ag comhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 18, déanfaidh an tÚdarás Infheistíochta measúnú níos mionsonraithe ar an bhfógra laistigh de thréimhse bhreise 2 mhí agus ní thiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm go dtí go rachaidh an sprioc-am sin in éag.

Tabharfaidh Údarás Infheistíochta, ina gcinneadh réasúnaithe arna eisiúint de bhun mhír 3, údar leis an gcaoi ar cuireadh tuairim an Choimisiúin san áireamh.

5. Leagfaidh an tÚdarás Infheistíochta amach, ina chinneadh formheasa, oibleagáidí tuairiscithe ar an infheisteoir lena mbaineann, d'fhonn measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh leanúnach na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 18.
6. Beidh sé de cheart ag aon pháirtí atá faoi réir cinneadh a eisítear de bhun mhíreanna 1 nó 3 leigheas breithiúnach a lorg in aghaidh an chinnidh sin.

Airteagal 21

Athbhreithniú ag an gCoimisiún ar infheistíocht dhíreach choigríche

1. Tar éis an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 19(1), féadfaidh an Coimisiún a chinneadh measúnú a dhéanamh ar an infheistíocht dhíreach choigríche sna himthosca seo a leanas:
 - (a) ar a thionscnamh féin, i gcás ina bhféadfadh an infheistíocht dhíreach choigríche tionchar mór a imirt ar chruthú breisluacha i margadh an Aontais;
 - (b) arna iarraidh sin d'Údarás Infheistíochta a bheidh ag láimhseáil fógra, nó d'Údarás Infheistíochta Ballstáit eile, a n-imreodh an infheistíocht dhíreach choigríche i gceist tionchar mór ar a chríoch; nó
 - (c) ar a thionscnamh féin, i gcás inar mó ná EUR 1 bhilliún luach na hinfeistíochta díri coigríche.
2. Chun críocha mhír 1, measfar go bhféadfadh an infheistíocht dhíreach choigríche tionchar mór a imirt ar chruthú breisluacha sa mhargadh inmheánach, in aon cheann de na cásanna seo a leanas:
 - (a) tá tábhacht straitéiseach ar leith ag baint léi don mhargadh inmheánach;
 - (b) imríonn sí tionchar mór eacnamaíoch ar chríoch níos mó ná Ballstát amháin;
 - (c) tá riosca ard ann go gcuirfeadh sí isteach ar shlándáil soláthair na hearnála straitéisí sin atá ag teacht chun cinn nó ar shlabhraí luacha gaolmhara san Aontas, nó ar an tslándáil i níos mó ná Ballstát amháin;
 - (d) tá riosca ard ann go mbeadh éifeacht dhíobhálach aici ar an gcomhshaol i níos mó ná Ballstát amháin;
 - (e) tá luach an-ard ag baint léi i gcomparáid le hinfeistíochtaí eile san earnáil straitéiseach sin atá ag teacht chun cinn.
3. Tar éis an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 19(1), féadfaidh an Coimisiún a chinneadh measúnú a dhéanamh ar infheistíocht dá dtagraítear in Airteagal 18(4). Féadfaidh an Coimisiún a mheasúnú a dhéanamh ar a thionscnamh féin, nó arna iarraidh sin d'Údarás Infheistíochta a bheidh ag láimhseáil fógra, nó d'Údarás Infheistíochta Ballstáit eile a n-imreodh an infheistíocht dhíreach choigríche i gceist tionchar mór air.

Ar bhonn a mheasúnaithe, féadfaidh an Coimisiún a cheangal ar an Údarás Infheistíochta cuid de na coinníollacha nó na coinníollacha uile a leagtar amach in Airteagal 18(2) a chur i bhfeidhm ar bhealach comhréireach, nó gan iad a chur i bhfeidhm.
4. I gcás ina gcinneadh an Coimisiún measúnú a dhéanamh ar an infheistíocht dhíreach choigríche de bhun an Airteagail seo, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na forálacha a leagtar amach in Airteagal 18, ag tosú lena chinneadh an measúnú a dhéanamh.

Airteagal 22

Faireachán agus forfheidhmiú ag an Údarás Infheistíochta

1. Déanfaidh an tÚdarás Infheistíochta faireachán tráthrialta ar an infheistíocht dhíreach choigríche chun a áirithiú go leanann sí de bheith ag comhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 18. Chun na críche sin, tuairisceoidh an t-infheisteoir coigríche go tráthrialta don Údarás Infheistíochta maidir le comhlíonadh na gcoinníollacha.
2. Arna iarraidh sin don Choimisiún, déanfaidh an tÚdarás Infheistíochta na tuarascálacha a chuireann an t-infheisteoir isteach de bhun mhír 1 a tharchur chuig an gCoimisiún mar aon lena mheasúnú féin ar gach tuarascáil.
3. Bunóidh an tÚdarás Infheistíochta pionóis i gcás neamhchomhlíonadh fhorálacha na Caibidle seo, go háirithe i gcás ina nach ndéanfaidh infheisteoirí coigríche nó infheistíochtaí coigríche na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:
 - (a) na ceanglais fógra i gcomhréir le hAirteagal 19;
 - (b) na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 18;
 - (c) na hoibleagáidí faireacháin a bhunaítear leis an Airteagal seo.
4. Ní bheidh íocaíochtaí pionósacha arna mbunú ag an Údarás Infheistíochta níos lú ná 5 % de mheánláimhdeachas comhiomlán laethúil an ghnóthais infheisteora coigríche i gcás sárú de bhun mhír 3, pointe (a).

I gcás inar duine príobháideach é an t-infheisteoir coigríche, bunóidh an tÚdarás Infheistíochta íocaíocht phionósach nach lú ná 5 % den luach infheistíochta i gcás sárú de bhun mhír 3, pointe (a).

Beidh na híocaíochtaí pionósacha arna mbunú ag an Údarás Infheistíochta éifeachtach agus comhréireach leis na sáruithe a leagtar síos i mír 3.

Cuirfidh an tÚdarás Infheistíochta an Coimisiún ar an eolas gan moill mhíchui faoi aon neamhchomhlíonadh dá dtagraítear i mír 3 agus faoi na pionóis arna bhforchur dá dheasca.

Airteagal 23

Faireachán ag an gCoimisiún

1. Chun críocha Airteagal 17, déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an acmhainneacht mhonaraíochta dhomhanda le haghaidh gach ceann de na hearnálacha straitéiseacha atá ag teacht chun cinn, agus forbairt á déanamh ar ghníomhaíochtaí faireacháin a dhéantar cheana, go háirithe de bhun Rialachán (AE) 2024/1735.
2. Déanfaidh an Coimisiún faisnéis nuashonraithe ón mbliain is déanaí a bhfuil sonraí ar fáil ina leith a sholáthar agus a fhoilsiú le haghaidh gach ceann de na hearnálacha straitéiseacha atá ag teacht chun cinn dá dtagraítear in Airteagal 17(2).

I gcás ina gcinntídh an Coimisiún measúnú a dhéanamh ar an infheistíocht dhíreach choigríche de bhun Airteagal 21, féadfaidh sé, trí chinneadh, pionóis a fhorchur ar an infheisteoir coigríche má thugann sé faisnéis bhréagach nó mhíthreorach ina fhógra, nó mura soláthraíonn sé an fhaisnéis a theastaíonn ón gCoimisiún chun a oibleagáid athbhreithnithe a chomhlíonadh.

Ní bheidh na pionóis arna bhforchur ag an gCoimisiún níos mó ná meánláimhdeachas laethúil 5 % an infheisteora coigríche, nó i gcás duine príobháideach, níos mó ná 5 % den luach infheistíochta.

Airteagal 24

Cumhachtaí a tharmligean

1. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 30 den Rialachán seo chun liosta na n-earnálacha straitéiseacha atá ag teacht chun cinn atá le cumhdach leis an gCaibidil seo a fhorlíonadh le hearnálacha atá rithábhachtach do shlándáil eacnamaíoch an Aontais lena n-áirítear teicneolaíochtaí glan-nialasachta a liostaítear in Airteagal 4(1), pointí (b), (d), (e), (g), (h), (j), (k), (n), (p) agus (s), de Rialachán (AE) 2024/1735, teicneolaíochtaí timthrialla breosla núicléach dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (i), de Rialachán (AE) 2024/1735, teicneolaíochtaí tiomána leictre le haghaidh iompair dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (r), de Rialachán (AE) 2024/1735, agus gan teicneolaíochtaí digiteacha, intleacht shaorga, teicneolaíochtaí candamacha agus leathsheoltóirí a áireamh.

Beidh na gníomhartha tarmligthe sin gan dochar do ghníomhartha eile de chuid an Aontais lena mbunaítear critéir infheistíochta do na hearnálacha sin.
2. Beidh na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 1 bunaithe ar na tosca seo a leanas:
 - (a) measúnú i dtaobh an ndéanfaí infheistíocht dhíreach choigríche san Aontas a dhíspreagadh go míchuí dá modhnófaí liosta na n-earnálacha straitéiseacha atá ag teacht chun cinn;
 - (b) an líon infheistíochtaí díreacha coigríche san earnáil sin, agus a rannchuidiú le slándáil soláthair an Aontais agus an breisluach a chuireann siad le geilleagar an Aontais á gcur san áireamh;
 - (c) staid agus dálaí an mhargaidh, lena n-áirítear suaitheadh sa slabhra soláthair, ar leibhéal an Aontais;
 - (d) forbairtí teicneolaíocha agus iomaíochas an Aontais san earnáil sin i gcomparáid le tríú tíortha;
 - (e) spleáchas an tslabhra soláthair san earnáil ábhartha ar thír amháin nó níos mó.
3. Beidh an méid seo a leanas sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun mhír 1:
 - (a) an luach tairsí dá dtagraítear in Airteagal 17(1) i gcás gach ceann de na hearnálacha breise sin;
 - (b) an bhfuil na coinníollacha infheistíochta dá dtagraítear in Airteagal 18 iomchuí agus riachtanach chun cuspóirí an Rialacháin seo a chomhlíonadh maidir leis an earnáil lena mbaineann, agus mura bhfuil, cé acu de na critéir sin atá le cur i bhfeidhm.

CAIBIDIL V

LIMISTÉIR DLÚSÚLACHTA MONARAÍOCHTA TIONSCLAÍCHE

Airteagal 25

Limistéir náisiúnta dlúsúlachta monaraíochta tionsclaíche a ainmniú

1. Ainmneoidh na Ballstáit limistéar dlúsúlachta monaraíochta tionsclaíche amháin ar a laghad ar a gcrioch faoin [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] chun tionscadail monaraíochta tionsclaíche a bhraisiú i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha straitéiseacha a liostaítear in Iarscríbhinn I.
2. Ainmneoidh na Ballstáit limistéir dlúsúlachta monaraíochta tionsclaíche trí chinneadh, ar bhonn na n-eilimintí seo a leanas:
 - (a) tionchar tháirgeadh an limistéir dlúsúlachta monaraíochta tionsclaíche ar shlándaíl sholáthar an Aontais do na hearnálacha straitéiseacha a liostaítear in Iarscríbhinn I;
 - (b) acmhainneacht an limistéir dlúsúlachta monaraíochta tionsclaíche chun tacú le cur in úsáid na hacmhainneachta táirgeachta sna hearnálacha straitéiseacha a liostaítear in Iarscríbhinn I, chun slabhraí luacha an Aontais agus acmhainneacht nuálaíochta an Aontais a neartú chun dlús a chur le gníomhaíochtaí tionsclaíocha monaraíochta inbhuanaithe, lena n-áirítear dícharbónú agus cleachtais ghnó chiorclacha, agus chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a chothú, i gcomhréir le tionscadail straitéiseacha agus tionscnaimh eile, lena n-áirítear mar Shainlimistéir Dlúsúlachta Glan-Nialasachta, a dhéantar de bhun reachtaíocht eile de chuid an Aontais;
 - (c) an líon FBManna agus FMBanna a thairbheodh d'fhorálacha na Caibidle seo laistigh den limistéar dlúsúlachta monaraíochta tionsclaíche;
 - (d) leibhéal forbartha réigiúin an Bhallstáit, lena n-áirítear na limistéir is lú forbairt, réigiúin atá i mbun aistriú agus réigiúin atá i mbun claochlú tionsclaíoch.
3. Agus limistéir dlúsúlachta monaraíochta tionsclaíche á n-ainmniú ag na Ballstáit, déanfaidh siad an méid seo a leanas:
 - (a) raon feidhme geografach soiléir a shainiú don limistéar dlúsúlachta;
 - (b) tosaíocht a thabhairt do shuíomhanna a bhfuil coinne leis nach n-imreofar tionchar mór ar an gcomhshaol iontu i ngeall ar thionscadail monaraíochta tionsclaíche a bheith á gcur in úsáid in earnáil shonrach nó in earnálacha sonracha;
 - (c) tosaíocht a thabhairt do shuíomhanna lasmuigh de láithreáin Natura 2000 agus lasmuigh de limistéir arna n-ainmniú faoi scéimeanna cosanta náisiúnta um chaomhnú an dúlra agus na bithéagsúlachta, chomh maith le limistéir eile arna sainaithint ar bhonn léarscáileanna íogaireachta agus lasmuigh de limistéir faoi chosaint dá dtagraítear in Airteagal 6 de Threoir 2000/60/CE;
 - (d) cuirfear rioscaí aeráide san áireamh sna limistéir ainmnithe;

- (e) tosaíocht a thabhairt do dhromchlaí saorga agus tógtha, láithreáin thionsclaíocha agus láithreáin athfhorbraíochta, agus do thionscadail straitéiseacha a sainaithníodh cheana féin de bhun reachtaíocht eile de chuid an Aontais.
4. Agus limistéir dlúsúlachta monaraíochta tionsclaíche á n-ainmniú ag na Ballstáit, cuirfidh siad na breithnithe seo a leanas san áireamh, de réir mar is ábhartha:
- (a) riachtanais bhonneagair an limistéir dlúsúlachta;
 - (b) riachtanais mhaoinithe an tionscail monaraíochta atá lonnaithe sa limistéar dlúsúlachta agus an fhéidearthacht go dtacófaí leis an tionscal sin, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le státchabhair;
 - (c) riachtanais an tslabhra soláthair laistigh den limistéar dlúsúlachta agus na hábhair fhíor-riachtanacha, go háirithe ábhair thánaisteacha, is gá le haghaidh gníomhaíochtaí monaraíochta;
 - (d) a indéanta atá sé an limistéar dlúsúlachta a nascadh le soláthar fuinnimh ísealcharbóin leordhóthanach chun dlús a chur le gníomhaíocht monaraíochta tionsclaíche;
 - (e) riachtanais scileanna, na ganntanais agus na treochtaí fostaíochta agus na bearta tacaíochta chun athsciliú agus uas-sciliú leordhóthanach an lucht saothair áitiúil a bhaint amach;
 - (f) an gá, de réir mar is ábhartha, atá le díthruailliú an limistéir dlúsúlachta chun tús gníomhaíochtaí tionsclaíocha nua a éascú;
 - (g) riachtanais taighde agus nuálaíochta chun dlús a chur leis an ngníomhaíocht monaraíochta tionsclaíche sa limistéar;
 - (h) faisnéis ábhartha a bhaineann go sonrach le suíomh arna cur ar fáil go poiblí ag an tionscal, lena n-áirítear pleananna corparáideacha um aistriú aeráide, spriocanna agus gníomhaíochtaí gaolmhara, riachtanais infheistíochta agus na creataí beartais cumasúcháin is gá.
5. Sula nglacfar iad, beidh na pleananna nó na cláir maidir le hainmniú na limistéar dlúsúlachta monaraíochta tionsclaíche faoi réir measúnú comhshaoil de bhun Threoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶³, agus, más dócha go mbeidh tionchar mór acu ar láithreáin Natura 2000, beidh siad faoi réir an mheasúnaithe iomchuí de bhun Airteagal 6(3) de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle⁶⁴ agus, i gcás inarb infheidhme, faoi réir an mheasúnaithe ábhartha chun Airteagal 4(7) de Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶⁵ a chomhlíonadh.
6. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas maidir le hainmniú limistéir dlúsúlachta monaraíochta tionsclaíche, laistigh de 30 lá ón gcinneadh ábhartha a ghlacadh.

⁶³ Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaoil (IO L 197, 21.7.2001, lch. 30, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2001/42/oj>).

⁶⁴ Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj>).

⁶⁵ Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat i gcomhair gníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2000/60/oj>).

Airteagal 26
Coinníollacha cumasúcháin

Déanfaidh na Ballstáit na bearta seo a leanas, i gcás inarb iomchuí, chun forbairt limistéar dlúsúlachta monaraíochta tionsclaíche a éascú:

- (a) maoiniú tionscadal sna limistéir dhlúsúlachta a éascú trí chomhordú idir údaráis a áirithiú agus nósanna imeachta inmheánacha a chuíchóiriú, i sineirgíocht le cláir de chuid an Aontais agus i gcomhréir leis na rialacha atá ann cheana maidir le státchabhair i gcás inarb infheidhme, agus rannpháirtíocht FBManna agus FMBanna á cur san áireamh;
- (b) infheistíochtaí taighde agus nuálaíochta a chur chun cinn chun dlús a chur le hacmhainneacht nuálach agus le hiomaíochas agus ceannaireacht teicneolaíochta an Aontais sna limistéir dhlúsúlachta;
- (c) anailís chuimsitheach a dhéanamh, agus athbhreithniú a dhéanamh gach 3 bliana ar a laghad, ar riachtanais fuinnimh gach limistéir dlúsúlachta lena sainaitheann an toilleadh bonneagair fuinnimh is gá chun tionscadail monaraíochta tionsclaíche atá lonnaithe sa limistéar dlúsúlachta a fheidhmiú agus a fhorbairt go cuí.

Déanfar an anailís sin, ar a laghad, nuair a bheidh an limistéar dlúsúlachta tionsclaíche á ainmniú agus i gcás gharspriocanna 2030, 2040 agus 2050, lena n-áirítear ailíniú le conair dícharbónaithe an Aontais;

- (d) a áirithiú go dtabharfar aird chuí sna pleananna forbartha gréasáin arna n-ullmhú ag oibreoirí córais tarchurtha de bhun Airteagal 51 de Threoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶⁶ agus ag oibreoirí córais dáileacháin de bhun Airteagal 32 de Threoir (AE) 2019/944 ar an anailís a ullmhaítear de bhun phointe (c) den mhír seo, i bhfianaise a mhéid a d'fhéadfadh infheistíochtaí oirchilleacha freastal ar riachtanais an chórais amach anseo;
- (e) faisnéis a mhalartú maidir le slabhraí soláthair ábhartha, scrogaill fhéideartha a shainaithint agus comhordú idir limistéir dhlúsúlachta a neartú a mhéid a bhaineann le saincheisteanna amhábhair criticiúil faoi chuimsiú an Bhoird Eorpaigh um Amhábhair Chriticiúla a bhunaítear le hAirteagal 35 de Rialachán (AE) 2024/1252;
- (f) eintitis sna limistéir dhlúsúlachta a chur chun cinn agus a rannpháirtíocht a éascú, i gcás inarb ábhartha, sa sásra ceannaigh chomhpháirtigh a bhunaítear le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) 2024/1252, lena n-áirítear trí threoraíocht, tacaíocht agus faisnéis a sholáthar chun rannpháirtíocht éifeachtach a áirithiú;
- (g) tacú le lucht saothair ardoilte a fhorbairt agus a chur ar fáil agus deiseanna oiliúna agus printíseachta iomchuí a sholáthar, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le fostaíocht ardcháilíochta laistigh de na limistéir dhlúsúlachta sin;
- (h) faisnéis a mhalartú maidir leis na scileanna is gá, maidir le ganntanais fhéideartha sna scileanna sin agus maidir leis na dea-chleachtais a chuirtear i

⁶⁶ Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 125, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2019/944/oj>).

bhfeidhm sna limistéir dhlúsúlachta faoi chuimsiú shainghrúpa an Fhóraitm Thionsclaíoch a bhunaítear le COM/2020/102⁶⁷;

- (i) sineirgí a áirithiú agus na tairbhí a sholáthraítear faoin gComhshocrú um Scileanna⁶⁸ nó eintitis atá bunaithe sna limistéir dhlúsúlachta a chur chun cinn, agus aird ar leith á tabhairt ar Chomhpháirtíochtaí Scileanna ar Mórscála agus ar Chomhpháirtíochtaí Scileanna Réigiúnacha a áirítear iontu.

Airteagal 27

Nósanna imeachta deonaithe ceadanna i limistéir dhlúsúlachta

1. I gcás gach limistéir dlúsúlachta monaraíochta tionsclaíche ainmnithe, ullmhóidh agus eiseoidh na Ballstáit ilchead bunlíne lena n-údarófar gníomhaíochtaí tionsclaíocha a bheidh lonnaithe sa limistéar sin. Cumhdófar leis an ilchead bunlíne sin na ceadanna agus na húdaruithe riaracháin is gá le haghaidh na dtionscadal monaraíochta tionsclaíche a bheidh lonnaithe sa limistéar dlúsúlachta, cé is moite de na ceadanna sin ar ceadanna iad a bhaineann go sonrach le suiteáil.
2. Sula n-eiseofar an t-ilchead bunlíne dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh na Ballstáit na measúnuithe uile is gá, lena n-áirítear measúnuithe comhshaoil ábhartha, nósanna imeachta pleanála agus meastóireachtaí is infheidhme ar leibhéal an limistéir dlúsúlachta. Cuirfidh na Ballstáit san áireamh an measúnú a dhéanfar de bhun Airteagal 25(5).
3. Ní cheanglófar ar thionscadail monaraíochta tionsclaíche atá lonnaithe i limistéar dlúsúlachta monaraíochta tionsclaíche ach na ceadanna nó na húdaruithe breise sin atá lasmuigh de raon feidhme an ilcheada bunlíne dá dtagraítear i mír 1 a fháil.
4. Na tionscadail monaraíochta tionsclaíche uile atá lonnaithe i limistéar dlúsúlachta, measfar gur tionscadail straitéiseacha iad a rannchuidíonn le hathléimneacht agus dícharbónú nó éifeachtúlacht acmhainní chun críocha [Airteagal 14 den Togra le haghaidh Rialachán maidir le dlús a chur le measúnú comhshaoil]. Beidh feidhm ag pointí 1, 2 agus 3 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin.

CAIBIDIL VI FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 28

Meastóireacht

Ón [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus ar a mhéid a chuir sé le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Breithneofar an méid seo a leanas sa mheastóireacht:

⁶⁷ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Straitéis Nua Tionsclaíochta don Eoraip (COM/2020/102 final).

⁶⁸ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, An Clár Oibre Eorpach um Scileanna le haghaidh an iomaíochais inbhuanaithe, na cothroime sóisialta agus na hathléimneachta (COM(2020) 274 final).

- (a) an dul chun cinn a rinneadh maidir le baint amach na gcuspóirí a shonraítear in Airteagal 1, go háirithe maidir le hathléimneacht, slándáil eacnamaíoch agus dícharbónú an táirgthe thionsclaíoch;
- (b) an dul chun cinn a rinneadh maidir le baint amach an chuspóra tionsclaíochta de bhun Airteagal 2, agus na dúshláin agus na deiseanna sa mhargadh inmheánach agus sna margaí domhanda á gcur san áireamh;
- (c) na costais riaracháin ghaolmhara, na tionchair eacnamaíocha ar earnálacha iartheachacha agus ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus na tionchair ar bhuiséid phoiblí.

Airteagal 29 **Athbhreithniú**

Ón [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún measúnú i dtaobh an gá Caibidlí III agus IV a leasú. Féadfaidh an Coimisiún togra reachtach a thíolacadh chun an Rialachán seo a aisghairm nó a leasú. Déanfar an t-athbhreithniú sin go tréimhsiúil gach 3 bliana tar éis an chéad athbhreithnithe.

Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún, tabharfaidh sé aird ar leith ar éifeachtacht an Rialacháin seo agus ar mharthanacht na n-imthosca a thug údar le glacadh an Rialacháin seo agus ar an ngá atá le ceanglais maidir le tionscnamh AE a thabhairt isteach i gcás táirgí ó earnálacha áirithe atá rithabhachtach do shlándáil eacnamaíoch an Aontais, go háirithe tógáil long agus rothstóic iarnróid.

Airteagal 30 **An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. An chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 8, 9, 10, 16 agus 24, tabharfar í don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ón [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 8, 9, 10, 16 agus 24 a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 8, 9, 10, 16 agus 24 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a

thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 31

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh Coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an Coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 32

Pionóis

Déanfaidh na Ballstáit rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin gan mhoill agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

Airteagal 33

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/1724

Leasaítear Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1724 i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 34

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2024/1735

Leasaítear Rialachán (AE) 2024/1735 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 3, cuirtear isteach na pointí (34), (35) agus (36) seo a leanas leis:
 - (a) ‘(34) ciallaíonn “ceallra tionsclaíoch” ceallra tionsclaíoch mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (13), de Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*,’
 - (b) ‘(35) ciallaíonn “córas stórála fuinnimh i gceallraí suite” córas stórála fuinnimh i gceallraí suite mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (15), de Rialachán (AE) 2023/1542;’
 - (c) ‘(36) ciallaíonn “teaschaidéal hidreanach” téitheoir spáis a úsáideann teas comhthimpeallach ó fhoinsé aeir, ó fhoinsé uisce nó ó fhoinsé talún, agus/nó dramhtheas chun teas a ghiniúint agus chun spás a théamh trí chiorcad uisce.’

* Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear

- (2) in Airteagal 9, cuirtear isteach an mhír (14) seo a leanas leis:

14. Measfar gur tionscadail straitéiseacha iad na tionscadail monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta uile lena rannchuidítear le hathléimneacht agus dícharbónú nó le héifeachtúlacht acmhainní chun críoch Airteagal 14(1) den [Togra le haghaidh Rialachán maidir le dlús a chur le measúnú comhshaoil].’;

- (3) Leasaítear Airteagal 25 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Maidir le nósanna imeachta soláthair phoiblí a thagann faoi raon feidhme Threoir 2014/23/AE, 2014/24/AE nó 2014/25/AE, i gcás conarthaí ina bhfuil teicneolaíochtaí glan-nialasachta a liostaítear in Airteagal 4(1), pointí (a) go (d), agus (h) go (i), den Rialachán seo ina gcuid dá n-ábhar, nó i gcás conarthaí oibreacha agus lamháltais oibreacha ina n-áirítear an teicneolaíocht sin, cuirfidh údaráis chonarthaigh agus eintitis chonarthaigh íoscheanglais shainordaitheacha i bhfeidhm maidir le hinbhuanaitheacht comhshaoil arna mbunú sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5 san Airteagal seo.’;

- (b) i mír 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

‘Cuirfear rannchuidiú na tairisceana leis an athléimneacht san áireamh i gcás nósanna imeachta soláthair phoiblí, conarthaí oibre agus lamháltais oibreacha dá dtagraítear i mír 1, i gcomhréir leis an mír seo.’

- (c) i mír 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) oibleagáid, fad a mhairfidh an Conradh, gan níos mó ná 50 % de luach an táirge teicneolaíochta glan-nialasachta deiridh shonraigh dá dtagraítear sa mhír seo ó gach tríú tír aonair a sholáthar de réir mar a chinnfidh an Coimisiún;

- (d) i mír 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) oibleagáid, fad a mhairfidh an Conradh, nach soláthróidh an tairgeoir ar a ndámhfar an Conradh nó fochonraitheoir ó gach tríú tír aonair, de réir mar a chinnfidh an Coimisiún, go díreach nó go hindíreach, níos mó ná 50 % de luach na bpríomh-chomhpháirteanna sonracha uile den teicneolaíocht ghlan-nialasachta shonrach, i dteannta a chéile, dá dtagraítear sa mhír seo.’;

- (4) Cuirtear an tAirteagal 25a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 25a

Ceanglais tionscnaimh maidir le nósanna imeachta soláthair phoiblí

1. I gcás na nósanna imeachta soláthair phoiblí dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, eisíafaídh údaráis chonarthaigh agus eintitis chonarthaigh ó rochtain ar na nósanna imeachta soláthair sin tairiscintí arna gcur isteach ag oibreoirí eacnamaíocha atá faoi úinéireacht nó faoi rialú eintitis atá bunaithe i dtríú tíortha nach bhfuil comhaontú idirnáisiúnta tugtha i gcrích acu leis an Aontas lena ráthaítear an rochtain sin.
2. I gcás nósanna imeachta soláthair phoiblí dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, cuirfidh údaráis chonarthaigh agus eintitis chonarthaigh na ceanglais maidir le tionscnamh AE a leagtar síos inti i bhfeidhm. Ceanglais a bhaineann le

príomh-chomhpháirteanna sonracha, beidh feidhm acu a mhéid a áirítear na comhpháirteanna sin sa táirge deiridh agus a mhéid sin amháin.

3. Féadfaidh údaráis chonarthaigh agus eintitis chonarthaigh cinneadh a dhéanamh gan ceanglas amháin nó roinnt ceanglas a leagtar amach in Iarscríbhinn II a chur i bhfeidhm i gcás ina gcomhlíontar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

- (a) ní ceadmhach ach d'oibreoir eacnamaíoch amháin ar leith na táirgí is gá a sholáthar, agus ní ann d'aon rogha mhalartach nó ionadach réasúnach, agus níl an easpa iomaíochta mar thoradh ar chúngú saorga ar pharaiméadair an nós imeachta soláthair phoiblí;
- (b) níor tíolacadh aon tairiscint oiriúnach ná aon iarraidh oiriúnach ar rannpháirtíocht, lena n-áirítear mar fhreagairt ar nós imeachta soláthair phoiblí comhchosúil a bhí ann roimhe agus a sheol an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach céanna sa 2 bhliain roimh thús an nós imeachta soláthair nua atá beartaithe;
- (c) chuirfeadh a gcur i bhfeidhm de cheangal ar an údarás conarthach nó ar an eintiteas conarthach earraí, seirbhísí nó oibreacha a fháil a mbeadh costais dhíreireacha ag baint leo nó bheadh neamhréireacht theicniúil ann maidir lena n-oibriú agus lena gcothabháil mar thoradh ar an gcur i bhfeidhm sin. Féadfaidh údaráis chonarthaigh agus eintitis chonarthaigh a thoimhdiú go bhfuil difríochtaí costais measta os cionn 25 % díreireach, bunaithe ar shonraí oibiachtúil trédhearcacha.
- (d) dá gcuirfí i bhfeidhm iad, chuirfí moill shuntasach ar sheachadadh an tionscadail toisc nach mbeadh na comhpháirteanna nó na táirgí deiridh is gá ar fáil. Féadfar a thoimhdiú gur moilleanna suntasacha iad moilleanna measta is faide ná 7 mí, bunaithe ar shonraí oibiachtúla trédhearcacha infhíoraithe.

4. Cuirfidh údaráis chonarthaigh de cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha a sholáthraíonn táirgí a thagann faoi raon feidhme an Airteagail seo féindearbhú, nó doiciméad coibhéiseach, a chur isteach lena léirítear go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo.'

- (5) Leasaítear Airteagal 26 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid a leanas in ionad an cheanntaidil: 'Ceantanna le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta'
- (b) leasaítear mír 1 mar a leanas:

cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'Agus ceantanna á gceapadh le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta a liostaítear in Airteagal 4(1), pointí (a) go (g), (i) agus (j), áireoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:'

i bpointe (a), cuirtear an pointe (iv) seo a leanas leis:

'(iv) soláthróirí ardriosca mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (39) de Rialachán xxxx/xxxx [CSA2]: I gcás ceantanna a n-áirítear iontu córais rialaithe, córais rialaithe bainistíochta, córais rialaithe maoirseachta agus fála sonraí, córais chianrochtana nó ballaí dóiteáin, ní bheidh soláthróirí a shainaithnítear a bheith ina soláthróirí ardriosca i gcomhréir le Rialachán xxxx/xxxx [CSA2] rannpháirteach sna próisis seo a leanas:

- (1) soláthar na dtáirgí nó na gcóras sin;
- (2) dearadh, forbairt nó táirgeadh na dtáirgí nó na gcóras sin;
- (3) bainistiú, rialú nó oibriú na dtáirgí nó na gcóras sin;
- (4) forbairt, cothabháil, oibriú nó nuashonrú a mbogearraí

cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b): ‘critéir réamhcháiliúcháin nó dhámhachtana dá dtagraítear i míreanna 2 agus 2a’.

- (c) Cuirtear isteach an mhír 2a seo a leanas: ‘2a. I gcás ina mbeidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta a liostaítear in Iarscríbhinn II ina gcuid d’ábhar na gceantanna, áireoidh na Ballstáit na critéir réamhcháiliúcháin nó na critéir dhámhachtana a leagtar síos in Iarscríbhinn II.’ Critéir a bhaineann le príomh-chomhpháirteanna sonracha, beidh feidhm acu a mhéid a áirítear na comhpháirteanna sin sa táirge deiridh agus a mhéid sin amháin.’;
- (d) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre: ‘Cumhachtaítear don Choimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena sonraítear a thuilleadh na critéir réamhcháiliúcháin agus dhámhachtana dá dtagraítear i mír 1 pointí (a), (i), (ii) agus (iii), agus i mír 2.’
- (e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4: ‘4. Nuair a chuirtear i bhfeidhm iad mar chritéir dhámhachtana, tabharfaidh na Ballstáit íosualú 5 % agus ualú comhcheangailte idir 15 % agus 30 % de na critéir dhámhachtana do gach ceann de na critéir dá dtagraítear i míreanna 2 agus 2a. Tá an méid sin gan dochar don fhéidearthacht ualú níos airde a thabhairt do na critéir dá dtagraítear sa cheathrú fómhír de mhír 2, i gcomhréir le haon teorainn le haghaidh critéir nach mbaineann le praghsanna a leagtar síos sna rialacha maidir leis an stáitchabhair.’.
- (f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5: ‘5. Ní cheanglófar ar na Ballstáit ceann amháin nó níos mó de na critéir réamhcháiliúcháin agus dhámhachtana a leagtar síos i mír 1, pointí (a), (i), (ii) agus (iii), agus i mír 1, pointe (b), a chur i bhfeidhm i gcás ina bhfágfadh cur i bhfeidhm na gcritéir sin go mbeadh costais dhíreireacha nó moilleanna suntasacha ar chur i gcrích an tionscadail toisc nach mbeadh na comhpháirteanna nó na táirgí deiridh is gá ar fáil. Féadfaidh na Ballstáit a thoimhdiú go bhfuil na costais díreireach, má tá difríocht os cionn 20 % sna costais in aghaidh an cheant, bunaithe ar shonraí oibiachtúil infhíoraithe. Féadfar a thoimhdiú gur suntasach iad moilleanna os cionn 7 mí, bunaithe ar shonraí oibiachtúla, trédhearcacha agus infhíoraithe.’
- (g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7: ‘7. Beidh feidhm ag Míreanna 1 go 5 maidir le 40 % ar a laghad den mhéid a chuirtear ar ceant in aghaidh na bliana in aghaidh an Bhallstáit, nó de rogha air sin, ar a laghad 8 Ghigeavata in aghaidh na bliana in aghaidh an Bhallstáit. Beidh feidhm ag mír 1, pointí (a)(ii) agus (iv), maidir le 100 % den mhéid a chuirtear ar ceant in aghaidh an Bhallstáit.’
- (h) i mír 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití: ‘Faoin 31 Nollaig 2027, déanfaidh an Coimisiún measúnú cuimsitheach ar chur i bhfeidhm na gcritéir dá dtagraítear i mír 2 agus ar a n-éifeacht ar chur in úsáid dlúsúil teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite. Faoin 31 Nollaig 2029 agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú cuimsitheach ar chur i bhfeidhm na gcritéir dá dtagraítear i míreanna 2 agus 2a agus ar a

n-éifeacht ar chur in úsáid dlúsúil teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite. Go sonrach, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar thionchar na gcritéar ar an méid seo a leanas:

- (6) Cuirtear na hAirteagal 28a go 28e seo a leanas isteach:

Airteagal 28a

Ceanglais maidir le tionscnamh i ndáil le cineálacha eile idirghabhála poiblí

1. Gan dochar d'Airteagail 107 agus 108 CFAE, áireofar sna scéimeanna tacaíochta dá dtagraítear in Iarscríbhinn II na ceanglais a leagtar síos inti. Ceanglais a bhaineann le príomh-chomhpháirteanna sonracha, beidh feidhm acu a mhéid a áirítear na comhpháirteanna sin sa táirge deiridh agus a mhéid sin amháin.
2. Agus scéim á ceapadh agus á cur chun feidhme de bhun mhír 1, déanfaidh an t-údarás measúnú ar chomhlíonadh na gceanglas ar bhonn próiseas oscailte neamh-idirdheallaitheach trédhearcach.
3. I gcás ina ndeonófar cúiteamh airgeadais breise, ní bheidh sé níos mó ná 15 % de chostas an táirge deiridh don tomhaltóir, lena n-áirítear costais iompair agus suiteála i gcás inarb ábhartha, cé is moite de scéimeanna lena ndírítear ar shaoránaigh atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht fuinnimh, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Rialachán (AE) 2023/955 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁷⁾, arb é 20 % an teorainn ina leith.

Airteagal 28b

Teorainneacha ar sholáthróirí ardriosca maidir le cineálacha eile idirghabhála poiblí

I gcás scéimeanna tacaíochta a thagann faoi raon feidhme Airteagail 28 agus 28a a n-áirítear iontu córais rialaithe, córais rialaithe bainistíochta, córais rialaithe maoirseachta agus fála sonraí, córais chianrochtana nó ballaí dóiteáin, ceapfaidh na Ballstáit na scéimeanna sin sa chaoi go n-áiritheofar nach mbeidh tairbhíthe incháilithe don scéim ach amháin i gcás nach mbeidh soláthróirí a shainaithnítear a bheith ina soláthróirí ardriosca i gcomhréir le Rialachán xxxx/xxxx [CSA2] rannpháirteach sna próisis seo a leanas:

- (a) soláthar na dtáirgí nó na gcóras sin;
- (b) dearadh, forbairt nó táirgeadh na dtáirgí nó na gcóras sin;
- (c) bainistiú, rialú nó oibriú na dtáirgí nó na gcóras sin;
- (d) forbairt, cothabháil, oibriú nó nuashonrú a mbogearraí.

Airteagal 28c

Ceanglais maidir le tionscnamh AE i ndáil le tacaíocht ó na Ballstáit do thógáil agus do mhonarú teicneolaíochtaí glan-nialasachta

1. Gan dochar d'Airteagail 107 agus 108 CFAE agus i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, agus na Ballstáit ag tacú le tógáil nó monarú táirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, áiritheoidh siad go gcomhlíonfar na ceanglais maidir le tionscnamh AE a leagtar síos san Iarscríbhinn sin. Ceanglais a bhaineann le príomh-chomhpháirteanna sonracha, beidh feidhm acu a mhéid a áirítear na comhpháirteanna sin sa táirge deiridh agus a mhéid sin amháin.

2. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan ceanglas amháin nó roinnt ceanglas dá dtagraítear i mír 1 a chur i bhfeidhm i gcás ina gcomhlíontar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) ní ceadmhach ach d'oibreoir eacnamaíoch amháin ar leith na comhpháirteanna is gá a sholáthar, agus ní ann d'aon rogha mhalartach nó ionadach réasúnach, agus níl an easpa iomaíochta mar thoradh ar chúngú saorga ar pharaiméadair an nós imeachta soláthair phoiblí;
 - (b) d'fhágfadh a gcur i bhfeidhm go mbeadh costais dhíreireacha nó neamh-chomhoiriúnacht theicniúil ann maidir lena n-oibriú nó lena gcothabháil. Féadfar a thoimhdiú gur difríochtaí díreireacha iad difríochtaí costais measta is mó ná 25 %, bunaithe ar shonraí oibiachtúla trédhearcacha;
 - (c) d'fhágfadh a gcur i bhfeidhm go gcuirfí an tionscadal i mbaol nó go mbeadh moilleanna suntasacha ar chur i gcrích an tionscadail toisc nach mbeadh na comhpháirteanna nó na táirgí deiridh is gá ar fáil. Féadfar a thoimhdiú gur suntasach iad moilleanna os cionn 7 mí, bunaithe ar shonraí oibiachtúla, trédhearcacha agus infhíoraithe.
3. Gan dochar d'Airteagail 107 agus 108 CFAE agus i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, agus na Ballstáit ag tacú le monarú táirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo agus a n-áirítear orthu córais rialaithe, córais rialaithe bainistíochta, córais rialaithe maoirseachta agus fála sonraí, córais chianrochtana nó ballaí dóiteáin, áiríteoidh siad nach mbeidh soláthróirí a shainaithnítear a bheith ina soláthróirí ardriosca i gcomhréir le Rialachán xxxx/xxxx [CSA2] rannpháirteach sna próisis seo a leanas:
 - (a) soláthar na dtáirgí nó na gcóras sin;
 - (b) dearadh, forbairt nó táirgeadh na dtáirgí nó na gcóras sin;
 - (c) bainistiú, rialú nó oibriú na dtáirgí nó na gcóras sin;
 - (d) forbairt, cothabháil, oibriú nó nuashonrú a mbogearraí.

Airteagal 28d
Tionscnamh AE

1. Chun críocha Airteagail 25a, 26 agus 28a agus 28c, tagraíonn ábhar de thionscnamh AE d'ábhar atá de thionscnamh an Aontais.
2. Cinnfear tionscnamh táirgí agus comhpháirteanna i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa.

Airteagal 28e

Ábhar atá coibhéiseach le hábhar de thionscnamh AE sa soláthar poiblí

1. Maidir leis na ceanglais i ndáil le tionscnamh AE dá dtagraítear in Airteagal 25a, measfar gur de thionscnamh an Aontais é ábhar de thionscnamh tríú tíortha a bhfuil comhaontú tugtha i gcrích ag an Aontas leo lena mbunaítear limistéar saorthrádála nó aontas custaim, nó atá ina bpáirtithe sa Chomhaontú maidir le Soláthar Rialtais, i gcás ina bhfuil oibleagáidí ábhartha ar an Aontas faoin gcomhaontú sin.
2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 44 chun tríú tír a eisiáimh, go hiomlán nó go páirteach, ó raon feidhme mhír 1 bunaithe ar aon cheann de na critéir seo a leanas:

- (e) ní dhearna an tríú tír sin cóireáil náisiúnta a sholáthar a bhaineann le táirgí nó eintitis de chuid an Aontais faoi na comhaontuithe dá dtagraítear i mír 1 i ndáil le haon cheann de na teicneolaíochtaí glan-nialasachta a liostaítear in Airteagal 4, pointe (1);
- (f) tá údar leis an eisiamh sin ionas go seachnófar spleáchais nó aon fhorbairt eile a d'fhéadfadh slándáil soláthair na dtáirgí atá i gceist san Aontas a chur i mbaol;
- (g) tá údar leis an eisiamh sin faoi aon eisceacht eile faoin gcomhaontú is infheidhme.

Airteagal 28f

Ábhar atá coibhéiseach le hábhar de thionscnamh AE i gceantanna

3. Maidir leis na ceanglais i ndáil le tionscnamh AE dá dtagraítear in Airteagal 26, measfar gur de thionscnamh an Aontais é ábhar de thionscnamh tríú tíortha a bhfuil comhaontú tugtha i gcrích ag an Aontas leo lena mbunaítear limistéar saorthrádála nó aontas custaim.
4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 44 chun tríú tír a eisiamh, go hiomlán nó go páirteach, ó raon feidhme mhír 1 bunaithe ar aon cheann de na critéir seo a leanas:
 - (h) ní dhearna an tríú tír sin cóireáil náisiúnta a sholáthar a bhaineann le táirgí nó eintitis de chuid an Aontais faoi na comhaontuithe dá dtagraítear i mír 1 i ndáil le haon cheann de na teicneolaíochtaí glan-nialasachta a liostaítear in Airteagal 4, pointe (1);
 - (i) tá údar leis an eisiamh sin ionas go seachnófar spleáchais nó aon fhorbairt eile a d'fhéadfadh slándáil soláthair na dtáirgí atá i gceist san Aontas a chur i mbaol;
 - (j) tá údar leis an eisiamh sin faoi aon eisceacht eile faoin gcomhaontú is infheidhme.

Airteagal 28g

Ábhar atá coibhéiseach le hábhar de thionscnamh AE i bhfoirmeacha eile idirghabhála poiblí

1. Maidir leis na ceanglais i ndáil le tionscnamh AE a leagtar amach in Airteagal 28a, measfar gur de thionscnamh an Aontais é ábhar de thionscnamh tríú tíortha a bhfuil comhaontú tugtha i gcrích ag an Aontas leo lena mbunaítear limistéar saorthrádála nó aontas custaim.
2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 44 chun tríú tír a eisiamh, go hiomlán nó go páirteach, ó raon feidhme mhír 1 bunaithe ar aon cheann de na critéir seo a leanas:
 - (k) ní dhearna an tríú tír sin cóireáil náisiúnta a sholáthar a bhaineann le táirgí nó eintitis de chuid an Aontais faoi na comhaontuithe dá dtagraítear i mír 1 i ndáil le haon cheann de na teicneolaíochtaí glan-nialasachta a liostaítear in Airteagal 4, pointe (1);
 - (l) tá údar leis an eisiamh sin ionas go seachnófar spleáchais nó aon fhorbairt eile a d'fhéadfadh slándáil soláthair na dtáirgí atá i gceist san Aontas a chur i mbaol;

- (m) tá údar leis an eisiámh sin faoi aon eisceacht eile faoin gcomhaontú is infheidhme.

Airteagal 28h

Cumhachtaí a tharmligean

1. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 44 chun na ceanglais maidir le tionscnamh AE a leagtar síos in Iarscríbhinn II a leasú, agus na critéir seo a leanas á gcur san áireamh:
 - (a) staid an mhargaidh ar leibhéal an Aontais lena n-áirítear sciartha an Aontais den mhargadh a bheith ag dul i laghad agus tionscal an Aontais a bheith ag táirgeadh faoi bhun acmhainneachta;
 - (b) rannchuidiú na gceanglas le cuspóir an Aontais maidir le hord poiblí, slándáil eacnamaíoch, athléimneacht agus aeráidneodracht a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119;
 - (c) dul chun cinn teicneolaíochta;
 - (d) an t-éileamh ar na teicneolaíochtaí glan-nialasachta ábhartha;
 - (e) an tionchar a d'imreodh socrú ceanglas maidir le tionscnamh AE ar iomaíochas foriomlán agus ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na n-earnálacha ábhartha.
2. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun Iarscríbhinn II a fhorlíonadh le ceanglais maidir le tionscnamh AE i ndáil le táirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta sonracha breise dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointí (g), (h), (j), (k), (n), (p), agus (s), agus i ndáil le teicneolaíochtaí grianteasa dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (a), teicneolaíochtaí timthrialla breosla núicléach dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (i) agus teicneolaíochtaí tiomána leictirí le haghaidh iompair dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (r), a cheanglófar i gcomhréir le hAirteagail 25a, 26, 28a agus 28c. Agus an méid sin á dhéanamh ag an gCoimisiún, cuirfidh sé na critéir seo a leanas san áireamh:
 - (a) staid an mhargaidh ar leibhéal an Aontais, mar a shainithnítear trí ghníomhaíochtaí faireacháin, lena n-áirítear sciartha an Aontais den mhargadh a bheith ag dul i laghad agus tionscal an Aontais a bheith ag táirgeadh faoi bhun acmhainneachta;
 - (b) rannchuidiú na gceanglas le cuspóir an Aontais maidir le hord poiblí, slándáil eacnamaíoch, athléimneacht agus aeráidneodracht;
 - (c) an tionchar a d'imreodh socrú ceanglas maidir le tionscnamh AE, ceanglas ísealcharbóin, nó an dá rud, ar iomaíochas foriomlán agus ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na n-earnálacha ábhartha, agus ar chostais iartheachacha do thomhaltóirí agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus ar bhuiséid phoiblí.
 - (d) an t-éileamh ar na táirgí nó na teicneolaíochtaí ábhartha.
1. Leis na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 2 leagfar amach na nithe seo a leanas:
 - (a) na táirgí agus na comhpháirteanna ar maidir leo a bheidh feidhm ag na híoscheanglais maidir le tionscnamh AE;

- (b) raon feidhme chur i bhfeidhm na n-íoscheanglas maidir le tionscnamh AE;
- (7) Leasaítear Airteagal 42 mar a leanas:
- (a) cuirtear isteach an mhír 2a a leanas:
- ‘2a. Na Ballstáit, údaráis phoiblí, údaráis soláthair agus eintitis soláthair a chuireann Caibidil IV den Rialachán seo i bhfeidhm, tuairisceoidh siad ar chur i bhfeidhm díolúintí i gcomhréir le forálacha na Caibidle sin.’
- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:
- ‘3. I gcás nach bhfuil siad san áireamh cheana sna pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide, ná i gcomhréir leis na gnéithe de na pleananna sin, cuirfidh gach Ballstát tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin, faoin 15 Márta 2027 agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, ina leagfar amach na sonraí dá dtagraítear i míreanna 2 agus 2a.’;
- (8) Cuirtear an Iarscríbhinn II seo a leanas isteach:

‘IARSCRÍBHINN II

Ceanglais maidir le tionscnamh AE i ndáil le teicneolaíochtaí glan-nialasachta

Cuid I – Soláthar poiblí

1. I gcomhréir le hAirteagal 25a, maidir le nósanna imeachta soláthair phoiblí a fhoilsítear tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a thagann faoi raon feidhme Threoracha 2014/23/AE, 2014/24/AE nó 2014/25/AE i gcás ina n-áirítear soláthar na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta seo a leanas i gconarthaí, i gconarthaí oibreacha nó i lamháltais oibreacha, áireofar i ndoiciméid soláthair na ceanglais a leagtar síos thíos:
 - (a) Córais stórála fuinnimh i gceallraí:

Ón [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 1 bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] go dtí an [3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], beidh na córais stórála fuinnimh i gceallraí de thionscnamh an Aontais agus, i gcás tionscadail lena n-áirítear stóráil fuinnimh i gceallraí is mó ná 1 mheigeavatuair, áireofar iontu córas bainistithe ceallraí ar de thionscnamh an Aontais é.

Ón [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], is de thionscnamh an Aontais a bheidh an córas stórála fuinnimh i gceallraí agus áireofar ann cealla ceallraí, córas bainistithe ceallraí agus príomh-chomhpháirt shonrach bhreise amháin ar de thionscnamh an Aontais iad.
 - (b) Teicneolaíochtaí fótavoltacha gréine: Ón [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], beidh an t-inbhéartóir fótavoltach agus na cealla fótavoltacha nó a gcoibhéis de thionscnamh an Aontais.
 - (c) Teaschaidéil hidreanacha: Ón [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] beidh an teaschaidéal hidreanach de thionscnamh an Aontais.
 - (d) Teicneolaíochtaí gaoithe ar talamh agus amach ón gcósta:

Ón [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 1 bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] go dtí an [Oifig na bhFoilseachán,

cuir isteach an dáta = 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], beidh príomh-chomhpháirt shonrach amháin de thionscnamh an Aontais.

Ón [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], beidh dhá phríomh-chomhpháirt shonracha de thionscnamh an Aontais.

(e) Teicneolaíochtaí eamhnaithe núicléach:

I gcás nósanna imeachta soláthair phoiblí a fhoilsítear tar éis an [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] i gcás ina n-áirítear i gconarthaí oibreacha nó i lamháltais oibreacha tógáil gléasra cumhachta núicléiche nuathógtha, lena n-áirítear imoibreoirí núicléacha modúlacha beaga, beidh dhá phríomh-chomhpháirt shonracha ar a laghad de thionscnamh an Aontais.

I gcás nósanna imeachta soláthair phoiblí a fhoilsítear tar éis an [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 6 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] i gcás ina n-áirítear i gconarthaí oibreacha nó i lamháltais oibreacha tógáil gléasra cumhachta núicléiche nuathógtha, lena n-áirítear imoibreoirí núicléacha modúlacha beaga, beidh trí phríomh-chomhpháirt shonracha ar a laghad de thionscnamh an Aontais.

Ní bheidh feidhm ag na ceanglais sin maidir le tionscadail taighde, forbartha agus nuálaíochta ina gcuirtear gléasraí cumhachta núicléiche in úsáid thionsclaíoch den chéad uair.

Cuid II – Ceantanna

I gcomhréir le hAirteagal 26, i gcás ina mbeidh na teicneolaíochtaí glan-nialasachta seo a leanas ina gcuid d'ábhar na gceantanna, áireoidh na Ballstáit na critéir réamhcháiliúcháin nó dhámhachtana a leagtar síos thíos:

(a) Córais stórála fuinnimh i gceallraí:

I gcás ceantanna a fhoilsítear ón [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 1 bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] go dtí an [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], beidh an córas stórála fuinnimh i gceallraí de thionscnamh an Aontais agus, i gcás tionscadail lena n-áirítear stóráil fuinnimh i gceallraí is mó ná 1 mheigeavatuair, áireofar ann córas bainistithe ceallraí ar de thionscnamh an Aontais é.

I gcás ceantanna a fhoilsítear tar éis an [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], is de thionscnamh an Aontais a bheidh an córas stórála fuinnimh i gceallraí agus áireofar ann cealla ceallraí, córas bainistithe ceallraí agus príomh-chomhpháirt shonrach bhreise amháin ar de thionscnamh an Aontais í.

(b) Teicneolaíochtaí fótavoltacha gréine: I gcás ceantanna a fhoilsítear tar éis an [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], beidh an t-inbhéartóir fótavoltach agus na cealla fótavoltacha nó a gcoibhéis de thionscnamh an Aontais.

(c) Hidrigin:

I gcás ceantanna a fhoilsítear tar éis an [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 1 bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], is de thionscnamh an Aontais a bheidh na leictrealóirí a úsáidtear chun an hidrigin a tháirgeadh, agus beidh na cruacha chomh maith le príomh-chomhpháirt shonrach bhreise amháin de thionscnamh an Aontais.

I gcás ceantanna a fhoilsítear tar éis an [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], beidh na leictrealóirí a úsáidtear chun an hidrigin a tháirgeadh de thionscnamh an Aontais, agus beidh na cruacha chomh maith le dhá phríomh-chomhpháirt shonracha bhreise de thionscnamh an Aontais.

(d) Teicneolaíochtaí gaoithe ar talamh agus amach ón gcósta:

I gcás ceantanna a fhoilsítear tar éis an [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 1 bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] go dtí an [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], is de thionscnamh an Aontais a bheidh príomh-chomhpháirt shonrach amháin den tuirbín gaoithe.

I gcás ceantanna a fhoilsítear tar éis an [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], is de thionscnamh an Aontais a bheidh dhá phríomh-chomhpháirt shonracha den tuirbín gaoithe.

Cuid III – Cineálacha eile idirghabhála poiblí

I gcomhréir le hAirteagal 28b, agus cinneadh á dhéanamh scéimeanna nua a bhunú nó scéimeanna atá ann cheana a nuashonrú, ar scéimeanna iad a théann chun tairbhe do theaghlaigh nó do chuideachtaí a thacaíonn leis an éileamh ar tháirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta a liostaítear sa mhír seo, déanfaidh na Ballstáit, údaráis réigiúnacha nó áitiúla, comhlachtaí poiblí nó comhlachais arna bhfoirmiú ag údarás amháin nó níos mó den sórt sin nó ag comhlacht poiblí amháin nó níos mó den sórt sin na scéimeanna a cheapadh ar bhealach a áiríteoidh nach mbeidh tairbhíthe incháilithe don scéim nó do chúiteamh airgeadais breise ach amháin i gcás ina gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos thíos:

(a) Córais stórála fuinnimh i gceallraí:

I gcás scéimeanna a bhunaítear nó a nuashonraítear idir an [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 1 bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus an [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], is de thionscnamh an Aontais a bheidh na córais stórála fuinnimh i gceallraí agus, i gcás tionscadail lena n-áirítear stóráil fuinnimh i gceallraí is mó ná 1 mheigeavatuair, áireofar iontu córas bainistithe ceallraí ar de thionscnamh an Aontais é.

I gcás scéimeanna a bhunaítear nó a nuashonraítear ón [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], is de thionscnamh an Aontais a bheidh an córas stórála fuinnimh i gceallraí agus áireofar ann cealla ceallraí, córas bainistithe ceallraí agus príomh-chomhpháirt shonrach bhreise amháin ar de thionscnamh an Aontais iad.

- (b) Teicneolaíochtaí fótavoltacha gréine: I gcás scéimeanna a bhunaítear nó a nuashonraítear ón [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], beidh an t-inbheartóir fótavoltach agus na cealla fótavoltacha nó a gcoibhéis de thionscnamh an Aontais.
- (c) Teaschaidéil hidreanacha: I gcás scéimeanna a bhunaítear nó a nuashonraítear ón [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], beidh an teaschaidéal hidreanach de thionscnamh an Aontais.

IV – Tacaíocht ó na Ballstáit chun teicneolaíochtaí glan-nialasachta a thógáil nó a mhonarú

I gcomhréir le hAirteagal 28c, agus na Ballstáit ag tacú le tógáil nó monarú na dtáirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta seo a leanas, áiritheoidh siad go gcomhlíonfar na ceanglais maidir le tionscnamh AE a leagtar síos thíos:

(a) Hidrigin:

Ón [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 1 bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], i gcás ina mbeidh na Ballstáit ag bunú scéimeanna nua tacaíochta um infheistíochtaí chun tacú le hacmhainneacht mhonaraíochta leictrealóirí, áiritheoidh siad gur de thionscnamh an Aontais a bheidh an leictrealóir agus gur de thionscnamh an Aontais a bheidh an chruach agus príomh-chomhpháirt shonrach bhreise amháin ar a laghad den leictrealóir de thionscnamh an Aontais.

Ón [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 3 bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], i gcás ina mbeidh na Ballstáit ag bunú scéimeanna nua tacaíochta um infheistíochtaí chun tacú le hacmhainneacht mhonaraíochta leictrealóirí, áiritheoidh siad gur de thionscnamh an Aontais a bheidh an leictrealóir agus gur de thionscnamh an Aontais a bheidh an chruach agus dhá phríomh-chomhpháirt shonracha bhreise ar a laghad den leictrealóir.

(b) Núicléach:

I gcás tionscadail ar ina leith a dhéantar an t-iarratas ar thacaíocht tar éis an [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], i gcás ina mbeidh na Ballstáit ag tacú le tógáil gléasraí cumhachta núicléiche nuathógtha, lena n-áirítear imoibreoirí núicléacha modúlacha beaga, áiritheoidh siad gur de thionscnamh an Aontais a bheidh dhá phríomh-chomhpháirt shonracha ar a laghad de tháirgí deiridh na teicneolaíochta eamhnaithe núicléach.

I gcás tionscadail ar ina leith a dhéantar an t-iarratas ar thacaíocht tar éis an [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 6 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], i gcás ina mbeidh na Ballstáit ag tacú le tógáil gléasraí cumhachta núicléiche nuathógtha, lena n-áirítear imoibreoirí núicléacha modúlacha beaga, áiritheoidh siad gur de thionscnamh an Aontais a bheidh trí phríomh-chomhpháirt shonracha ar a laghad de tháirgí deiridh na teicneolaíochta eamhnaithe núicléach.

Ní bheidh feidhm ag na ceanglais sin maidir le tionscadail taighde, forbartha agus nuálaíochta ina gcuirtear gléasraí cumhachta núicléiche in úsáid thionsclaíoch den chéad uair.

Airteagal 35

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2024/3110

In Airteagal 22(9) de Rialachán (AE) 2024/3110, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Chun trédhearcacht a áirithiú d’úsáideoirí agus chun táirgí inbhuanaithe a chur chun cinn, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 89 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh, trí cheanglais shonracha maidir le lipéadú inbhuanaitheachta comhshaoil a bhunú le haghaidh finte táirgí áirithe agus catagóirí táirgí áirithe.’.

Airteagal 36

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagail 4 agus 5 ón [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = [1 bhliain amháin] tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

RÁITEAS REACTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

1.	LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH.....	3
1.1.	Teideal an togra/tionscnaimh	3
1.2.	Réimsí beartais lena mbaineann.....	3
1.3.	Cuspóirí.....	3
1.3.1.	Cuspóirí ginearálta	3
1.3.2.	Cuspóirí sonracha.....	3
1.3.3.	An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann.....	3
1.3.4.	Táscairí feidhmíochta.....	3
1.4.	Baineann an togra/tionscnaimh le:	4
1.5.	Foras an togra/tionscnaimh	4
1.5.1.	Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh	4
1.5.2.	Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluch sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.	4
1.5.3.	Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart	4
1.5.4.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile	5
1.5.5.	Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh.....	5
1.6.	Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige	6
1.7.	Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme	6
2.	BEARTA BAINISTÍOCHTA.....	8
2.1.	Rialacha faireacháin agus tuairiscithe.....	8
2.2.	Córais bainistíochta agus rialaithe	8
2.2.1.	An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe	8
2.2.2.	Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú.....	8
2.2.3.	Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)	8

2.3.	Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc.....	9
3.	AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH	10
3.1.	Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar.....	10
3.2.	An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe	12
3.2.1.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	12
3.2.1.1.	Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	12
3.2.1.2.	Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha	17
3.2.2.	An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	22
3.2.3.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe riaracháin	24
3.2.3.1.	Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	24
3.2.3.2.	Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha	24
3.2.3.3.	Iomlán na leithreasuithe	24
3.2.4.	Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach.....	25
3.2.4.1.	Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	25
3.2.4.2.	Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha	26
3.2.4.3.	Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach	26
3.2.5.	Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha	28
3.2.6.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha	28
3.2.7.	Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe.....	28
3.3.	An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam	29
4.	GNÉITHE DIGITEACHA.....	29
4.1.	Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha.....	30
4.2.	Sonraí	30
4.3.	Réitigh dhigiteacha.....	31
4.4.	Measúnú idir-inoibritheachta	31
4.5.	Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach	32

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le creat beart a bhunú chun dlús a chur leis an acmhainneacht thionsclaíoch agus leis an dícharbónú in earnálacha straitéiseacha agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724, Rialachán (AE) 2024/1735 agus Rialachán (AE) 2024/3110 (an Gníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht).

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

An Margadh Aonair, Iomaíochas, Aeráid.

1.3. Cuspóirí

1.3.1. Cuspóirí ginearálta

Is é an cuspóir ginearálta táirgeadh tionsclaíoch dícharbónaithe athléimneach i dtionscal monaraíochta an Aontais a mhéadú, agus aird ar leith á tabhairt ar thionscail dianfhuinnimh agus ar theicneolaíochtaí glana, i bhfianaise a mhéid a rannchuidíonn siad le hiomaíochas, slándáil eacnamaíoch agus fás eacnamaíoch inbhuanaithe na hEorpa, i gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan.

1.3.2. Cuspóirí sonracha

Cuspóir sonrach Uimh. 1

Difreáil a éascú do tháirgí tionsclaíocha ísealcharbóin chun a luach agus a n-indíoltacht a mhéadú.

Cuspóir sonrach Uimh. 2

Borradh a chur faoin éileamh ar tháirgí ísealcharbóin Eorpacha agus ar theicneolaíocht ghlan.

Cuspóir sonrach Uimh. 3

Cáilíocht agus tairbhí na hinfheistíochta coigríche san Aontas a uasmhéadú.

Cuspóir sonrach Uimh. 4

Ceadanna le haghaidh dícharbónú tionsclaíoch a bhrostú agus a shimpliú

Cuspóir sonrach Uimh. 5

Tionscadail infheistíochta a mhéadú i limistéir tionsclaíocha.

1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Tionchair eacnamaíocha

Trí lipéad comhchuibhithe ísealcharbóin le haghaidh táirgí tionsclaíocha agus sásra fíorúcháin a thabhairt isteach, cuirfear feabhas ar thrédhearcacht an mhargaidh, rud a thabharfadh caoi do tháirgeoirí luach a ghabháil le haghaidh táirgeadh níos glaine agus iomaíocht a spreagadh bunaithe ar fheidhmíocht seachas ar chostas amháin. Cruthóidh sé deiseanna nua tráchtála do mhonaróirí an Aontais, feabhsóidh sé an

difreáil praghais i margaí idirnáisiúnta agus meallfaidh sé infheistíocht phríobháideach i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin.

Tríd an sciar táirgí de dhéantús an Aontais agus táirgí ísealcharbóin sa tomhaltas baile a mhéadú, cuirfidh an beart borradh faoin éileamh laistigh de mhargadh na hEorpa, neartóidh sé an t-iomaíochas tionsclaíoch agus laghdóidh sé an spleáchas ar roghanna malartacha ardcharbóin nó allmhairithe. Trí mhargaí tosaigh a chruthú le haghaidh cruach ísealcharbóin, stroighne agus teicneolaíochtaí glana, cuirfear dlús le barainneachtaí scála agus spreagfar tuilleadh infheistíochta.

Trí chomhfhiontair agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha a spreagadh a ghinfidh breisluach Eorpach, méadófar an t-aistriú eolais, an nuálaíocht thionsclaíoch agus an cheannasacht theicneolaíoch. Cuirfidh sé feabhas ar shlándáil an tsabhra soláthair, déanfaidh sé foinsí ionchuir a éagsúlú agus cuirfidh sé feabhas ar athléimneacht éiceachórais thionsclaíocha an Aontais.

Trí amanna ceadaithe a laghdú, laghdófar moilleanna ar thionscadail agus laghdófar costais mhaoiniúcháin, rud a neartóidh an timpeallacht infheistíochta le haghaidh dícharbónú tionsclaíoch. Le formheasanna níos tapúla, cuirfear dlús le cur in úsáid bonneagair fuinnimh ghlain, saoráidí gabhála carbóin agus tionscadal leictriúcháin, rud a spreagfaidh táirgiúlacht thionsclaíoch agus forbairt réigiúnach.

Trí thacú le líon níos airde cinntí infheistíochta críochnaitheacha (CICanna) i réimsí tionsclaíocha, spreagfar foirmiú caipitil, déanfar nuachóiriú ar shaoráidí atá ann cheana agus meallfar cistiú príobháideach comhlántach. Trí infheistíocht a chomhchruinniú i mbraislí tionsclaíocha, ginfear barainneachtaí scála agus neartófar an t-iomaíochas réigiúnach.

Tionchair shóisialta

An lipéad maidir le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa táirgí tionsclaíocha, neartóidh sé muinín na dtomhaltóirí agus na gceannaitheoirí as táirgí ísealcharbóin, rud a thacóidh le fostaíocht oilte i seirbhísí fíorúcháin, tástála agus deimhniúcháin. Trí luach saothair a thabhairt don nuálaíocht, cuideoidh sé le poist thionsclaíocha ardchaighdeán a chothú agus le huas-sciliú agus athsciliú a chothú ar fud na slabhraí soláthair monaraíochta.

Cuideoidh éileamh méadaithe an Aontais le poist ardcháilíochta a chaomhnú agus a chruthú i réigiúin mhonaraíochta atá ag aistriú chuig tionscail ísealcharbóin. Cuirfidh sé feabhas freisin ar chomhtháthú réigiúnach trí ationsclú a chothú i limistéir atá buailte, agus costais choigeartaithe á maolú d'oibrithe an tráth céanna trí ionchais táirgeachta chobhsaí.

Cruthóidh infheistíochtaí agus comhpháirtíochtaí coigríche ardcháilíochta deiseanna nua fostaíochta, go háirithe i ndeighleoga ardmhonaraíochta agus diantaighde. Neartóidh siad freisin an comhar idir cuideachtaí AE agus neamh-AE, rud a chuirfidh oiliúint agus malartú scileanna an lucht saothair chun cinn.

. Leis an bhfeabhas a chuirfear ar thrédhearcacht agus ar uirlisí digiteacha, méadófar muinín agus rannpháirtíocht na saoránach i dtionscadail thionsclaíocha áitiúla.

Le gníomhaíocht thionsclaíoch mhéadaithe i láithreáin atá ann cheana, ginfear fostaíocht chobhsaí agus neartófar slabhraí soláthair áitiúla, agus íoslaghdófar an cur isteach sóisialta an tráth céanna trí leas a bhaint as láithreáin athfhorbraíochta agus trí

na scileanna atá ag an lucht saothair cheana a ghíaráil. Tacóidh braisliú tionsclaíoch le cóineasú agus athléimneacht réigiúnach.

Tionchair chomhshaoil

Le creat lipéadaithe iontaofa inchomparáide, dreasófar laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud na slabhraí luacha tionsclaíocha. Spreagfaidh sé feabhas leanúnach ar dhearadh táirgí, ar úsáid ábhar agus ar éifeachtúlacht fuinnimh, rud a chuideoidh leis an tionscal an cuspóir aeráidneodrachta a bhaint amach.

Trí cheanglais ísealcharbóin a thabhairt isteach, spreagfar laghduithe móra ar astaíochtaí sna hearnálacha foirgníochta agus iompair de bharr táirgí ísealcharbóin a bheith á nglacadh níos mó. Comhlánaíonn an cur chuige éileamh-bhunaithe sin an nuálaíocht ar thaobh an tsoláthair, rud a chuireann dlús le dícharbónú foriomlán gheilleagar na hEorpa.

Le próisis cheadúcháin níos giorra agus níos intuatha, cuirfear dlús le cur in úsáid teicneolaíochtaí ísealcharbóin agus uasghráduithe comhshaoil, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann astaíochtaí a laghdú níos luaithe agus a rannchuideoidh le spriocanna aeráide idirmheánacha an Aontais.

Trí thionscadail nua a chomhchruinniú laistigh de limistéir thionsclaíocha, cuireann an beart úsáid éifeachtúil fuinnimh agus acmhainní nádúrtha chun cinn, agus cumasaíonn sé bonneagar comhroinnte le haghaidh gabháil CO₂, fuinneamh in-athnuaite agus athchúrsáil dramhaíola. Cuireann an cur chuige sin an fás tionsclaíoch i gcomhréir le prionsabail chosaint an chomhshaoil agus an gheilleagair chiorclaigh.

1.3.4. Táscairí feidhmíochta

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Leis an líon deimhnithe lipéid ísealcharbóin a dhámhfar le haghaidh táirgí tionsclaíocha ábhartha, tomhaisfear an dul chun cinn maidir le creat iontaofa trédhearcach a chruthú lena dtabharfar caoi do tháirgeoirí a dtáirgí a dhifreáil bunaithe ar fheidhmíocht charbóin. Léireoidh sé an dul chun cinn atá déanta ag an Aontas maidir lena chur faoi deara go mbeidh táirgí tionsclaíocha ísealcharbóin infheicthe, infhíoraithe agus inchomparáide ar an margadh, agus ar an gcaoi sin go neartófar a n-iomaíochas agus a gcruthú luacha.

Leis an sciar táirgeachta de dhéantús an Aontais agus an sciar táirgeachta ísealcharbóin i dtomhaltas an Aontais i gcás táirgí ábhartha, gabhfar an cion d'ábhair ghlana arna dtáirgeadh sa bhaile in éileamh foriomlán an Aontais. Léiríonn sé an bhfuil bearta ar thaobh an éilimh, amhail soláthar poiblí, dreasachtaí infheistíochta agus critéir maidir le hábhar de thionscnamh an Aontais, ag spreagadh go héifeachtach glacadh táirgí ísealcharbóin agus táirgí atá déanta san Eoraip. Léireoidh sciar atá ag dul i méid go bhfuil margaí tosaigh láidre ag teacht chun cinn san Aontas le haghaidh earraí tionsclaíocha glasa agus cuirfidh sé le fios go bhfuil an spleáchas ar allmhairí ardcharbóin ag dul i laghad.

Leis an líon comhfhiontar in earnálacha ábhartha lena gcruthaítear breisluch Eorpach, nuálaíocht agus athléimneacht thionsclaíoch, tomhaisfear leibhéal na gcomhpháirtíochtaí tionsclaíocha ardcháilíochta idir gníomhaithe AE agus neamh-AE a rannchuidíonn le haistriú teicneolaíochta, nuálaíocht agus slabhraí soláthair slána. Léiríonn an táscaire sin an rath a bhí ar an nGníomh um Dhlús a chur

leis an Tionsclaíocht maidir le hinfheistíocht choigríche inbhuanaithe ‘ardcháilíochta’ a mhealladh agus comhar a chur chun cinn lena neartaítear bonn tionsclaíoch an Aontais. Tá méaduithe ar fhiontair den sórt sin ina léiriú ar éiceachóras tionsclaíoch níos athléimní agus níos nuálaí a choinníonn luach níos mó laistigh den Eoraip.

Leis an meán-am ceadaithe do thionscadail dícharbónúcháin thionsclaíoch, rianófar éifeachtúlacht nósanna imeachta riaracháin ar fud na mBallstát. Tomhaiseann sé an fad a thógann sé ar údarais inniúla iarratais ar thionscadail dícharbónúcháin thionsclaíoch, lena n-áirítear naisc eangaí agus fuinnimh ghlain, a phróiseáil agus a fhormheas. Le laghdú ar mheán-amanna ceadaithe, léireofar go bhfuil na bearta um chuíchóiriú, comhordú agus digitiú a thugtar isteach faoin nGníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht ag cur dlús éifeachtach leis an infheistíocht agus ag laghdú bacainní maorlathacha do chuideachtaí.

An líon CICanna maidir le tionsclaíocht a dhéanfar i dtionscail ábhartha, beidh sé ina tháscaire díreach ar dhul chun cinn infheistíochta agus ar mhuinín ghnó in aistriú tionsclaíoch an Aontais. Léiríonn sé a mhéid atá caipiteal á ghealladh ag cuideachtaí do thionscadail dícharbónúcháin nua nó uasghrádaithe, go háirithe laistigh de limistéir agus braislí tionsclaíocha atá ann cheana. Leis an méadú ar an líon CICanna a dhéantar, léireofar go bhfuil tionscadail nithiúla mar thoradh ar an gcreat a bhunaítear leis an nGníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht agus go bhfuil an creat ag tacú le cruthú post, le hationsclú réigiúnach agus le cur in úsáid níos tapúla teicneolaíochtaí glana ar fud na hEorpa.

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

☒ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal / réamhbheart⁶⁹

☐ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.5. Foras an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh

Freagraíonn an togra don ghá práinneach atá le dlús a chur leis an dícharbónú tionsclaíoch agus iomaíochas monaraíochta na hEorpa a neartú i gcomhthéacs na hiomaíochta teicneolaíche domhanda agus riachtanas infheistíochta atá ag dul i méid. Is é is aidhm don tionscnamh deireadh a chur le bacainní a chuireann moill ar infheistíocht i dtáirgeadh tionsclaíoch ísealcharbóin athléimneach agus sláine an Mhargaidh Aonair a áirithiú agus é ag aistriú i dtreo na haeráidneodrachta.

⁶⁹ Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

- 1.5.2. *Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluch sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (ex ante)

Téann dúshláin an dícharbónúcháin thionsclaíoch agus na hathléimneachta thar theorainneacha náisiúnta. Tá an baol ann go ndéanfar an Margadh Aonair a ilroinnt agus bonn tionsclaíoch na hEorpa a lagú de dheasca sainmhínte éagsúla ar tháirgí ísealcharbóin, bearta neamhchomhordaithe ar thaobh an éilimh agus nósanna imeachta ceadaithe neamhréireacha. Is le gníomhaíocht chomhordaithe ar leibhéal an Aontais agus leis sin amháin is féidir cothrom iomaíochta a ráthú, atreorú infheistíochta a chosc agus a áirithiú go dtreiseoidh beartais aeráide agus thionsclaíocha a chéile. Gníomhaíonn an Rialachán faoi Airteagal 114 CFAE chun feidhmiú an mhargaidh aonair a chaomhnú agus, i gcás inarb ábhartha, faoi Airteagal 207 CFAE chun comhleanúnachas a áirithiú maidir le bearta a bhaineann le hinfeistíocht choigríche.

Breisluch AE a mheastar a ghinfear (ex post)

Ginfidh idirghabháil an Aontais tairbhí marthanacha trí bharrainneachtaí scála, costais idirbhirt níos ísle agus deimhneacht dhlíthiúil fheabhsaithe d’infheisteoirí agus d’údaráis. Neartóidh sé cumas na hEorpa táirgí ísealcharbóin a mhonarú, infheistíocht inbhuanaithe a mhealladh agus dlús a chur le cur chun feidhme tionscadal. Le critéir chomhchuibhithe, uirlisí digiteacha comhroinnte agus prionsabail cheadaithe chomhsheasmhacha, laghdófar an t-ualach riaracháin agus soláthrófar dálaí aonfhoirmeacha margaidh ó Bhallstát go chéile an tráth céanna.

- 1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Léiríonn taithí ón nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta (NZIA), ón nGníomh um Amhábhair Chriticiúla (CRMA) agus ón Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe (ESPR) go gcuirtear dlús le hinfeistíocht ar bhonn intomhaiste le hionstraimí spriocdhírithe de chuid an Mhargaidh Aonair lena gcomhcheanglaítear sainmhínte comhchoiteanna, dreasachtaí ar thaobh an éilimh agus simpliú riaracháin. Léiríonn na fasaigh sin a éifeachtaí atá creataí rialála soiléire agus comhordú struchtúrtha idir an Coimisiún agus na Ballstáit. Leis an nGníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht, cuirtear na ceachtanna sin i bhfeidhm go sonrach maidir le tionscail dianfhuinnimh agus monaraíocht teicneolaíochta fuinnimh ghlain, agus maidir le comhpháirteanna feithicle, lena n-áirithítear comhleanúnachas leis na hionstraimí atá ann cheana agus lena seachnaítear forluí rialála.

- 1.5.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

